

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

C 160



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

5 Bealtaine 2023

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 160/01	Fógra ón gCoimisiún maidir le láimhseáil shimplithe comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú	1
2023/C 160/02	Teachtaireacht ón gCoimisiún — Teachtaireacht de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 13(3), Airteagal 20 agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún	11

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 160/03	Rátaí malairte an euro — 4 Bealtaine 2023	14
---------------	---	----

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

2023/C 160/04	Teachtaireacht ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón	15
2023/C 160/05	Teachtaireacht ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón	28

GA

2023/C 160/06	Cumarsáid ó Rialtas Phoblacht na Polainne i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón	40
2023/C 160/07	Cumarsáid ó Rialtas Phoblacht na Polainne i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón	52

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 160/08	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11111 — UBS / CREDIT SUISSE) ⁽¹⁾	63
---------------	--	----

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 160/09	Foilsíú iarratais ar fhorhmeas ar leasú, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	65
2023/C 160/10	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas a dhéanamh ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	89
2023/C 160/11	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí	97

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le láimhseáil shimplithe comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón
gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú**

(2023/C 160/01)

I. RÉAMHRÁ

1. Is léir ón taithí a fuair an Coimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾ á chur i bhfeidhm aige nach dócha i gcoitinne go n-eascróidh ábhair inní i ndáil le hiomaíocht as catagóirí comhchruinnithe áirithe. Is é is cuspóir don Fhógra seo na coinníollacha a leagan amach faoina ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, ar bhealach cuíchóirithe, ar chomhchruinnithe áirithe agus treoraíocht a sholáthar maidir leis an nós imeachta simplithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/914 an 20 Bealtaine 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (an “Rialachán Cur Chun Feidhme”) ⁽²⁾. Tagann an Fógra seo in ionad an Fhógra ó 2013 ⁽³⁾ agus beidh feidhm aige ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme.
2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú faoin nós imeachta simplithe ar chomhchruinnithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5 den Fhógra seo, ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na coimircí ná de na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo ⁽⁴⁾. Le haghaidh na gcomhchruinnithe sin, glacann an Coimisiún cinneadh gearrfoirme lena ndearbhaítear go bhfuil comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach laistigh de 25 lá oibre ó dháta an fhógra, de bhun Airteagal 6(1)(b) den Rialachán um Chumaisc ⁽⁵⁾. Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún, in imthosca áirithe, úsáid a bhaint as an gclásal solúbthachta a leagtar amach i bpointí 8 agus 9 den Fhógra seo chun athbhreithniú a dhéanamh, faoin nós imeachta simplithe, ar chomhchruinnithe áirithe nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5 den Fhógra seo, ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na coimircí ná de na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C ⁽⁶⁾. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú a sheoladh, cinneadh iomlán a ghlacadh nó an dá rud faoin Rialachán um Chumaisc i leith comhchruinniú atá beartaíthe, fiú más rud é go dtagann an togra faoi na catagóirí san Fhógra seo, go háirithe más rud é go mbeidh feidhm ag aon cheann de na coimircí nó de na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (an “Rialachán um Chumaisc”) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1), atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A32004R0139>.

⁽²⁾ IO L, 119, 5.5.2023, lch. 22.

⁽³⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe chun comhchruinnithe áirithe a láimhseáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (IO C 366, 14.12.2013, lch. 5) atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A52013XC1214%2802%29>.

⁽⁴⁾ Féach Roinn II.C den Fhógra seo.

⁽⁵⁾ Leagtar na ceanglais maidir le fógra amach in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

⁽⁶⁾ Féach Roinn II.C den Fhógra seo.

3. I dtaca le comhchruinnithe áirithe a ndéantar athbhreithniú orthu faoin ngnáthnós imeachta, féadfaidh forlúití cothrománacha ⁽⁷⁾ nó caidrimh ingearacha ⁽⁸⁾ eascairt astu a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5(d) den Fhógra seo. Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag aon choimirce ná eisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo, déanfar measúnú ar na forlúití cothrománacha nó ar chaidrimh ingearacha sin ar bhealach cuíchóirithe (i.e. ar an mbealach céanna agus a dhéantar i gcinneadh gearrfhoirme) i gcinneadh críochnaitheach an Choimisiúin sa ghnáthnós imeachta. Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún, in imthosca áirithe, úsáid a bhaint as an gclásal solúbthachta a leagtar amach i bpointe 8 den Fhógra seo chun measúnú a dhéanamh, ar bhealach cuíchóirithe faoin ngnáthnós imeachta, ar fhorlúití cothrománacha nó ar chaidrimh ingearacha áirithe, ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na coimircí ná de na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo.
4. Ach an nós imeachta a leagtar amach sna ranna II go IV a leanúint, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún rialú an Aontais Eorpaigh um chumasc a dhéanamh níos dírithe agus níos éifeachtaí.

II. CATAGÓIRÍ COMHCHRUINNITHE ATÁ OIRIÚNACH LE LÁIMHSEÁIL FAOIN NÓS IMEACHTA SIMPLITHE

A. Comhchruinnithe incháilithe

5. I bprionsabal, cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm ⁽⁹⁾ an nós imeachta simplithe maidir le haon cheann de na catagóirí comhchruinnithe a leanas ⁽¹⁰⁾.
 - (a) Faigheann dhá ghnóthas nó níos mó comh-urlámhas ar chomhfhiontar, ar choinníoll nach mbeidh aon láimhdeachas reatha nó ionchasach ag an gcomhfhiontar laistigh de chríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) ⁽¹¹⁾, agus nach mbeidh sé beartaithe ag na gnóthais lena mbaineann aon sócmhainn a aistriú laistigh de LEE chuig an gcomhfhiontar tráth an fhógra ⁽¹²⁾;
 - (b) Faigheann dhá ghnóthas nó níos mó comh-urlámhas ar chomhfhiontar, ar choinníoll gur gníomhaíochtaí diomaibhseacha gníomhaíochtaí an chomhfhiontair in LEE. Tagraíonn sé sin do chomhchruinnithe a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (i) i dtaca le láimhdeachas reatha bliantúil an chomhfhiontair agus láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú ⁽¹³⁾ mar aon leis an láimhdeachas bliantúil ionchasach, gur lú ná EUR 100 milliún in LEE an láimhdeachas sin ⁽¹⁴⁾;

⁽⁷⁾ Eascraíonn forlúití cothrománacha as comhchruinniú agus na páirtithe sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh nó sna margáí táirgí agus geografacha ábhartha céanna, lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt. Le forlúití cothrománacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear forlúití cothrománacha idir táirgí píblíne agus forlúití idir aon táirge amháin nó níos mó a mhargaítear agus táirge píblíne amháin nó níos mó. Is éard is táirgí píblíne ann táirgí ar dócha go dtabharfar chun an mhargaidh iad sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Cumhdaítear le “táirgí píblíne” seirbhísí freisin.

⁽⁸⁾ Eascraíonn caidrimh ingearacha as comhchruinniú nuair atá páirtí amháin nó níos mó sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí ina bhfuil aon pháirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach, lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt. Le caidrimh ingearacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear caidrimh idir táirgí píblíne agus caidrimh idir aon táirge amháin nó níos mó a mhargaítear agus aon táirge píblíne amháin nó níos mó.

⁽⁹⁾ Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag aon cheann de na coimircí ná na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo.

⁽¹⁰⁾ I dtaca le comhchruinniú a chomhlíonann na coinníollacha uile d'aon cheann de na catagóirí a luaitear i bpointí 5 (a), (b), (c), (d) nó (e) beidh sé incháilithe i bprionsabal don nós imeachta simplithe. Ní chiallaíonn sé sin áfach go dtairbheoidh idirbheart go huathoibríoch den nós imeachta simplithe má thagann sé faoi cheann de na catagóirí sin. Mar shampla, féadfaidh idirbheart teacht faoi phointe 5(b) ach, an tráth céanna, féadfaidh forlúití cothrománacha eascairt as ar mó iad ná na tairseacha a leagtar síos i bpointe 5(d). I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún filleadh ar an ngnáthnós imeachta um chumasc, go háirithe más rud é gurb ann d'aon cheann de na himthosca a leagtar amach i Roinn II.C.

⁽¹¹⁾ Tagraíonn an téarma “láimhdeachas reatha” do láimhdeachas arna ghiniúint ag an gcomhfhiontar tráth an fhógra. Is féidir láimhdeachas an chomhfhiontair a chinneadh de réir na gcuntas iniúchta is déanaí ó na máthairchuideachtaí, nó ón gcomhfhiontar féin, ag brath ar infhaighteacht cuntas ar leithligh le haghaidh na n-acmhainní arna gcomhcheangal sa chomhfhiontar. Tagraítear leis an téarma “láimhdeachas ionchasach” don láimhdeachas a mheastar a ghinfeadh sna 3 bliana tar éis fógra a thabhairt.

⁽¹²⁾ Aon sócmhainn a aistrítear iarbhrí nó a bhfuil sé beartaithe í a aistriú tráth an fhógra chuig an gcomhfhiontar, ba cheart an tsócmhainn sin a bhreithniú, gan beann ar an dáta a aistreofar an tsócmhainn sin iarbhrí chuig an gcomhfhiontar.

⁽¹³⁾ Cumhdaítear a lán cásanna leis seo. Mar shampla:

- i gcás sprioc-chuideachta a fháil i gcomhpháirt, is é láimhdeachas na sprioc-chuideachta sin (an chomhfhiontar) an láimhdeachas atá le cur san áireamh;
- i gcás comhfhiontar a chruthú lena rannchuidíonn na máthairchuideachtaí a gcuid gníomhaíochtaí, is é láimhdeachas na ngníomhaíochtaí rannchuidithe sin an láimhdeachas atá le cur san áireamh;
- i gcás ina dtiocfaidh páirtí rialaithe nua isteach i gcomhfhiontar atá ann cheana, ní mór láimhdeachas an chomhfhiontair agus láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú ag an máthairchuideachta nua (más ann dóibh) a chur san áireamh.

⁽¹⁴⁾ Féach fonóta 11 chun treoraíocht a fháil maidir le láimhdeachas comhfhiontar a ríomh agus maidir leis na téarmaí láimhdeachas “reatha” agus “ionchasach”.

- (ii) i dtaca le luach iomlán na sócmhainní arna n-aistriú chuig an gcomhfhiontar in LEE agus atá beartaithe ⁽¹⁵⁾ tráth an fhógra, gur lú ná EUR 100 milliún an luach sin ⁽¹⁶⁾.
- (c) Cumascann dhá ghnóthas nó níos mó, nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comh-urlámhas ar ghnóthas eile, ar choinníoll nach bhfuil aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh ábhartha táirgí agus geografach céanna ⁽¹⁷⁾, ná i margadh atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí ina bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach ⁽¹⁸⁾.
- (d) Cumascann dhá ghnóthas nó níos mó nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comh-urlámhas ar ghnóthas eile agus comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 5(d)(i) agus 5(d)(ii) faoi gach sainiú margaidh is inchreidte ⁽¹⁹⁾:
- (i) i dtaca leis an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe uile le chéile sa chomhchruinniú ar páirtithe iad atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh táirge agus geografach céanna ⁽²⁰⁾ (forluí cothrománach), go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leanas ⁽²¹⁾:
- (aa) tá sé níos ísle ná 20 %;
- (bb) tá sé níos ísle ná 50 % agus tá an incrimint (deilte) d'Innéacs Herfindahl-Hirschman ("HHI") a eascraíonn as an gcomhchruinniú ar an margadh sin faoi bhun 150 ⁽²²⁾.
- (ii) i dtaca leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach agus le chéile sa chomhchruinniú agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí ina bhfuil aon pháirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach (caidreamh ingearach) ⁽²³⁾, go gcomhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha a leanas ⁽²⁴⁾:
- (aa) tá siad níos ísle ná 30 % ar na margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha;

⁽¹⁵⁾ Féach fonóta 12.

⁽¹⁶⁾ Is féidir luach iomlán shócmhainní an chomhfhiontair a chinneadh de réir an chláir chomhardaithe fhorhmeasta is déanaí arna ullmhú ag gach máthairchuideachta. Airítear leis an téarma "sócmhainní": (i) gach sócmhainn inláimhsithe agus dholáimhsithe a aistrefar chuig an gcomhfhiontar (áirítear le samplaí de shócmhainní inláimhsithe monarchana táirgthe, asraonta mórdhíola nó miondhíola, agus fardail earraí; áirítear ar shamplaí earraí doláimhsithe maoin intleachtúil, cáilmheas, píblínte nó cláir T&F); agus (ii) aon mhéid maoiniúcháin, lena n-áirítear rochtain ar "airgead tirim", creidmheas nó aon oibleagáid ar an gcomhfhiontar lenar aontaigh aon mháthairchuideachta den chomhfhiontar síneadh a chur leis nó léi nó é a ráthú.

⁽¹⁷⁾ Féach Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail (IO C 372, 9.12.1997, lch. 5), atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A31997Y1209%2801%29>. Aon tagairt san Fhógra seo do ghníomhaíochtaí ag gnóthais i margáí, ba cheart an tagairt sin a thuiscint mar ghníomhaíochtaí i margáí laistigh de LEE nó i margáí lena n-áirítear LEE, ach a d'fhéadfadh a bheith níos leithne ná LEE.

⁽¹⁸⁾ Féach Treoirlínte an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar chumaisc neamhchothrománacha faoin Rialachán ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú, IO C 265, 18.10.2008, lch. 6, fonóta 4, atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52008XC1018%2803%29> ("Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha"). Chun críocha an Fhógra seo, glactar leis de ghnáth le caidreamh ingearach go n-úsáidtear an t-ionchur go díreach i dtáirgeadh dlís an eintitis iartheachtaigh (i.e. comhtháthaítear an t-ionchur sa táirge nó níl gá leis ach chun an táirge iartheachtach a tháirgeadh agus chuige sin amháin go docht) nó go ndéanann an gnólacht iartheachtach an t-ionchur a athdhíol (e.g. dáileoirí). Eisiatar leis sin naisc chianda nó naisc le seirbhísí a sholáthraítear d'earnálacha éagsúla, amhail soláthar leictreachais nó seirbhísí bailithe dramaíola.

⁽¹⁹⁾ Tá feidhm ag na tairseacha le haghaidh forlúití cothrománacha agus caidrimh ingearacha maidir le haon sainiú malartach inchreidte ar mhargadh táirgí agus ar mhargadh geografach a bhféadfadh gá a bheith lena mbreithniú. Tá sé tábhachtach go bhfuil na sainithe margaidh foluiteacha a leagtar amach san fhógra beacht go leor chun údar cuí a thabhairt leis an measúnú nach gcomhlíontar na tairseacha sin, agus go luaitear gach sainiú malartach inchreidte ar mhargadh a bhféadfadh gá a bheith lena mbreithniú (lena n-áirítear margáí geografacha atá níos cúinge ná margáí náisiúnta).

⁽²⁰⁾ Féach fonóta 17.

⁽²¹⁾ Chun amhras a sheachaint, más rud é go gcomhlíonann roinnt de na margáí inchreidte a bhaineann le hidirbheart coinníollacha a leagtar amach in 5(d) (i) (aa) agus go gcomhlíonann margáí eile na cinn sin in 5(d) (i) (bb), breithneofar go gcomhlíonann an t-idirbheart na coinníollacha a leagtar amach in 5(d)(i).

⁽²²⁾ Ríomhtar HHI trí uimhreacha cearnacha sciartha margaidh aonair na ngnólachtaí ar fad sa mhargadh a shuimiú. Féach pointe 16 i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar chumaisc chothrománacha faoin Rialachán ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (IO C 31, 5.2.2004, lch. 5) atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A52004XC0205%2802%29> ("Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha"). Mar sin féin, chun deilte HHI a eascraíonn as an gcomhchruinniú a ríomh, is leor suim shuimeanna cearnacha na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe go haonarach (toisc nach dtagann aon athrú ar na sciartha den mhargadh atá ag na hiomaitheoirí uile eile sa mhargadh agus dá bhrí sin nach dtéann siad i bhfeidhm ar thoradh na cothromóide) a bhaint de shuim chearnach na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhchruinniú (lena rá ar bhealach eile, suim chearnach an sciar den mhargadh atá ag an eintiteas cumaischte tar éis an chomhchruinnithe).

⁽²³⁾ Féach fonóta 17 agus 18.

⁽²⁴⁾ Chun amhras a sheachaint, más rud é go gcomhlíonann roinnt de na margáí inchreidte a bhaineann le hidirbheart coinníollacha a leagtar amach in 5(d)(ii)(aa) agus go gcomhlíonann margáí eile na cinn sin in 5(d)(ii)(bb) agus/nó 5(d)(ii)(cc), breithneofar go gcomhlíonann an t-idirbheart na coinníollacha a leagtar amach in 5(d)(ii).

- (bb) tá siad níos ísle ná 30 % ar an margadh réamhtheachtach agus tá sciar ceannaithe ⁽²⁵⁾ is lú ná 30 % maidir le hionchuir réamhtheachtacha ag páirtithe sa chomhchruinniú atá gníomhach sa mhargadh iartheachtach;
- (cc) tá siad níos ísle ná 50 % ar na margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, tá incrimint (deilte) HHI a eascraíonn as an gcomhchruinniú faoi bhun 150 ar na margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, agus tá an gnóthas atá níos lú i dtéarmaí sciar den mhargadh mar an gcéanna sna margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha ⁽²⁶⁾.
- (e) tá páirtí le hurlámhas aonair a fháil ar ghnóthas ar a raibh comh-urlámhas aige cheana féin.
6. Féadfaidh comhchruinniú na critéir a chomhlíonadh a bhaineann le níos mó ná ceann amháin de na catagóirí ar a ndéantar tuairisc san Fhógra seo áfach. Dá bhrí sin, féadfaidh páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra a chur isteach faoi chomhchruinniú ar bhonn níos mó ná catagóir amháin ⁽²⁷⁾.
7. Chun pointí 5(c) agus 5(d) a chur i bhfeidhm, sa chás ina bhfaighfear comh-urlámhas, i gcás nach mbeidh an comhfhiontar gníomhach sa mhargadh táirgí céanna agus atá na gnóthais atá ag fáil comh-urlámhais, i dtaca leis na caidrimh nach ann dóibh ach amháin idir na gnóthais atá ag fáil comh-urlámhais, ní bhreithnítear gur forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha iad de réir bhrí an Fhógra seo ⁽²⁸⁾. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an comhfhiontar agus na gnóthais atá ag fáil comh-urlámhais gníomhach sa mhargadh táirgí agus geografach céanna, i dtaca leis na sciartha den mhargadh atá acu le chéile, ba cheart gníomhaíochtaí na ngnóthas uile atá gníomhach ar an margadh sin a chur san áireamh. I gcás nach n-eascróidh aon incrimint as an gcomhchruinniú agus inarb ann do na forluití cothrománacha agus do na caidrimh ingearacha cheana, ní chuirtear forluití ná caidrimh den sórt sin atá ann cheana san áireamh chun pointí 5(c) agus 5(d) a chur i bhfeidhm.

B. Clásal solúbthachta chun athrú ón ngnáthnós imeachta go dtí an nós imeachta simplithe

8. Arna iarraidh sin do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin nós imeachta simplithe ar chomhchruinnithe áirithe nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí a leagtar amach i bpointe 5 den Fhógra seo. Féadfar é sin a bheith déanta má chumascann dhá ghnóthas nó níos mó nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comh-urlámhas ar ghnóthas eile, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 8(a) agus 8(b) faoi gach sainiú margaidh is inchreidte ⁽²⁹⁾:
- (a) i dtaca leis an sciar den mhargadh atá le chéile ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú atá ag gabháil d'fhorlú cothrománach, gur faoi bhun 25 % fós an sciar sin;
- (b) i dtaca leis na sciartha den mhargadh atá go haonarach agus le chéile ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú atá ag gabháil do chaidreamh ingearach, go gcomhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha a leanas ⁽³⁰⁾:
- (i) tá siad níos ísle ná 35 % sna margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha;
- (ii) tá siad níos ísle ná 50 % in aon mhargadh amháin ach i dtaca leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach agus le chéile sa chomhchruinniú, tá siad níos lú ná 10 % sna margáí uile eile a bhfuil gaol ingearach eatarthu.

⁽²⁵⁾ Déantar sciar ceannaithe gnóthais a ríomh trí (i) líon nó luach cheannacháin tháirgí an ghnóthais sa mhargadh réamhtheachtach a roinnt (ii) ar mhéid iomlán an mhargaidh réamhtheachtaigh (i dtéarmaí lín nó luach).

⁽²⁶⁾ Is é is aidhm don chatagóir seo incrimintí beaga a chuimsiú, incrimintí a bhíonn i gceist le comhtháthú ingearach a bhí ann roimhe. Mar shampla, i dtaca le Cuideachta A, atá gníomhach i margadh réamhtheachtach agus iartheachtach (ag a bhfuil sciar de 45 % i ngach ceann), faigheann an Chuideachta sin seilbh ar Chuideachta B atá gníomhach sna margáí réamhtheachtacha agus iartheachtacha céanna (ag a bhfuil sciar de 0.5 % i ngach ceann). Ní chuimsítear leis an gcatagóir sin cásanna ina n-eascraíonn tromlach an chomhtháthaithe ingearaigh as an idirbheart, fiú más rud é go bhfuil na sciartha den mhargadh le chéile faoi bhun 50 % agus go bhfuil deilt HHI faoi bhun 150. Mar shampla, ní chuimsítear leis an gcatagóir sin an cás a leanas: I dtaca le Cuideachta A, atá gníomhach ar bhonn réamhtheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 45 % agus gníomhach ar bhonn iartheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 0.5 %, faigheann an Chuideachta sin seilbh ar Chuideachta B atá gníomhach ar bhonn réamhtheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 0.5 % agus ar bhonn iartheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 45 %.

⁽²⁷⁾ Nuair a thagann comhchruinniú faoi níos mó ná aon chatagóir simplithe amháin, ba cheart do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu é sin a léiriú go sainráite i bhfoirm an fhógra.

⁽²⁸⁾ Féadfaidh comhordú eascairt as na forluití nó as na caidrimh sin áfach dá dtagraítear in Airteagal 2(4) den Rialachán um Chumaisc agus féadfar déileáil leo i gcomhréir le pointe 19 den Fhógra seo.

⁽²⁹⁾ Féach fonóta 17.

⁽³⁰⁾ Chun amhras a sheachaint, más rud é go gcomhlíonann roinnt de na margáí inchreidte a bhaineann le hidirbheart coinníollacha a leagtar amach in 8(b)(i) agus go gcomhlíonann margáí eile na coinníollacha in 8(b)(ii), breithneofar go gcomhlíonann an t-idirbheart na coinníollacha a leagtar amach in 8(b).

9. Arna iarraidh sin do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin nós imeachta simplithe ar chomhchruinnithe áirithe nach dtagann faoi aon cheann de na catagóirí a leagtar amach i bpointe 5 den Fhógra seo. Féadfar é sin a bheith déanta má fhaigheann dhá ghnóthas nó níos mó nó rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar, ar choinníoll ⁽³¹⁾:
- (a) i dtaca le láimhdeachas reatha bliantúil an chomhfhiontair, agus láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú ⁽³²⁾, gur lú ná EUR 150 milliún in LEE an láimhdeachas sin ⁽³³⁾; agus
- (b) i dtaca le luach iomlán na sócmhainní arna n-aistriú chuig an gcomhfhiontar in LEE agus atá beartaithe ⁽³⁴⁾ tráth an fhógra, gur lú ná EUR 150 milliún in LEE an luach sin ⁽³⁵⁾.
10. Na catagóirí a luaitear i bpointí 8 agus 9 tá feidhm acu go malartach, seachas go carnach. Chun amhras a sheachaint, is féidir pointe 8 a chomhcheangal le pointe 5(d). Dá bhrí sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iarraidh go gcuirfear an clásal solúbthachta i bhfeidhm le haghaidh margai áirithe ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 8 agus tairbhí den nós imeachta simplithe más rud é go gcomhlíonfaidh na margai uile eile atá fágtha na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5(d).

C. Coimirí agus eisiaimh

11. Leis an Roinn seo leagtar amach liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí de chineálacha comhchruinnithe a fhéadfar a eisiaimh ón nós imeachta simplithe.
12. Más ann do cheann amháin nó níos mó de na himthosca a leagtar amach sa Roinn seo, féadfaidh sé sin a bheith ina chúis don Choimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a chur ar an eolas nach bhfuil an láimhseáil shimplithe oiriúnach le haghaidh comhchruinnithe a thagann faoi phointe 5. I gcás inarb ann do cheann amháin nó níos mó de na himthosca a ndéantar tuairisc orthu sa Roinn seo, ní chuirfear an clásal solúbthachta i bpointí 8-9 i bhfeidhm de ghnáth. Sna cásanna sin, féadfaidh an Coimisiún filleadh ar an ngnáthnós imeachta.

C.1. Comhfhiontair ag a bhfuil gníomhaíochtaí diomaibhseacha in LEE (pointe 5(b) agus 9)

13. Le haghaidh comhchruinnithe a thagann faoi phointe 5(b) nó 9, féadfar an gnáthnós imeachta a bhreithniú a bheith iomchuí i gcás inarb ann d'fhorluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha idir na páirtithe sa chomhchruinniú, agus ar a bhonn siúd, nach féidir a chur as an áireamh go n-eascróidh fíorúair amhras maidir le comhoiriúnacht an chomhchruinnithe leis an margadh inmheánach, nó más rud é gurb ann d'aon cheann de na himthosca speisialta a leagtar amach i Roinn II.C ⁽³⁶⁾. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún a mheas gurb iomchuí measúnú iomlán a dhéanamh faoin nós imeachta um ghnáthchumaisc má tá láimhdeachas comhfhiontar áirithe faoi bhun na tairsí a shonraítear i bpointí 5(b)(i) nó 9 tráth an fhógra, ach a d'fhéadfaí a mheas ina leith go sáródh a láimhdeachas na tairseacha sin go suntasach sa LEE laistigh de na chéad 3 bliana eile.

C.2. Deacracht leis na margai ábhartha a shainiú

14. Agus measúnú á dhéanamh féachaint i dtaca le comhchruinniú a thagann faoi phointí 5, 8 nó 9, ar cheart athbhreithniú a dhéanamh air faoin ngnáthnós imeachta d'ainneoin sin, áiritheoidh an Coimisiún go suífead gach imthoisc ábhartha ar bhealach atá soiléir a dhóthain. I ngeall gur dócha go mbeidh na sainithe margaidh ina bpríomheilimint sa mheasúnú sin, ba cheart do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu faisnéis a sholáthar ar gach sainmhíniú malartach inchreidte ar mhargadh, le linn na céime réamhfhógra go hiondúil ⁽³⁷⁾. Bíonn páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu freagrach as an méid seo a leanas: (i) tuairisc a thabhairt ar gach margadh ábhartha malartach táirgí agus geografach ar a bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcomhchruinniú faoina dtugtar fógra; agus

⁽³¹⁾ I dtaca le comhchruinniú a chomhlíonann na coinníollacha uile d'aon cheann de na catagóirí a leagtar amach i bpointí 8 nó 9 beidh sé i bprionsabal incháilithe i bprionsabal chun tairbhí den chlásal solúbthachta. Ní chiallaíonn sé sin áfach go dtairbheoidh idirbheart go huathoibríoch den nós imeachta simplithe má thagann sé faoi cheann de na catagóirí sin. Mar shampla, féadfaidh idirbheart teacht faoi phointe 9 ach féadfaidh forluití cothrománacha eascairt as freisin, forluití ar mó iad ná na tairseacha a leagtar síos i bpointe 5(d) nó 8. I gcás den sórt sin, ní fhéadfaidh an Coimisiún glacadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás faoin nós imeachta simplithe.

⁽³²⁾ Féach fonóta 13.

⁽³³⁾ Féach fonóta 11 chun treoraíocht a fháil maidir le láimhdeachas comhfhiontar a ríomh agus maidir leis an téarma láimhdeachas "reatha".

⁽³⁴⁾ Féach fonóta 12.

⁽³⁵⁾ Féach fonóta 16.

⁽³⁶⁾ I gcásanna a thagann faoi phointe 5(b) nó 9, i gcás ina n-eascróidh forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha as gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú, ceanglaítear ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu na sonraí agus an fhaisnéis uile a bhaineann le sainiú margai den chineál sin a sholáthar.

⁽³⁷⁾ Féach pointe 28.

(ii) as na sonraí agus as an bhfaisnéis uile a sholáthar atá bainteach leis an sainmhíniú ar na margáí sin ⁽³⁸⁾. Coinníonn an Coimisiún an discríd aige féin chun an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le sainiú margaidh tar éis dó anailís a dhéanamh ar fhíorais an cháis. Ní chuirfidh an Coimisiún an nós imeachta simplithe i bhfeidhm i gcás ina mbeidh sé deacair na margáí ábhartha a shainmhíniú nó na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhchruinniú a chinneadh. Ar an gcaoi chéanna, más rud é go mbaineann saincheisteanna dlíthiúla nuálacha leis an gcomhchruinniú atá ina n-údar spéise ginearálta, féadfaidh an Coimisiún staonadh ó chinneadh gearrfhoirme a dhéanamh, agus féadfaidh sé filleadh ar an ngnáthnós imeachta.

C.3. *Scairshealbha neamh-urlámhais*

15. Féadfaidh scairshealbha neamh-urlámhais suntasacha a bheith ag aon pháirtí sa chomhchruinniú ar scairshealbha iad atá i gcuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh nó sna margáí mar a bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach. Mar shampla, féadfaidh scairshealbha mhionlaigh neamh-urlámhais a bheith ag faighteoir i gcuideachta atá gníomhach sa mhargadh céanna nó sna margáí céanna agus atá an sprioc-chuideachta nó i margadh atá réamhtheachtach nó iartheachtach leis an margadh nó leis na margáí mar a bhfuil an sprioc gníomhach. Más rud é go bhfuil sciar an-suntasach den mhargadh ag na cuideachtaí sin, in imthosca áirithe, féadfaidh nach mbeidh an comhchruinniú oiriúnach le hathbhreithniú a dhéanamh air faoin nós imeachta simplithe, fiú más rud é go bhfuil na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhchruinniú le chéile faoi bhun na dtairseacha a leagtar amach i bpointe 5. D'fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh má tá scairshealbha neamh-urlámhais suntasacha ag aon cheann de na páirtithe eile sa chomhchruinniú, nó níos mó ná páirtí amháin, in aon cheann de na páirtithe eile sa chomhchruinniú.

C.4. *Sócmhainní eile atá luachmhar ar bhonn iomaíoch*

16. Féadfaidh cineálacha áirithe comhchruinnithe cumhacht mhargaidh na bpáirtithe sa chomhchruinniú a mhéadú, fiú más rud é nach n-oibríonn na páirtithe sa mhargadh céanna. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar thoradh ar acmhainní teicneolaíochta, airgeadais nó acmhainní eile a chomhcheangal, nó sócmhainní atá luachmhar ar bhonn iomaíoch, amhail amhábhair, cearta maoiné intleachtúla (lena n-áirítear paitinní, saineolas, dearthaí agus brandaí), bonneagar, bonn úsáideoirí suntasach nó fardail sonraí atá luachmhar ar bhonn tráchtála. Féadfaidh sé nach mbeidh na comhchruinnithe sin oiriúnach le hathbhreithniú a dhéanamh orthu faoin nós imeachta simplithe.

C.5. *Margáí comharsanacha a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile*

17. Comhchruinnithe i gcás inarb ann do dhá pháirtí sa chomhchruinniú ar a laghad i margáí comharsanacha a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile ⁽³⁹⁾, féadfaidh sé nach mbeidh siad oiriúnach ach oiread le hathbhreithniú a dhéanamh orthu faoin nós imeachta simplithe. Go háirithe, d'fhéadfadh sé sin tarlú i gcás ina bhfuil sciar den mhargadh de 30 % nó níos mó go haonarach nó le chéile ag ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhchruinniú in aon mhargadh táirgí, ar margadh é nach bhfuil aon fhorlú cothrománach ná caidreamh ingearach idir na páirtithe sa chomhchruinniú, ach atá comharsanach le margadh ina bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach ⁽⁴⁰⁾. I dtaca le margáí comharsanacha a chinneadh, ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le pointe 14 den Fhógra seo.

C.6. *Imthosca a leagtar amach i dTreoirínte an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar chumaisc chothrománacha agus neamhchothrománacha agus imthosca speisialta eile*

18. Is lú an dóchúlacht go gcuirfidh an Coimisiún an nós imeachta simplithe i bhfeidhm más rud é gurb ann d'aon cheann de na himthosca speisialta a leagtar amach i dTreoirínte an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar chumaisc chothrománacha agus neamhchothrománacha ⁽⁴¹⁾ agus/nó sa Roinn seo. Áirítear leis sin imthosca inarb amhlaidh:

- (a) go bhfuil an margadh comhchruinnithe cheana féin (go háirithe i gcás ina mbeidh láithreach fhóinteach sa mhargadh ag líon is lú ná triúr iomaitheoirí, i dteannta na bpáirtithe sa chomhchruinniú) ⁽⁴²⁾;

⁽³⁸⁾ Mar aon le gach fógra eile, féadfaidh an Coimisiún an cinneadh gearrfhoirme a chúlghairm má tá sé bunaithe ar fhaisnéis mhícheart a bhfuil ceann de na gnóthais lena mbaineann freagrach aisti, mar a leagtar amach in Airteagal 6(3)(a) den Rialachán um Chumaisc.

⁽³⁹⁾ Cáilítear margáí táirgí mar mhargáí comharsanacha a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile nuair a bhíonn na táirgí comhlántach le chéile nó nuair a bhaineann siad le raon táirgí a cheannaíonn an tsraith chéanna custaiméirí i gcoitinne le haghaidh na húsáide deiridh céanna.

⁽⁴⁰⁾ Féach pointe 25 agus Roinn V de na Treoirínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha.

⁽⁴¹⁾ Féach Treoirínte maidir le cumaisc chothrománacha agus Treoirínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha.

⁽⁴²⁾ Féach Treoirínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 17, agus Treoirínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointe 36. Is féidir a bhreithniú go bhfuil láithreach sa mhargadh fóinteach nuair atá sciar de 5 % nó níos mó ag iomaitheoir.

- (b) sáraítear na tairseacha maidir le sciar den mhargadh a leagtar amach i bpointí 5 nó 8 den Fhógra seo i dtéarmaí acmhainneachta nó táirgthe i margaí mar a bhféadfadh na méadrachtaí sin a bheith tábhachtach ⁽⁴³⁾;
- (c) páirtí a tháinig isteach le déanaí atá i gceann de na páirtithe sa chomhchruinniú ⁽⁴⁴⁾;
- (d) eascraíonn forluití i margaí mar a bhfuil an-chuid difreála idir táirgí ⁽⁴⁵⁾;
- (e) chuirfí deireadh le fórsa iomaíoch tábhachtach iarbhir nó féideartha leis an gcomhchruinniú atá beartaithe ⁽⁴⁶⁾;
- (f) dhéanfaí dhá nuálaí tábhachtacha a chomhcheangal leis an gcomhchruinniú atá beartaithe ⁽⁴⁷⁾;
- (g) baineann an comhchruinniú atá beartaithe le gnólacht ag a bhfuil táirgí píblíne a bhfuil gealladh fúthu ⁽⁴⁸⁾;
- (h) chuirfí deireadh le hiomaíocht fhéideartha leis an gcomhchruinniú ⁽⁴⁹⁾;
- (i) tugtar le fios go gcuirfeadh an comhchruinniú atá beartaithe é ar a gcumas do na páirtithe sa comhchruinniú bac a chur ar leathnú a n-iomaitheoirí nó cur isteach ar rochtain iomaitheoirí ar sholáthairtí nó ar mhargaí nó go gcuirfí le bacainní roimh iontráil sna margaí ⁽⁵⁰⁾;
- (j) gheobhaidh an t-eintreas cumaiscthe, trí chomhtháthú, rochtain ar fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de maidir le gníomhaíochtaí réamhtheachtacha nó iartheachacha a chuid iomaitheoirí ⁽⁵¹⁾;
- (k) go bhfuil na páirtithe sa chomhchruinniú gníomhach i margaí a bhaineann le leibhéil éagsúla de shlabhra luacha gan a bheith i gcaidreamh ingearach agus go bhfuil na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach nó le chéile 30 % nó níos airde i gceann amháin ar a laghad de na margaí sin.

19. Féadfaidh an Coimisiún filleadh ar mheasúnú iomlán faoin ngnáthnós imeachta i gcás ina dtiocfaidh saincheist maidir le comhordú faoi Airteagal 2(4) den Rialachán um Chumaisc ⁽⁵²⁾.

C.7. Athrú ó chomh-urlámhas go dtí urlámhas aonair

20. Is léir ón taithí a fuair an Coimisiún go dtí seo go mb'fhéidir go mbeidh imscrúdú níos grinne, cinneadh iomlán riachtanach nó an dá cheann acu ag teastáil i gcás athrú ó chomh-urlámhas go dtí urlámhas aonair. D'fhéadfadh ábhar inniú áirithe i ndáil le hiomaíocht teacht chun cinn in imthosca i gcás ina gcomhtháthófar comhfhiontar i ngrúpa nó i líonra a scairshealbhóra rialaithe aonair deiridh, agus ar an mbealach sin d'fhéadfaí deireadh a chur le haon srian a bhí ann roimhe sin mar gheall ar dhreasachtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag na scairshealbhóirí rialaithe eile, agus trí straitéis mhargaidh nach bhfuil chomh hiomaíoch céanna a bheith á glacadh ag an iar-chomhfhiontar. Mar shampla, i gcás ina bhfuil comh-urlámhas ag gnóthas A agus ag gnóthas B ar chomhfhiontar C, i dtaca le comhchruinniú trína bhfaigheann A urlámhas aonair ar C, féadfaidh ábhair inniú i ndáil le hiomaíocht eascairt as sin más amhlaidh an méid seo a leanas: (i) is iomaitheoir díreach A é C; (ii) tá suíomh mór ar an margadh ag C agus A in éineacht le chéile; agus (iii) cuirtear deireadh leis sin le méid neamhspleáchais a bhí ag C roimhe ⁽⁵³⁾. I gcásanna ina mbeidh anailís níos grinne ar chásanna den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún filleadh ar ghnáthnós imeachta ⁽⁵⁴⁾.

21. Féadfaidh an Coimisiún filleadh ar an ngnáthnós imeachta freisin i gcás nach mbeidh athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ná ag údarais inniúla na mBallstát ar chomh-urlámhas ar an gcomhfhiontar atá i gceist a bheith faighte roimhe.

⁽⁴³⁾ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2019, Cás M.8674, *BASF/Solvay's Polyamide Business*, aithris 475.

⁽⁴⁴⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 37.

⁽⁴⁵⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 28.

⁽⁴⁶⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 37, agus Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointí 7 agus 26(c).

⁽⁴⁷⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 38, agus Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointe 26(a).

⁽⁴⁸⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 38, agus Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointe 26(a).

⁽⁴⁹⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 58.

⁽⁵⁰⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 36, agus Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointí 29, 49 agus 75.

⁽⁵¹⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 78.

⁽⁵²⁾ Féach Treoirlínte maidir le cumaisc chothrománacha, pointe 39 seq. agus Treoirlínte maidir le cumaisc neamhchothrománacha, pointe 26.

⁽⁵³⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2008, Cás M.5141, *KLM/Martinair*, aithrisí 14-22.

⁽⁵⁴⁾ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2002, Cás M.2908, *Deutsche Post/DHL (II)*.

- C.8. *Ábhair inní a bhfuil bunús leo i ndáil le hiomaíocht atá tarraingthe anuas ag na Ballstáit nó ag tríú páirtithe*
22. Fillfidh an Coimisiún ar an ngnáthnós imeachta i gcás ina gcuirfidh Ballstát nó Stát Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ábhair inní, a bhfuil bunús leo i ndáil le hiomaíocht faoin gcomhchruinniú faoina dtugtar fógra, in iúl laistigh de 15 lá oibre ón uair a fhaightear an chóip den fhógra, nó i gcás ina gcuirfidh tríú páirtí ábhair inní, a bhfuil bunús leo i ndáil le hiomaíocht, in iúl laistigh den teorainn ama a leagtar síos le haghaidh barúlacha den sórt sin.
- C.9. *Iarrataí ar tharchur*
23. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta simplithe más rud é go n-iarrfaidh Ballstát go dtarchuirfear comhchruinniú faoina dtugtar fógra faoi Airteagal 9 den Rialachán um Chumaisc nó más rud é go nglacfaidh an Coimisiún le hiarraidh ó Bhallstát amháin nó níos mó ar chomhchruinniú faoina dtugtar fógra a tharchur faoi Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc.
- C.10. *Tarchuir réamhfhógra arna n-iarraidh sin do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu*
24. Faoi réir na gcoimircí agus na n-eisiamh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo, féadfaidh an Coimisiún an nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm maidir le comhchruinnithe inarb amhlaidh:
- (a) tar éis aighneacht réasúnaithe faoi Airteagal 4(4) den Rialachán um Chumaisc, go gcinneann an Coimisiún gan an cás a tharchur chuig Ballstát;
- (b) tar éis aighneacht réasúnaithe faoi Airteagal 4(5) den Rialachán um Chumaisc, go ndéantar an cás a tharchur chuig an gCoimisiún.

III. FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

- A. **Comhchruinnithe a bhféadfar fógra a thabhairt fúthu go díreach gan teagmhálacha réamhfhógra**
25. Faoi Rialachán um Chumaisc, tá na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu i dteideal fógra a thabhairt faoi chomhchruinniú tráth ar bith, ar choinníoll go mbeidh an fógra comhlánaithe. I dtaca leis an bhféidearthacht dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra, is seirbhís é sin a sholáthraíonn an Coimisiún do pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar bhonn deonach chun an nós imeachta a ullmhú maidir le hathbhreithniú foirmiúil ar chumasc. Is féidir le teagmhálacha réamhfhógra a bheith thar a bheith luachmhar do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus don Choimisiún araon chun an méid beacht faisnéise is gá a chur i bhfógra a chinneadh. I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh díobh an méid faisnéise is gá a laghdú go mór.
26. Bunaithe ar thaithe an Choimisiúin maidir leis an nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm, i dtaca le catagóirí comhchruinnithe áirithe atá incháilithe le hathbhreithniú a dhéanamh orthu faoin nós imeachta simplithe ina measc siúd a liostaítear i bpointe 5 den Fhógra seo, féadfar athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de thréimhse is giorra ná na 25 lá oibre a leagtar amach in Airteagal 10(1) den Rialachán um Chumaisc. Is amhlaidh sin toisc gur lú an t-imscrúdú a bhíonn riachtanach le haghaidh na gcomhchruinnithe sin de ghnáth. Mar shampla, féadfar comhchruinnithe a thagann faoi phointe 5(a) nó 5(c) a athbhreithniú faoin nós imeachta “sárshimplithe” eile atá cuíchóirithe mar a thuairiscítear sa phointe seo. De réir an nós imeachta sárshimplithe sin, ní mór fógra a thabhairt faoi na comhchruinnithe sin trí na ranna ábhartha den Fhoirm Ghearr CO ⁽⁵⁵⁾ a chomhlánú (go háirithe Roinn 7 agus an cineál láimhseála simplithe a léiríú). Iarrtar ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra a thabhairt faoin gcomhchruinniú go díreach gan aon teagmháil réamhfhógra.
- B. **Teagmhálacha réamhfhógra i gcomhchruinnithe as a n-eascaíonn forluití cothrománacha nó caidrimh neamh-chothrománacha**
27. Spreagtar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu go mór chun dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra i gcásanna as a n-eascaíonn forluití cothrománacha nó caidrimh neamh-chothrománacha idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú (lena n-áirítear táirgí píblíne). Áirítear leis sin cásanna a thagann faoi phointí 5, 8 nó 9 den Fhógra seo, ar choinníoll go bhfuil forluití cothrománach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú, go bhfuil caidreamh ingearach eatarthu nó go mbaineann siad le margáí comharsanacha a bhfuil dlúthbhaint eatarthu. Mar shampla, spreagtar teagmhálacha réamhfhógra go mór le haghaidh comhchruinniú a thagann faoi phointe 5(b) as a n-eascaíonn forluití cothrománacha nó caidrimh neamh-chothrománacha idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe. Bheadh tábacht ar leith le teagmhálacha réamhfhógra den sórt sin más rud é nach gcomhlíontar na critéir i bpointe 5(d) le haghaidh margadh amháin nó níos mó.

⁽⁵⁵⁾ Féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

28. I gcásanna as a n-eascraíonn forluití cothrománacha nó caidrimh neamh-chothrománacha idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú, ba cheart teagmhálacha réamhfhógra a thionscnamh 2 sheachtain ar a laghad roimh dháta ionchasach an fhógra.

C. Iarraidh ar fhoireann cáis a leithdháileadh

29. Roimh fhógra a chur isteach go foirmiúil faoin nós imeachta simplithe, ní mór do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iarraidh a chur isteach ar leithdháileadh foirne cáis. Ní mór a léiriú ar an iarraidh an cineál comhchruinnithe, an pointe den Fhógra seo a dtagann an comhchruinniú faoi, agus dáta ionchasach an fhógra. Sna cásanna a shainnítear i bpointe 27 ina dtabharfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra faoin gcomhchruinniú go díreach gan aon teagmháil réamhfhógra nó gan ach fíorbheagán de theagmhálacha réamhfhógra, i dtaca leis an iarraidh ar fhoireann cáis a leithdháileadh, ní mór í a chur isteach seachtain amháin ar a laghad roimh dháta ionchasach an fhógra.

D. Cinneadh gearrfhoirme

30. Más rud é gur deimhin leis an gCoimisiún go gcomhlíonann an comhchruinniú na critéir le haghaidh an nós imeachta simplithe (féach pointí 5, 8 agus 9), eiseoidh sé cinneadh gearrfhoirme de ghnáth. Áirítear leis sin cásanna as nach n-eascraíonn aon ábhar inní i ndáil le hiomaíocht i gcás ina bhfaighidh sé fógra faoi Fhoirm CO ⁽⁵⁶⁾. Dearbhófar go bhfuil an comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach dá bhrí sin laistigh de 25 lá oibre ó dháta an fhógra, faoi Airteagal 10(1) agus (6) den Rialachán um Chumaisc. Féachfaidh an Coimisiún le cinneadh gearrfhoirme a eisiúint a luaithe is féidir tar éis dhul in éag na tréimhse 15 lá oibre a bhféadfaidh na Ballstáit iarraidh lena linn go dtarchuirfead comhchruinniú faoina dtugtar fógra faoi Airteagal 9 den Rialachán um Chumaisc. Mar sin féin, sa tréimhse roimh spriodhata na 25 lá oibre, tá sé de rogha ag an gCoimisiún filleadh ar ghnáthnós imeachta agus ar an mbealach sin imscrúduithe a sheoladh agus/nó cinneadh iomlán a ghlacadh, i gcás ina mbreithneodh sé gur iomchuí an ghníomhaíocht sin. Sna cásanna sin, féadfaidh an Coimisiún a bhreithniú go bhfuil an fógra neamh-chomhlánaithe go hábhartha faoi Airteagal 5(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme más rud é nach mbeidh Foirm CO faighte aige.

E. An cinneadh gearrfhoirme a fhoilsiú

31. Foilseoidh an Coimisiún fógra faoin bhfóras maidir leis an gcinneadh gearrfhoirme in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar a dhéanann sé le haghaidh cinntí iomlána maidir le himréiteach. Cuirfead an leagan poiblí den chinneadh gearrfhoirme ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachta na hIomaíochta. Sa chinneadh gearrfhoirme, beidh an méid seo a leanas: (i) an fhaisnéis faoin gcomhchruinniú faoina dtugtar fógra arna foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tráth an fhógra (ainmneacha na bpáirtithe sa chomhchruinniú, a dtír thionscnaimh, an cineál comhchruinnithe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann); agus (ii) ráiteas go bhfuil an comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach toisc go dtagann sé faoi aon cheann amháin nó níos mó de na catagóirí ar a dtugtar tuairisc san Fhógra seo, agus an chatagóir nó na catagóirí is infheidhme á saináithint go sainráite.

F. Margaí a thagann faoi phointe 5(d) nó faoi phointe 8 i gcinntí arna n-eisiúint faoin ngnáthnós imeachta

32. I dtaca le comhchruinnithe áirithe a ndéantar athbhreithniú orthu faoin ngnáthnós imeachta, féadfaidh forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha eascairt astu a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5 (d) den Fhógra seo. I dtaca le comhchruinnithe áirithe a ndéantar athbhreithniú orthu faoin ngnáthnós imeachta, féadfaidh forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha eascairt astu freisin a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 8 den Fhógra seo. Ní bheidh measúnú mionsonraithe ar na forluití cothrománacha ná ar na caidrimh ingearacha sin sa chinneadh críochnaitheach sna cásanna sin. Ina leith sin, beidh ráiteas sa chinneadh críochnaitheach go dtagann forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha áirithe faoi aon cheann amháin nó níos mó de na catagóirí ar a dtugtar tuairisc san Fhógra seo, agus an chatagóir nó na catagóirí is infheidhme á saináithint go sainráite.
33. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh measúnú mionsonraithe a áireamh ar na bhforluití cothrománacha nó ar na caidrimh ingearacha a shainnítear i bpointe 32 más rud é go bhfuil feidhm ag aon cheann de na coimircí agus de na heisiaimh a leagtar amach i Roinn II.C den Fhógra seo.

⁽⁵⁶⁾ Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

IV. SRIANTA COIMHDEACHA

34. Níl an nós imeachta simplithe oiriúnach le haghaidh comhchruinnithe ina n-iarrann na gnóthais lena mbaineann go sainráite go ndéanfar measúnú ar shrianta a bhaineann go díreach le cur chun feidhme an chomhchruinnithe, agus is gá don chur chun feidhme sin.
-

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Teachtairacht de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 13(3), Airteagal 20 agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún

(2023/C 160/02)

Le hAirteagal 3(2), Airteagal 13(3), Airteagal 20, agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2023/914] an 20 Aibreán 2023 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an “Rialachán Cur Chun Feidhme”) ⁽¹⁾, ceanglaítear fógraí, aighneachtaí réasúnaithe, barúlacha ar agóidí ón gCoimisiún, gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann agus an Fhoirm RM atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin san fhormáid arna leagan amach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Sa doiciméad seo, sonraíonn an Coimisiún, de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 13(3), Airteagal 20, agus Airteagal 22 den Rialachán Cur Chun Feidhme, an fhormáid inar cheart fógraí, aighneachtaí réasúnaithe, barúlacha ar agóidí ón gCoimisiún, gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann agus an Fhoirm RM (na “doiciméid”) a chur isteach.

1. Modh chun doiciméid a tharchur chuig an gCoimisiún

1. I dtaca le doiciméid faoi bhun mhéid 10 ngigibheart a tharchur, ba cheart iad a sheoladh go leictreonach agus úsáid á baint as EU Send Web (“EU Send”), ardán malartaithe idirlín an Choimisiúin chun doiciméid a tharchur go sábháilte ⁽²⁾. Tá clárú roimh ré ag teastáil i leith EU Send agus forordaíonn sé teorainneacha ama maidir le doiciméid a tharchuirtear tríd an gcóras, teorainneacha a bhféadfadh athrú teacht orthu. Más rud é gur faoi bhun 10 ngigibheart é méid ábhair a tharchuirtear ach gur mó ná teorainneacha méid EU Send é, ba cheart é a sheoladh i roinnt codanna.
2. Ní mór foirm tharchuir a bheith ag gabháil le hábhair a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as EU Send, foirm a sholáthraíonn EU Send. Ní mór an fhoirm tharchuir a chomhlánú i gceart.
3. I dtaca le hábhair tharchurtha os cionn 10 ngigibheart, féadfar iad a sheachadadh de láimh nó a sheoladh trí phost cláraithe chuig AS na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin agus úsáid á baint as tiomántáin diosca chrua, arna bhformáidíú i sonraí neamh-chomhbhrúite atá comhoiriúnach le Microsoft Windows i bhfeireadh seachtrach USB 2.0 nó 3.0.
4. I dtaca le doiciméid a sheoltar trí phost cláraithe nó a sheachadtar de láimh, ba cheart iad a sheoladh chuig AS na hIomaíochta ag an seoladh a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin AS na hIomaíochta ⁽³⁾. Féadfaidh moill eascairt as doiciméid a sheoladh chuig rannóga eile de chuid an Choimisiúin.

2. Na doiciméid a shíniú go leictreonach

5. Sa roinn seo leagtar amach sonraíochtaí teicniúla maidir le síniú na ndoiciméad a sheoltar go leictreonach (i gcás ina bhfuil síniú ag teastáil). Baineann sé sin le doiciméid a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as EU Send mar aon leo siúd a sheachadtar chuig an gCoimisiún i ngléasanna stórála seachtraí.
6. Chun go mbreithneofar doiciméid a chuirtear isteach go leictreonach ina ndoiciméid bhailí, ní mór iad a shíniú agus úsáid á baint as Ríomhshíniú Cáilithe (QES) amháin ar a laghad ar ríomhshíniú é a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (an “Rialachán eIDAS”) ⁽⁴⁾. Ní aithnítear go sainráite éifeacht dhlíthiúil a bheith ag aon ríomhshíniú seachas Ríomhshíniú Cáilithe amháin, ar éifeacht é atá coibhéseach le sínithe lámhscríofa i mBallstáit uile an Aontais. Dá bhrí sin, ní ghlactar le cineálacha ríomhshíniú eile, amhail sínithe scanta nó Ríomhshíniú Ardleibhéil mar a leagtar amach i Rialachán eIDAS, nach gcomhlíonann na riachtanais maidir le ríomhshíniú cáilithe.

⁽¹⁾ IO L, 119, lch. 22.

⁽²⁾ Chun treoracha a fháil faoin mbealach le húsáid a bhaint as EU Send (ar a dtugtar “eTrustEx” freisin), féach ar https://ec.europa.eu/competition-policy/mergers/practical-information_en

⁽³⁾ https://ec.europa.eu/competition-policy/mergers/practical-information_en

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE, atá ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJL_.2014.257.01.0073.01.ENG

7. I dtaca leis an bhformáid ríomhshínithe cháilithe, ní mór ceann de na formáidí dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ⁽⁵⁾ ón gCoimisiún a chomhlíonadh léi, nó na sonraíochtaí is déanaí uathu arna bhfoilsíú ag Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide.
8. Féadfar Seirbhísí Iontaoibhe Cáilithe a fháil ó Sholáthraithe Seirbhísí Iontaoibhe Cáilithe (“QTSPanna”) mar a leagtar amach i Rialachán eIDAS. Is éard is QTSPanna ann soláthraithe seirbhísí tráchtála agus comhaltaí cáilithe de Scéim Iontaoibhe an Aontais. Liostaítear QTSPanna i mBrabhsálaí an Liosta Iontaoibhe ⁽⁶⁾.
9. I dtaca le haon trealamh digiteach nó le haon trealamh crua-earraí a úsáidtear chun ríomhshíniú cáilithe a chur chun feidhme, amhail ríomhdheimhnithe cáilithe agus gléasanna ríomhshínithe cáilithe, ní mór don seoltóir é nó iad a cheannach agus is ar an seoltóir a bheidh an fhreagracht astu i gcónaí.
10. Déanfaidh an Coimisiún bailíochtú ar dhoiciméid a shínítear le ríomhshíniú cáilithe. Chun cur le muinín go n-éireoidh le ríomhshíniú cáilithe a bheidh le bailíochtú ag AS na hIomaíochta, is féidir bailíocht an ríomhshínithe a thástáil trí QTSP a thabhairt isteach a sholáthraíonn seirbhís um bhailíochtú cáilithe ar íocaíocht a fháil ⁽⁷⁾. Féadfar feidhmchlár gréasáin an Choimisiúin um Sheirbhísí Ríomhshínithe a úsáid chun an bealach a oibrítear sin a léiriú freisin ⁽⁸⁾. Chun amhras a sheachaint, ní mór gan úsáid a bhaint as an ardán sin chun aon doiciméad a chur isteach a bhaineann le cás, nó aon fhaisnéis rúnda nó a bhaineann le cás sonrath.
11. Ní mór gan doiciméid shínithe a chriptiú ná aon deimhniú a bheith iontu, seachas deimhnithe a bhaineann le ríomhshínithe cáilithe.
12. Ní mór meiteashonraí an ríomhshínithe cháilithe a bheith ag teacht le sonraí teagmhála an tsínitheora. Agus úsáid á baint as ríomhshíniú cáilithe amháin nó as roinnt díobh chun doiciméad a shíniú, ar mhaithe le faisnéis, soláthair sonraí teagmhála an tsínitheora, mar aon leis an gcomhartha “[ríomhshínithe]” ag deireadh an doiciméid. Tá léiriú ó amharc ar an ríomhshíniú roghnach agus ní bhaineann aon luach dlíthiúil breise leis.
13. Le modhnuithe ar dhoiciméad sínithe, brisfear sláine aon ríomhshínithe atá ann. Níor cheart an doiciméad a mhodhnú dá bhrí sin tar éis ríomhshíniú amháin nó níos mó a thabhairt isteach.
14. I dtaca le doiciméid a shínítear le ríomhshíniú, ní mór gan na doiciméid a bheith faoi ghlas ná faoi chosaint pasfhocail. Leis sin, cuirfear é ar a chumas do bhogearraí tiomanta an Choimisiúin an doiciméad a rochtain agus bailíocht an ríomhshínithe a fhíorú.

3. Sonraíochtaí teicniúla na ndoiciméad a chuirtear isteach go leictreonach

15. Sa roinn seo leagtar amach sonraíochtaí teicniúla maidir le doiciméid a chuirtear isteach go leictreonach, lena n-áirítear ábhair a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as EU Send mar aon leo siúd a sheachadtar chuig an gCoimisiún i ngléasanna stórála seachtraí.
16. Ní mór gach doiciméad a chuirtear isteach i bhformáid leictreonach a scanadh le haghaidh víreas agus a bheith saor ó víris roimh iad a chur isteach. Scríosfaidh an Coimisiún aon chomhad ionfhabhtaithe agus caithfidh sé amach aon mheáin stórála seachtraí ionfhabhtaithe. Féadfaidh an aighneacht a bheith neamhbhailí nó neamh-chomhlánaithe i ngeall ar chomhaid a dhéantar a scríosadh nó a chaitheamh amach.
17. I dtaca le doiciméid a chuirtear isteach agus úsáid á baint as EU Sign, ní mór gan na doiciméid sin a chriptiú. I dtaca le doiciméid a sheachadtar i ngléasanna stórála seachtraí, moltar criptiú go mór. Níor cheart criptiú a chur chun feidhme ach ar leibhéal an ghléis stórála. Níor cheart doiciméid aonair atá stóráilte ar an ngléas a bheith faoi chosaint pasfhocail. Ba cheart pasfhocail díchriptiúcháin a sheoladh ar leithligh.

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le formáidí ríomhshínithe ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint ag comhlachtaí san earnáil phoiblí de bhun Airteagal 27(5) agus Airteagal 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach, (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37).

⁽⁶⁾ Liostaítear QTSPanna de réir an Bhallstáit den Aontas anseo: <https://signature.ec.europa.eu/efda/tl-browser/#/screen/home>. I dtaca le deimhniú cáilithe a sholáthar lena ríomhshíniú, rud a cheanglaítear le haghaidh ríomhshíniú cáilithe, ní féidir déanamh amhlaidh ach le QTSPanna ar a bhfuil an chlib “QCert for ESig” agus leo sin amháin.

⁽⁷⁾ Liostaítear QTSPanna de réir an Bhallstáit den Aontas anseo: <https://signature.ec.europa.eu/efda/tl-browser/#/screen/home>. Is féidir le QTSPanna a léiriú mar “QVal for QESig” seirbhís um bhailíochtú cáilithe a sholáthar le haghaidh ríomhshínithe cáilithe.

⁽⁸⁾ Feidhmchlár gréasáin an Choimisiúin um Ríomhseirbhísí Síniú: <https://ec.europa.eu/cedigital/DSS/webapp-demo/validation>

18. Ní mór gach doiciméad a bheith i bhFormáid Doiciméad Iniompartha (PDF) nó i bhformáid scarbhileoige (XLSX) (faoi réir phointe 21 thíos). Ní mór doiciméid i bhformáid PDF a bheith inchuardaithe, mar PDFanna a chruthaítear go digiteach nó trí na doiciméid a bheith scanta chun teacht ar aithint optúil carachtar (OCR). I dtaca le doiciméid i bhformáid XLSX ní mór iad a chur isteach agus na sonraí foluiteacha uile neamhfholaithe agus gach foirmle agus algartam foluiteach ag feidhmiú.
19. Ba cheart ainm comhaid na ndoiciméad a ainmniú ar bhealach a fhágfaidh go mbeifear in ann an roinn ábhartha san Fhoirm CO, Foirm Ghearr CO, Foirm AR nó Foirm RM a aithint go héasca. Ba cheart uimhir an imeachta, dá ndéantar an aighneacht, a bheith in ainm comhaid gach doiciméid freisin. Ní mór gan carachtair speisialta nó carachtair nach carachtair Laidine iad a chur isteach in ainmneacha comhaid doiciméad agus ní mór an chonair iomlán a bheith teoranta do 250 carachtar.
20. Ní mór gach leathanach in PDF a mharcáil le haitheantas corparáideach agus le huimhreacha rialaithe doiciméad leantacha (e.g., ABC-00000001).
4. **Sonraíochtaí breise le haghaidh doiciméid inmheánacha a chuirtear isteach mar chuid de Roinn 5.4 den Fhoirm CO**
21. Ní mór doiciméid a chur isteach san fhoirmáid bhunaidh (i.e. gan iad a bheith tiontaithe in PDF lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid den Fhoirm CO).
22. Ní mór ríomhphoist agus comhaid eile a chur isteach mar chomhaid ar leithligh (níor cheart iad a bheith i bhformáidí “.pst”, “.zip” ná “.nsf”). Ba cheart comhaid .nsf a thiontú go mbeidh siad in aon fhoirmáid ríomhphoist “aonair” ar bith (amhail “.msg” nó “.eml”).
23. Ní mór doiciméid a tharchur agus iad iomlán agus gan folú déanta ar aon chuid díobh. Ní mór na meiteashonraí foluiteacha uile a choimeád slán. Ní fhéadfar aon bhogearra a úsáid lena ndéantar dídhúbláil nó srathú ríomhphoist.
5. **Modhanna malartacha chun doiciméid a shíniú agus a chur faoi bhráid AS na hIomaíochta**
24. Más rud é nach bhfuil EU Send ar fáil ar chúiseanna cothabhála nó teicniúla nach bhfuil faoi smacht an Choimisiúin, téigh i dteagmháil láithreach le Foireann Tacaíochta TF EU Send (COMP-EU-SEND@ec.europa.eu). Ná húsáid an seoladh ríomhphoist sin chun aon doiciméad a chur isteach ná chun aon fhaisnéis rúnda nó a bhaineann le cás sonracha a phlé.
25. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúil doiciméid a tharchur trí EU Send agus ina gceadaíonn an Coimisiún go heisceachtúil gur féidir modhanna tarchuir eile a úsáid, i dtaca le doiciméid faoi bhun 10 ngigibheart, féadfar iad a sheachadadh de láimh nó a sheoladh trí phost cláraithe chuig AS na hIomaíochta. Bain úsáid as gléasanna stórála seachtraí amhail USB, CD, nó DVD nó as tiomántáin diosca chrua, arna bhformáidiú i sonraí neamh-chomhbhrúite atá comhoiriúnach le Microsoft Windows i bhfeireadh seachtrach USB 2.0 nó 3.0. Ní mór na doiciméid sin a shíniú go digiteach le ríomhshíniú cáilithe.
26. Mura bhfuil sé indéanta doiciméid a shíniú le ríomhshíniú cáilithe agus má cheadaíonn an Coimisiún go heisceachtúil gur féidir modhanna sínithe eile a úsáid, féadfar cóip pháipéir den aighneacht chomhlánaithe atá sínithe de láimh a sheachadadh de láimh nó a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig AS na hIomaíochta. Sa chás sin, ní mór dhá chóip dhigiteacha den aighneacht iomlán a bheith ag gabháil leis an aighneacht, agus iad i ngléasanna stórála seachtraí (amhail USB, CD, nó DVD nó tiomántáin diosca chrua, arna bhformáidiú i sonraí neamh-chomhbhrúite atá comhoiriúnach le Microsoft Windows i bhfeireadh seachtrach USB 2.0 nó 3.0) le haghaidh faisnéise. Ní mór dearbhú arna shíniú de láimh a bheith ag gabháil leis an aighneacht freisin, lena luaitear go bhfuil an chóip pháipéir sínithe agus na cóipeanna digiteacha go díreach mar an gcéanna.
6. **Dáta infheidhmeachta**
27. Beidh feidhm ag na teoracha sa teachtaireacht seo ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

4 Bealtaine 2023

(2023/C 160/03)

1 euro =

Airgeadra		Ráta malairte	Airgeadra		Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,1074	CAD	dollar Cheanada	1,5072
JPY	yen na Seapáine	148,92	HKD	dollar Hong Cong	8,6909
DKK	krona na Danmhairge	7,4503	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,7668
GBP	punt steirling	0,88015	SGD	dollar Shingepór	1,4695
SEK	krona na Sualainne	11,3410	KRW	won na Cóiré Theas	1 465,69
CHF	franc na hEilvéise	0,9802	ZAR	rand na hAfraice Theas	20,1357
ISK	króna na hÍoslainne	150,10	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,6538
NOK	krona na hIorua	11,8282	IDR	rupiah na hIndinése	16 263,59
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaesia	4,9313
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,460	PHP	peso na nOileán Filipíneach	61,286
HUF	forint na hUngáire	373,94	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,5905	THB	baht na Téalainne	37,430
RON	leu na Rómáine	4,9295	BRL	real na Brasaíle	5,5194
TRY	lira na Tuirce	21,5825	MXN	peso Mheicsiceo	19,8208
AUD	dollar na hAstráile	1,6585	INR	rúipí na hIndia	90,5495

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

TEACHTAIREACHT Ó RIALTAS PHOBLACHT NA POLAINNE

maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(2023/C 160/04)

Cuireadh poiblí chun tairiscint a dhéanamh ar lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gryfice”

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49h(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú)
2. Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le tairiscintí a dhéanamh ar lamháltas i ndáil le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus lamháltas chun hidreacarbóin a eastóscadh (Iris na nDlíthe 2015, mír 1171)
3. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrúchán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54 00-922 Warszawa, an Pholainn

Teil. +48 223692449,

Facs +48 23692460

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **an cineál gníomhaíochtaí a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gryfice”, mar chuid de bhloic lamháltas Uimhreacha 62, 82, agus 83.

2) **an limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana seo le línte lena gceanglaítear pointí leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	691 055,17	219 674,19
2	692 737,14	221 619,12
3	693 771,09	224 785,26
4	695 846,05	233 241,52
5	697 800,71	239 098,78
6	689 034,77	237 808,88

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
7	688 700,54	245 043,47
8	687 684,41	264 181,99
9	684 723,09	259 134,45
10	673 948,18	266 614,09
11	675 598,09	237 055,20
12	673 865,95	223 383,30
13	673 409,40	219 824,29
14	677 185,11	213 499,78
15	687 174,95	217 946,87
16	685 637,43	221 987,20
17	688 367,49	223 047,42
18	689 636,16	219 042,50

cé is moite den phologán a shainmhínítear i bpointí 19 go 23 mar a leanas:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
19	679 335,20	223 870,95
20	679 746,86	224 268,31
21	679 040,45	224 478,55
22	678 251,69	224 485,63
23	678 251,81	224 056,04

Is é 747,96 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana sin. Tá teorainn íochtarach an limistéir ag doimhneacht 5 000 m faoi leibhéal na talún (FLT).

Is é is aidhm do na hoibreacha atá le déanamh i bhfoirmithe Carbónmhara agus Peirmigh ola agus gás nádúrtha a dhóiciméadú agus a eastóscadh sa limistéir ar a dtugtar tuairisc thuas.

3) **teorainn ama chun tairiscint a dhéanamh:**

Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid cheanncheathrú na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 CET/CEST ar an lá deiridh den tréimhse 180 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4) **sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta tairisceana agus sonraíocht a n-ualaithe, chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 49k den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011:**

Féadfaidh eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht tairiscintí a chur isteach, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(16)(1) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, go neamhspleách nó mar an oibreoir má tá roinnt eintiteas ag cur isteach ar an lamháltas i gcomhpháirt.

Déanfaidh an coiste tairiscintí meastóireacht ar na tograí a fhaightear ar bhonn na gcritéir a leanas:

30 % - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíochta atá beartaithe, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;

- 20 % - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druiliri;
- 20 % - inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
- 20 % - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus gnéithe nuálacha a forbraíodh don tionscadal sin á n-úsáid;
- 5 % - inniúlachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna (lena n-áirítear 2 % do raon feidhme an chomhair, maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh agus a eastóscadh, le comhlachtaí eolaíochta i mbun taighde ar gheolaíocht na Polainne agus ar uirlisí, ar theicneolaíochtaí agus ar mhodhanna anailise chun taiscí hidreacarbóin a chuardach lena gcuirtear saineúlacht dhálaí gheolaíochta na Polainne san áireamh agus a fhéadfar a chur i bhfeidhm faoi na dálaí sin);
- 5 % - taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go bhfaigheann dhá thairiscint nó níos mó an scór céanna, úsáidfear méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

5) **raon feidhme íosta na faisnéise geolaíochta:**

Nuair a chuirtear tairiscint isteach níl aon cheanglas a léiriú go bhfuil sé de cheart faisnéis gheolaíochta a úsáid.

Nuair a théitear isteach i gcéim an eastósctha, tá sé d'obleagáid ar ghnóthas fianaise a sholáthar lena léirítear go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid a mhéid is gá chun tabhairt faoina gníomhaíochtaí.

6) **dáta tosaigh na gníomhaíochtaí:**

Cuirfear tús leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an lamháltas laistigh de 14 lá ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndéanfaítear an lamháltas críochnaitheach.

7) **coinníollacha le haghaidh dheonú an lamháltais:**

Faoi Airteagal 49x(2a) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, tairgeoir a n-éireodh leis gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó hidreacarbóin a eastóscadh laistigh de limistéir mhuirí Phoblacht na Polainne, tá sé d'obleagáid ar an tairgeoir sin urrús a sholáthar le haghaidh éileamh a fhéadfaidh eascairt de thoradh gníomhaíochtaí den sórt sin. Déanfar an t-urrús a bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh lena bhfaomhfar plean oibríochtaí shaoráid na mianadóireachta dá dtagraítear in Airteagal 108(11) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta a sheachadadh agus roimh an dáta a thosóidh oibriú shaoráid na mianadóireachta.

Is é PLN 80 000 000 (i bhfocail: ochtó milliún zloty) méid an urrúis le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar ar bhonn phlean oibríochtaí shaoráid na mianadóireachta.

Má dhéanann an oifig inniúil um mianadóireacht an cheantair pleananna oibríochtaí shaoráid na mianadóireachta a fhorhmeas, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta nua (tollphoil a dhruileáil), méadófar méid an urrúis céim ar chéim faoi PLN 40 000 000 (i bhfocail: daichead milliún zloty) in aghaidh gach tollphoil nua a dhruileálfar.

Glacfar leis na cineálacha urrúis a leanas:

1. urrús den chineál airgeadaíochta;

2. urraí ón mbanc nó urraí ó chomharchumann agus comhair chreidmheasa; ní mór oibleagáid na hinstiúide a bheith ina hoibleagáid airgeadaíochta i gcónaí;
 3. ráthaíochtaí bainc;
 4. ráthaíochtaí árachais;
 5. urraí arna n-eisiúint ag aon cheann de na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 6b(5)(2) d'Acht an 9 Samhain 2000 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Pholannach um Fhorbairt Fiontair (Iris na nDlíthe 2020, mír 299);
 6. billí malairte a ráthaíonn banc nó comharchumann agus comhar creidmheasa;
 7. liain ar urrúis arna n-eisiúint ag an Státchiste;
 8. árachas dliteanais tríú páirtí.
- 8) **raon feidhme íosta oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta:**
- Suirbhéanna geofisiceacha 50 km (fad an líne fhlosctha) le tástálacha seismeacha 2T nó 25 km² (an limistéar eastósctha) le tástálacha seismeacha 3T.
- Tollpholl a dhruileáil go doimhneacht uasta 5 000 m (doimhneacht cheartingearach iarbhír – DCI), le croíleacú éigeantach na mbearnaí ionchasacha.
- 9) **an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**
- Is é 30 bliain an tréimhse lamháltais, lena n-áirítear:
- 1) céim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta d'fhad 5 bliana, dar tús an dáta a dheonaítear an lamháltas;
 - 2) céim eastósctha d'fhad 25 bliana, dar tús an dáta a fhaightear cinneadh infheistíochta.
- 10) **coinníollacha sonracha chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun sábháilteacht phoiblí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht réasúnach taiscí a áirithiú:**
- Cuirfear tús leis na suirbhéanna geofisiceacha laistigh de 24 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.
- Cuirfear tús leis na hoibríochtaí geolaíochta (druileáil tollpholl) laistigh de 42 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.
- Mar gheall go bhfuil an limistéar tairisceana suite go páirteach laistigh de na teorainneacha d'uiscí farraige inmheánacha agus d'uiscí farraige ar feadh an chósta (criosanna teicniúla agus cosanta), leagtar síos na coinníollacha mionsonraithe chun an gníomhaíocht a dhéanamh de bhun an ordaithe ó Stiúrthóir Oifig Mhuirí Szczecin an 21 Deireadh Fómhair 2022 (tag.: GPG-I.6211.78.22.DW(8):
1. toirmeasc ar oibríochtaí i ndobharlaigh a úsáidtear le haghaidh loingseoireachta agus chun slándáil loingseoireachta a áirithiú; cinntear teorainneacha na n-uiscí sin ar bhonn na nithe a leanas:
 - 1) Míreanna 3(1) agus 4(1) d'Ordú Uimh. 5 ó Stiúrthóir Oifig Mhuirí Szczecin an 8 Lúnasa 2017 lena mbunaítear an bonneagar a thugann rochtain ar na calafoirt in Dziwnów, Kamień Pomorski, Lubin, Mrzeżyno, Nowe Warpno, Police, Stepnica, Trzebież, Wapnica agus Wolin, agus ar na céanna agus na calaí in Międzyzdroje, Niechorze agus Rewal (Iris Dhlíthe Chúige Zachodniopomorskie 2017, mír 3487 arna leasú);
 - 2) Mír 164(1) d'Ordú Uimh. 3 ó Stiúrthóir Oifig Mhuirí Szczecin an 26 Iúil 2013 lena leagtar amach rialacháin maidir le calafoirt (Iris Dhlíthe Chúige Zachodniopomorskie 2013, mír 2932 arna leasú)sa limistéar ina bhfuil uiscí farraige inmheánacha;
 2. toirmeasc ar shaoráidí seasta ag a bhfuil stádas mar oileáin shaorga, struchtúir nó fearais a thógáil chun hidreacarbóin a eastóscadh de réir bhrí Airteagal 23 d'Acht an 21 Márta 1991 maidir le limistéir mhuirí Phoblacht na Polainne agus riaracháin mhuirí (Iris na nDlíthe 2022, mír 457 arna leasú) sa limistéar a chumhdaítear faoi uiscí farraige inmheánacha;

3. ceanglas chun cáblaí agus píblínte a chur ag doimhneacht nach lú na 3 m faoi chiseal do Bharlaigh ina bhfuil sé beartaithe píblínte a úsáid le haghaidh sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin, agus maidir le taiscí hidreacarbóin a eastóscadh ó uiscí farraige inmheánacha.

Ní mór nach sáródh cur chun feidhme chlár oibre an lamháltais cearta úinéirí talún agus ní chuireann sé deireadh leis an ngá le ceanglais eile a leagtar síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe an Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, agus ceanglais maidir le planáil spásúil, cosaint an chomhshaoil, talamh talmhaíochta agus foraoisí, an nádúr, uiscí agus dramhaíl a chomhlíonadh.

Is í Catagóir C an chatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh taiscí ola agus gáis nádúrtha.

11) **samhail-chomhaontú maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Tá an samhail-chomhaontú curtha i gceangal mar iarscríbhinn leis seo.

12) **faisnéis maidir le méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é PLN 183 235,24 (i bhfocail: céad ochtó is trí mhíle, dhá céad tríocha a cúig zloty, agus ceithre grosz is fichid) in aghaidh na bliana méid íosta na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú do limistéar “Gryfice” le linn na buntréimhse 5 bliana.

Tá téarmaí íocaíochta mionsonraithe le fáil san iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe 10.

13) **faisnéis maidir leis na ceanglais le comhlíonadh ag tairiscintí agus na doiciméid a éilíonn tairgeoirí:**

1. Ba cheart an méid seo a leanas a shonrú i dtairiscintí:

- 1) ainm (ainm gnó) agus oifig chláráithe an tairgeoira;
- 2) ábhar na tairisceana, in éineacht le tuairisc ina sonrú an limistéar ina mbeidh an lamháltas le deonú agus ina mbeidh cearta úsáide mianadóireachta le bunú;
- 3) an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith, fad na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí;
- 4) aidhm, raon feidhme agus cineál oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus faisnéis maidir leis na hoibreacha atá le déanamh chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus na teicneolaíochtaí atá le húsáid;
- 5) sceideal, arna bhriseadh síos i mblianta, le haghaidh oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta agus raon feidhme na n-oibreacha sin;
- 6) raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druilirí, dá dtagraítear in Airteagal 82(2)(2) den Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
- 7) cearta arna sealbhú ag an tairgeoir ar an réadmhaoín (limistéar) ina bhfuil na ngníomhaíochtaí atá beartaithe le déanamh, nó an ceart a bhfuil an t-eintiteas sin ag cur isteach ar a bhunú;
- 8) liosta de na limistéir a chumhdaítear le scéimeanna caomhnaithe nádúir; ní bhaineann an ceanglas seo le tionscadail a n-éilítear cead comhshaoil ina leith;
- 9) an bealach a ngníomhófar in éadan thionchair dhochracha chomhshaoil na ngníomhaíochtaí atá beartaithe;
- 10) raon feidhme na faisnéise geolaíochta atá ar fáil don tairgeoir;
- 11) taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú;
- 12) inniúlachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna;

- 13) inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
 - 14) an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;
 - 15) an méid atá beartaithe don táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú, nach lú é sin ná an méid a shonraítear san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana;
 - 16) má chuireann roinnt eintiteas tairiscint isteach i gcomhpháirt, ní mór an méid seo a leanas a shonrú freisin:
 - a) ainmneacha (ainmneacha gnó) agus oifigí cláraithe gach eintitis a chuireann an tairiscint isteach;
 - b) an t-oibreoir;
 - c) na scaireanna céatadáin i gcostais oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, atá beartaithe sa chomhaontú comhair.
 - 17) foirm an urrúis a bhunaítear faoi phointe 7.
2. Ba cheart do thairiscintí a chuirtear isteach i nós imeachta tairisceana na ceanglais agus na coinníollacha a leagtar síos san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana sin a chomhlíonadh.
 3. Tá na doiciméid seo a leanas le cur faoi iamh le tairiscintí:
 - 1) fianaise gurb ann do na himthosca ar a dtugtar tuairisc sa tairiscint, go háirithe sleachta as na cláir ábhartha;
 - 2) cruthúnas gur taisceadh éarlais;
 - 3) cóip den chinneadh lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(17) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 4) iarscríbhinní grafacha ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le léarscáileanna mianadóireachta, lena léirítear teorainneacha riaracháin na tíre;
 - 5) gealltanais scríofa chun acmhainní teicniúla a chur ar fáil don eintiteas a ghlacann páirt sa nós imeachta tairisceana má úsáidtear acmhainní teicniúla eintiteas eile agus an lamháltas á chur chun feidhme;
 - 6) dhá chóip de chomhad tionscadail na n-oibríochtaí geolaíochta.
 4. Féadfaidh tairgeoirí, dá dtionscnamh féin, faisnéis bhreise a sholáthar ina dtairiscintí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo.
 5. Ba cheart bunchóipeanna nó fíorchóipeanna deimhnithe de na bunchóipeanna a bheith sna doiciméid a chuireann tairgeoirí isteach dá ndéantar foráil i gCód an Nós Imeachta Riaracháin. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le cóipeanna de dhoiciméid atá le cur i gceangal le tairiscintí agus a chruthaigh an t-údarás lamháltais.
 6. Ba cheart doiciméid arna dtarraingt suas i dteanga eachtrach a chur isteach in éineacht le haistriúchán i bPolainnis ó aistritheoir faoi mhionn.
 7. Tá tairiscintí le cur isteach i gclúdach séalaithe nó i bpacáiste séalaithe ar a mbeidh ainm (ainm gnó) an tairgeora agus ar a léireofar ábhar an nós imeachta tairisceana.
 8. Déanfar tairiscintí a chuirtear isteach tar éis dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach a sheoladh ar ais chuig na tairgeoirí gan oscailt.
- 14) **faisnéis maidir leis an mbealach chun éarlais a thaisceadh, méid na héarlaise agus an dáta íocaíochta:**
- Ceanglaítear ar thairgeoirí éarlais PLN 1 000 (i bhfocail: míle zloty agus gan aon grosz) a thaisceadh roimh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

ROINN IV: FAISNÉIS RIARACHÁIN

IV.1) **An coiste meastóireachta tairiscintí**

Ceapann an t-údarás lamháltais coiste meastóireachta tairiscintí chun an nós imeachta tairisceana a stiúradh agus an tairiscint is buntáistí a roghnú. Sonraítear comhdhéanamh agus rialacha nós imeachta an choiste sa Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le nósanna imeachta tairisceana le haghaidh lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus le haghaidh lamháltas chun hidreacarbóin a eastóscadh (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171). Cuireann an coiste meastóireachta tairiscintí tuarascáil ar an nós imeachta tairisceana faoi bhráid an údaráis lamháltais lena formheas. In éineacht le tairiscintí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana, tá an tuarascáil oscailte d'eintitis eile a chuireann tairiscintí isteach.

IV.2) **Soiléirithe breise**

Laistigh de 14 lá ó dhátá foilsithe an fhógra, féadfaidh eintiteas leasmhar iarraidh ar an údarás lamháltais soiléirithe a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana. Laistigh de 14 lá ón iarraidh a fháil, foilseoidh an t-údarás lamháltais na soiléirithe sa *Biuletyn Informacji Publicznej* (Feasachán Faisnéise Poiblí), ar leathanach na hoifige riaracháin atá faoi réir an údaráis sin.

IV.3) **Faisnéis bhreise**

Tá faisnéis iomlán faoin limistéar a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana curtha i dtoll a chéile ag Seirbhís Geolaíochta na Polainne sa Phacáiste Sonraí Geolaíochta le haghaidh an nós imeachta tairisceana maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gás nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh sa limistéar tairisceana “Kartuzy” (“Pakiet danych geologicznych do postępowania przetargowego na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż. Obszar przetargowy ‘Gryfice’”), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag an seoladh seo a leanas: <https://bip.mos.gov.pl/koncesje-geologiczne/przetargi-na-koncesje-na-poszukiwanie-rozpoznawanie-i-wydobywanie-weglowodorow/piata-runda-przetargow-2021/>

agus ó

Departament Geologii i Koncesji Geologicznych [An Roinn Geolaíochta agus Lamháltas Geolaíochta]
Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil]
ul. Wawelska 52/54
00-922 Vársá
AN PHOLAINN

Teil. +48 223692449

Facs +48 223692460

COMHAONTÚ

cearta úsáide mianadóireachta a bhunú maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gryfice”, dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta

arna thabhairt i gcrích i Vársá an idir:

an Stáitchiste, arna ionadú ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil, ar a shon agus thar a cheann a ngníomhaíonn faoi chumhacht atur nae Uimh. dá ngairtear **“an Stáitchiste”** anseo feasta,

agus

..... (ainm an ghnóthais) a bhfuil a oifig chláraithe aige i (seoladh iomlán), cláraithe ar faoi KRS (Clár na gCúirteanna Náisiúnta) Uimh., scairchaipítíl, arna ionadú ag, dá ngairtear **“Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta”** anseo feasta,

dá ngairtear ina n-aonar mar **“Páirtí”** anseo feasta nó i gcomhpháirt mar **“na Páirtithe”**,

agus a léitear mar a leanas:

Roinn 1

1. An Stáitchiste, mar úinéir eisiach fhostrataim ghearb an Domhain a chumhdaíonn an limistéar laistigh de bhordais tuaithe Świerzno, Karnice, Rewal agus Brojce, agus na bardais tuaithe uirbeacha Wolin, Kamień Pomorski, Dziwnów, Golczewo, Płoty, Trzebiatów agus Gryfice i gCúigiú Zachodniopomorskie, na teorainneacha díobh sin a shainítear le línte a cheanglaíonn pointí 1 go 18 leis na comhordanáidí a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	691 055,17	219 674,19
2	692 737,14	221 619,12
3	693 771,09	224 785,26
4	695 846,05	233 241,52
5	697 800,71	239 098,78
6	689 034,77	237 808,88
7	688 700,54	245 043,47
8	687 684,41	264 181,99
9	684 723,09	259 134,45
10	673 948,18	266 614,09
11	675 598,09	237 055,20
12	673 865,95	223 383,30
13	673 409,40	219 824,29
14	677 185,11	213 499,78
15	687 174,95	217 946,87
16	685 637,43	221 987,20
17	688 367,49	223 047,42
18	689 636,16	219 042,50

cé is moite den phologán a shainmhínítear i bpointí 19 go 23 mar a leanas:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
19	679 335,20	223 870,95
20	679 746,86	224 268,31
21	679 040,45	224 478,55
22	678 251,69	224 485,63
23	678 251,81	224 056,04

leis seo, bunaítear cearta úsáide mianadóireachta do Shealbhóir Cearta Úsáide Mianadóireachta sa limistéar a thuairiscítear thuas, atá teoranta ón mbarr ag an teorann na réadmhaoine atá ar an dromchla agus teoranta ón mbun ag doimhneacht 5 000 m, ar choinníoll go bhfaigheann Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gryfice” laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta atá an Comhaontú curtha i gcrích.

- Mura gcomhlíontar an coinníoll maidir le lamháltas a fháil dá dtagraítear i mír 1, rachaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú in éag.
- Laistigh den limistéar carraigmhaise a shonraítear i mír 1, féadfaidh le Sealbhóir Cearta Úsáide Mianadóireacht:
 - i bhfoirmíochtaí Carbónmhara agus Peirmeacha, gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha;
 - sa chuid eile den limistéar, aon oibríocht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na foirmíochtaí Carbónmhara agus Peirmeacha.
- Is é 747.96 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair mar a thuairiscítear thuas.
- Leis an gCeart Úsáide Mianadóireachta, beidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal an limistéar a shonraítear i mír 1 a úsáid ar bhonn eisiach le haghaidh sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ola agus gáis nádúrtha, chomh maith le gach gníomhaíocht is gá a theastaíonn a dhéanamh chun na críche sin laistigh den limistéar sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, go háirithe an Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú) agus cinní arna n-eisiúint dá bhun.

Roinn 2

Dearbhaíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta gan aon agóid a dhéanamh maidir le stádas fhíorasach agus dlíthiúil ábhair na gcearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 3

- Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú ar an dáta a fhaightear lamháltas.
- Bunófar na cearta úsáide mianadóireachta ar feadh tréimhse 30 bliain, lena n-áirítear 5 bhliain do chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta agus 25 bhliain do chéim an eastósctha, faoi réir Ranna 8(2) agus 10.
- Rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag má théann an lamháltas in éag, má aistarraingeofar é nó má éiríonn sé neamhbhailí, beag beann ar an gcúis.

Roinn 4

Geallann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta fógra i scríbhinn a thabhairt don Stáitchiste faoi aon athruithe a eascraíonn as athrú ainm, oifig chláraithe agus seoladh nó foirm eagraíochtúil, athruithe ar uimhreacha clárúcháin agus aitheantais, aistriú an lamháltais chuig eintiteas eile trí oibriú an dlí, achainí féimheachta a chomhdú, féimheacht a fhógairt nó imeachtaí athstruchtúraite a thionscnamh. Féadfaidh an Stáitchiste a cheangal go gcuirfean na míniúcháin is gá ar fáil sna cásanna sin. Déanfar an fógra laistigh de 30 lá ón dáta a tharla na himthosca dá dtagraítear thuas.

Roinn 5

Beidh an Comhaontú seo gan dochar do chearta tríú páirtithe, go háirithe úinéirí talún, agus ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta díolmhaithe ón riachtanas maidir leis na ceanglais dá bhforáiltear le dlí a chomhlíonadh, go háirithe maidir leo a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht mianraí agus a bhaineann le hacmhainní comhshaoil a úsáid agus a chosaint.

Roinn 6

Forchoimeádan an Státhiste an ceart cearta úsáide mianadóireachta a bhunú laistigh den limistéar dá dtagraítear i Roinn 1(1) chun gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd a shonraítear sa Chomhaontú, ar bhealach nach sáraíonn cearta an tSealbhóra Ceart Úsáide Mianadóireachta.

Roinn 7

1. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta don Státhiste an táille a leanas le haghaidh na gcearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) le haghaidh gach bliain de chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta de chearta úsáide mianadóireachta (a chomhairtear amhail 12 mhí as a chéile):
 - a) PLN (*an méid*) (*i bhfocail: zlotys*) don chéad bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - b) PLN (*an méid*) (*i bhfocail: zlotys*) don dara bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - c) PLN (*an méid*) (*i bhfocail: zlotys*) don tríú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - d) PLN (*an méid*) (*i bhfocail: zlotys*) don cheathrú bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - e) PLN (*an méid*) (*i bhfocail: zlotys*) don chúigiú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

— faoi réir fhorálacha mhír 2.
2. Má thiteann dáta íocaíochta na táille do bhliain ar leith de chearta úsáide idir an 1 Eanáir agus an 1 Máirt, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille roimh an 1 Máirt. Má tá an táille faoi réir innéacsaithe i gcomhréir le mír 3 go mír 5, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta tráth nach luaithe ná an dáta a fhógraítear an t-innéacsú dá dtagraítear i mír 3 áfach, tar éis an t-innéacsú a chur san áireamh.
3. Déanfar an táille sonraithe i mír 1 a innéacsú go dtí meáninnéacs bhliantúil praghsanna do thomhaltóirí don tréimhse idir conclúid an chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar atá fógartha ag Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (*Monitor Polski*). Má tá an t-innéacs seo do bhliain áirithe níos lú ná nó cothrom le náid, ní bheidh aon innéacsú ann don bhliain sin.
4. Má thiteann dáta íocaíochta na táille sa bhliain féilire chéanna ina gcuireadh an Comhaontú i gcrích, ní dhéanfar innéacsú ar an táille.
5. Má tugadh an Comhaontú i gcrích agus go raibh éifeacht leis sa bhliain roimh an mbliain ina dtiteann an dáta íocaíochta na táille, ní dhéanfar an táille a innéacsú má íocann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta é faoi dheireadh na bliana féilire ina dtugtar an Comhaontú i gcrích agus ina mbíonn éifeacht leis.
6. Má chailleann Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta arna bhunú faoin gComhaontú roimh dháta éaga na teorann ama sonraithe i Roinn 3(2), beidh sé de dhíth ar Shealbhóir Cearta Úsáide Mianadóireachta an táille don bhliain iomlán de cheart úsáide sa bhliain a chailleadh na cearta sin. Má chailtear na cearta úsáide mianadóireachta de thoradh ar tharraingt siar an lamhátais nó mar gheall ar na cúiseanna a shonraítear i Roinn 10(1), (3) nó (4), áfach, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do thréimhse iomlán

cearta úsáide chéim na sirtheoireachta agus na taiscéaláíochta a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le mír 3 agus gan dochar don phionós conarthach dá dtagraítear i Roinn 10(2). Íocfar an táille laistigh de 30 lá ón dáta ar ar cailleadh na cearta úsáide mianadóireachta. Ní scaoilfeadh le cailleadh na gcearta úsáide an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó oibleagáidí comhshaoil a bhaineann le hábhar na gcearta úsáide mianadóireachta, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cosaint taiscí.

7. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do na cearta úsáide mianadóireachta i gcuntas bainc na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag brainse Vársá de Bhanc Náisiúnta na Polainne, Uimh 07 1010 1010 0006 3522 3100 0000, lena n-áirítear an teachtaireacht a leanas ar an ordú aistrithe: “Ustanowienie użytkowania górniczego w związku z udzieleniem koncesji na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż w obszarze ‘Gryfice’ (‘Bunú cearta úsáide mianadóireachta i ndáil le deonú lamháiltais maidir le sirtheoireacht agus taiscéaláíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar ‘Gryfice’”).
Is é dáta na híocaíochta an dáta a chreidiúnófar cuntas an Státchiste.
8. Ní bheidh an táille a shonraítear i mír 1 faoi réir cháin ar earraí agus seirbhísí (CBL). Má leasaítear reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí is ábhar don Chomhaontú faoi réir cánachais, nó má athraíonn an tuiscint ar an reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir CBL, méadófar méid na táille faoi mhéid na cánach atá dlite.
9. Tabharfaidh an Státchiste fógra i scríbhinn don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta maidir le hathruithe ar an uimhir chuntais dá dtagraítear i mír 7.
10. Beidh an táille le haghaidh bhunú na gcearta úsáide mianadóireachta le híoc leis an Státchiste gan beann ar an ioncam a thuilleann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó úsáid na gcearta sin.
11. Seolfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cóipeanna de chruthúnas íocaíochta na táille dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh bhunú na gcearta úsáide mianadóireachta chuig an Státchiste laistigh de 7 lá ón dáta íocaíochta.

Roinn 8

1. Tar éis don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cinneadh infheistíochta a fháil lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha, déanfaidh na Páirtithe, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh sin, aguisín a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú lena sonraítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le linn na céime eastósctha agus an méid den táille le haghaidh cearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chearta úsáide mianadóireachta le linn na céime eastósctha.
2. Más rud é nach bhfuil an aguisín dá dtagraítear i mír 1 tugtha i gcrích laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh infheistíochta lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola nó gáis nádúrtha, rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag.

Roinn 9

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta a shuitear i Roinn 1(1) a fheidhmiú nuair a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ón Státchiste.

Roinn 10

1. Má sháraíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí arna leagan síos sa Chomhaontú, féadfaidh an Státchiste, faoi réir na bhforálacha de mhíreanna 3 agus 4, an Comhaontú a fhoirceannadh láithreach, gan an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta a bheith i dteideal aon éileamh a dhéanamh ar mhaoin. Ní fhéadfaidh an Comhaontú a fhoirceannadh, áfach, má sháraigh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí faoin gComhaontú de bharr *force majeure*.

2. Má fhoirceannar an Comhaontú ar na cúiseanna a shonraítear i míreanna 1 nó 4, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta pionós conarthach de 25 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta den cheart úsáide mianadóireachta leis an Státchiste, mar a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le Roinn 7(3).
3. Má chuireann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta moill de bhreis agus 7 lá níos mó ná na sprioc-amanna a shonraítear i Roinn 7(1) nó (2) ar íocaíocht na táille, iarrfaidh an Státchiste go n-íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille gan íoc laistigh de 7 lá ó fháil na hiarrata, agus mura ndéanfaidh sin, foirceannfar an Comhaontú láithreach.
4. Mura dtugann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta fógra don Státchiste maidir le haon cheann de na teagmhais dá dtagraítear i Roinn 4 laistigh de 30 lá ón tráth ar tharla siad, féadfaidh an Státchiste pionós conarthach de 5 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta den cheart úsáide mianadóireachta a fhorfheidhmiú maidir le gach cás nár soláthraíodh faisnéis, nó féadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh ina iomlán nó ina pháirt, faoi réir fógra de 30 lá atá éifeachtach ag deireadh na míosa féilire.
5. Beidh an Comhaontú ina cheangal ar an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta go dtí an dáta éaga, an dáta tarraingthe siar nó dáta neamhbhailíochta an lamháiltais agus ní fhéadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh.
6. Foirceannfar an Comhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh an foirceannadh neamhbhailí.
7. Aontaíonn na Páirtithe, i gcás ina bhfoirceannann an Státchiste an Comhaontú, nach n-aisíocfar an táille a íocadh as na cearta úsáide mianadóireachta dá dtagraítear i Roinn 7(1).
8. Coimeádann an Státchiste an ceart aige féin cúiteamh de bhreis ar an méid de phionóis chonarthacha a iarradh ar théarmaí gearrálta má sháraíonn méid an damáiste arna thabhu ag an Státchiste na pionóis chonarthacha.

Roinn 11

1. Tá na sonraí teagmhála a leanas curtha ar fáil ag na Páirtithe le haghaidh teagmhála:
 - 1) Státchiste:

Ministerstwo Kimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil], ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa;
 - 2) An Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta:

(seoladh).
2. Ceanglaítear ar na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí conartha a thugtar le fios i mír 1. Ní éileofar le hathrú den sórt sin aguisín leis an gComhaontú. I gcás ina seolfar comhfhreagras chuig an seoladh teagmhála is déanaí a cuireadh ar fáil ag Páirtí, measfar gur tugadh é go héifeachtach don Pháirtí eile.
3. Seolfaidh gach ceann de na Páirtithe comhfhreagras don Pháirtí eile go pearsanta, le cúiréir nó le litir chláráithe ag úsáid na sonraí teagmhála is déanaí a chuir an Páirtí ar fáil.
4. I gcás litreacha cláráithe a seoladh ag an seoladh is déanaí a cuireadh ar fáil de Pháirtí agus a cuireadh ar ais ag oifig an phoist nó ag comhlacht cúiréara mar gheall nach raibh sé bailithe in am ag an seolaí, caithfear leo amhail gur tugadh é go héifeachtach a luaithe ceithre lá déag tar éis an chéad iarracht é a sheachadadh.

Roinn 12

1. Ní bheidh na páirtithe faoi dhliteanas maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú a eascraíonn as force majeure más féidir a chruthú go raibh tionchar ag damáiste mar gheall ar force majeure ar an mainneachtain na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Is ea a chiallóidh “*force majeure*” teagmhas seachtrach nárbh fhéidir le Páirtithe a thuar nó a sheachaint, teagmhas a fhágann nach féidir an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, go buan nó ar feadh tréimhse faoi leith, teagmhas nárbh fhéidir leis an bPáirtí cur ina aghaidh trí dícheall cuí a fheidhmiú agus teagmhas nár eascair earráidí nó faillí ó thaobh an Pháirtí atá thíos leis as.

2. I gcás force majeure, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall láithreach chun teacht ar bhealach gníomhaithe.

Roinn 13

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama ar an gComhaontú, ina iomláine nó i bpáirt, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i scríbhinn, agus mura ndéanann sé sin beidh an t-iarratas neamhbhailí.

Roinn 14

Má fhoirceanntar an Comhaontú, ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal aon éileamh a dhéanamh in aghaidh an Státchiste maidir le méadú ar luach ábhar na gceart úsáide mianadóireachta.

Roinn 15

Réiteofar aon díospóid a eascraíonn as an gComhaontú tríd an ngnáthchúirt ag a bhfuil dlínse geografach thar shuíomh an Státchiste.

Roinn 16

Rialófar an Comhaontú seo faoi dhlí na Polainne, go háirithe forálacha an Ghnímh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta agus an Chóid Shibhialta.

Roinn 17

Cumhdóidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na costais a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Roinn 18

Déanfar leasuithe ar an gComhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh siad neamhbhailí.

Roinn 19

Tarraingíodh an Comhaontú suas i dtrí chóip atá díreach mar an gcéanna (cóip amháin don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta agus dhá chóip don Státchiste).

Státchiste

An Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta

Teachtaireacht ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(2023/C 160/05)

Cuireadh poiblí chun tairiscint a dhéanamh ar lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gáis nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Kartuzy”

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49h(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú)
2. Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le tairiscintí a dhéanamh ar lamháltais chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus lamháltais chun hidreacarbóin a eastóscadh (Iris na nDlíthe 2015, mír 1171)
3. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54 00-922 Vársá, an Pholainn

Fón: +48 22 3692449, Facs: +48 22 3692460

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **An cineál gníomhaíochtaí a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gáis nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Kartuzy”, mar chuid de bhloc lamháltais Uimh. 49.

2) **An limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana seo leis na línte lena gceanglaítear pointí leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phoainte	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	709 648,50	467 438,93
2	709 994,91	434 842,34
3	737 770,93	435 133,01
4	737 259,22	467 502,29
5	720 361,13	467 514,79

Is é 900,35 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana sin. Tá teorainn íochtarach an limistéir ag doimhneacht 5 000 m faoi leibhéal na talún (FLT).

Tá sé d'aidhm ag na hoibreacha atá le déanamh i bhfoirmithe Caimbriacha, Ordaivíseacha agus Siolúracha ola agus gáis nádúrtha a dhoiciméadú agus a eastóscadh sa limistéar ar a dtugtar tuairisc thuas.

3) **Teorainn ama, nach lú ná 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra, agus an áit chun tairiscintí a chur isteach:**

Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid cheanncheathrú na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 CET/CEST ar an lá deiridh den tréimhse 180 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4) **Sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta tairisceana agus sonraíocht a n-ualaithe, chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 49k den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011:**

Féadfaidh eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht tairiscintí a chur isteach, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(16)(1) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, go neamhspleách nó mar an oibreoir má tá roinnt eintiteas ag cur isteach ar an lamháltas i gcomhpháirt.

Déanfaidh an coiste tairiscintí meastóireacht ar na tograí a fhaightear ar bhonn na gcritéar a leanas:

- 30 % - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta atá beartaithe;
- 20 % - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druilirí;
- 20 % - inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ar thaiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
- 20 % - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus gnéithe nuálacha a forbraíodh don tionscadal sin á n-úsáid;
- 5 % - inniúlachtaí teicniúla chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna (lena n-áirítear 2 % do raon feidhme an chomhair, maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus eastóscadh a dhéanamh ar hidreacarbóin, le comhlachtaí eolaíochta i mbun taighde ar gheolaíocht na Polainne agus ar uirlisí, ar theicneolaíochtaí agus ar mhodhanna anailíse chun sirtheoireacht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin lena gcuirtear sainiúlacht dhálaí geolaíochta na Polainne san áireamh agus a fhéadfar a chur i bhfeidhm faoi na dálaí sin);
- 5 % - tairiscintí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go bhfaigheann dhá thairiscint nó níos mó an scór céanna, úsáidfear méid na tairiscintí chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

5) **Raon feidhme íosta na faisnéise geolaíochta:**

Nuair a chuirtear tairiscint isteach níl aon cheanglas a léiriú go bhfuil sé de cheart faisnéis gheolaíochta a úsáid.

Nuair a théitear isteach i gcéim an eastósctha, tá sé d'oibleagáid ar ghnóthas fianaise a sholáthar lena léirítear go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid a mhéid is gá chun tabhairt faoina gníomhaíochtaí.

6) **Dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí:**

Cuirfead tús leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an lamháltas laistigh de 14 lá ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndéanfaítear an lamháltas críochnaitheach.

7) **Raon feidhme íosta oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta:**

Suirbhéanna geoifisiceacha 100 km (fad an líne fhlosctha) le tástálacha seismeacha 2T nó 50 km² (an limistéar eastósctha) le tástálacha seismeacha 3T.

Tollpholl a dhruileáil go doimhneacht uasta 5 000 m (doimhneacht cheartingearach iarbhrí – DCI), le croíleacú éigeantach na mbearnaí ionchasacha.

8) **An tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Is é 30 bliain an tréimhse lamháltais, lena n-áirítear:

- 1) céim shirtheoireachta agus thaiscéalaíochta d'fhad 5 bliana, dar tús an dáta a dheonaítear an lamháltas;
- 2) céim eastósctha d'fhad 25 bliana, dar tús an dáta a fhaightear cinneadh infheistíochta.

9) **Coinníollacha sonracha chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun sábháilteacht phoiblí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht réasúnach taiscí a áirithiú:**

Cuirfear tús leis na suirbhéanna geoifisiceacha laistigh de 24 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Cuirfear tús leis na hoibríochtaí geolaíochta (druileáil tollpholl) laistigh de 42 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Ní mór nach sáródh cur chun feidhme chlár oibre an lamháltais cearta úinéirí talún agus ní chuireann sé deireadh leis an ngá le ceanglais eile a leagtar síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe an Gníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, agus ceanglais maidir le pleanáil spásúil, cosaint an chomhshaoil, talamh talmhaíochta agus foraoisí, an nádúr, uisce agus dramhaíl a chomhlíonadh.

Is í Catagóir C an chatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh taiscí ola agus gáis nádúrtha.

10) **Samhail-chomhaontú maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Tá an samhail-chomhaontú curtha i gceangal mar iarscríbhinn leis seo.

11) **Faisnéis maidir le méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é PLN 220 567,74 (i bhfocail: dhá chéad fiche míle, cúig chéad seachtó a seacht zloty, ceithre grosz is seachtó) in aghaidh na bliana méid íosta na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú do limistéar “Gryfice” [sic] le linn na buntréimhse 5 bliana.

Tá téarmaí íocaíochta mionsonraithe le fáil san iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe 10.

12) **Faisnéis maidir leis na ceanglais le comhlíonadh ag tairiscintí agus na doiciméid a éilíonn tairgeoirí:**

1. Ba cheart an méid seo a leanas a shonrú i dtairiscintí:

- 1) ainm (ainm gnó) agus oifig chláraithe an tairgeoira;
- 2) ábhar na tairisceana, in éineacht le tuairisc ina sonrófáir an limistéar ina mbeidh an lamháltas le deonú agus ina mbeidh cearta úsáide mianadóireachta le bunú;
- 3) an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith, fad na céime shirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí;
- 4) aidhm, raon feidhme agus cineál oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus faisnéis maidir leis na hoibreacha atá le déanamh chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus maidir leis na teicneolaíochtaí atá le húsáid;

- 5) sceideal, arna bhriseadh síos i mblianta, le haghaidh oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta agus raon feidhme na n-oibreacha sin;
 - 6) raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druilírí, dá dtagraítear in Airteagal 82(2)(2) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 7) cearta arna sealbhú ag an tairgeoir ar an réadmhaoín (limistéar) ina bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe le déanamh, nó an ceart a bhfuil an t-eintiteas sin ag cur isteach ar a bhunú;
 - 8) liosta de na limistéir a chumhdaítear le scéimeanna caomhnaithe nádúir; ní bhaineann an ceanglas seo le tionscail a n-éilítear cead comhshaoil ina leith;
 - 9) an bealach a ngníomhófar in éadan thionchair dhochracha chomhshaoil na ngníomhaíochtaí atá beartaithe;
 - 10) raon feidhme na faisnéise geolaíochta atá ar fáil don tairgeoir;
 - 11) tairgí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin nó ar hidreacarbóin a eastóscadh, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú;
 - 12) inniúlachtaí teicniúla chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna;
 - 13) inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ar thaiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbóin faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
 - 14) an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;
 - 15) an méid atá beartaithe don táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú, nach lú é sin ná an méid a shonraítear san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana;
 - 16) má chuireann roinnt eintiteas tairiscint isteach i gcomhpháirt, ní mór an méid seo a leanas a shonrú freisin:
 - a) ainmneacha (ainmneacha gnó) agus oifigí cláraithe gach eintitis a chuireann an tairiscint isteach;
 - (b) an t-oibreoir;
 - c) na scaireanna céatadáin i gcostais oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, atá beartaithe sa chomhaontú comhair.
2. Ba cheart do thairiscintí a chuirtear isteach i nós imeachta tairisceana na ceanglais agus na coinníollacha a leagtar síos san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana sin a chomhlíonadh.
3. Tá na doiciméid seo a leanas le cur faoi iamh le tairiscintí:
- 1) fianaise gur ann do na himthosca ar a dtugtar tuairisc sa tairiscint, go háirithe sleachta as na cláir ábhartha;
 - 2) cruthúnas gur taisceadh éarlais;
 - 3) cóip den chinneadh lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(17) den Ghníomh um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 4) iarscríbhinní grafacha ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le léarscáileanna mianadóireachta, lena léirítear teorainneacha riaracháin na tíre;
 - 5) gealltanais scríofa chun acmhainní teicniúla a chur ar fáil don eintiteas a ghlacann páirt sa nós imeachta tairisceana má úsáidtear acmhainní teicniúla eintiteas eile agus an lamháltas á chur chun feidhme;
 - 6) dhá chóip de chomhad tionscail na n-oibríochtaí geolaíochta.

4. Féadfaidh tairgeoirí, dá dtionscnamh féin, faisnéis bhreise a sholáthar ina dtairiscintí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo.
5. Ba cheart bunchóipeanna nó fíorchóipeanna deimhnithe de na bunchóipeanna a bheith sna doiciméid a chuireann tairgeoirí isteach dá ndéantar foráil i gCód an Nós Imeachta Riaracháin. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le cóipeanna de dhoiciméid atá le cur i gceangal le tairiscintí agus a chruthaigh an t-údarás lamháltais.
6. Ba cheart doiciméid arna dtarraingt suas i dteanga eachtrach a chur isteach in éineacht le haistriúchán i bPolainnis ó aistriitheoir faoi mhionn.
7. Tá tairiscintí le cur isteach i gclúdach séalaithe nó i bpacáiste séalaithe ar a mbeidh ainm (ainm gnó) an tairgeoira agus ar a léireofar ábhar an nós imeachta tairisceana.
8. Déanfar tairiscintí a chuirtear isteach tar éis dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach a sheoladh ar ais chuig na tairgeoirí gan oscailt.

13) **faisnéis maidir leis an mbealach chun éarlais a thaisceadh, méid na héarlaise agus an dáta íocaíochta:**

Ceanglaítear ar thairgeoirí éarlais PLN 1 000 (i bhfocail: míle zloty agus gan aon grosz) a thaisceadh roimh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

ROINN IV: FAISNÉIS RIARACHÁIN

IV.1) **An coiste meastóireachta tairiscintí**

Ceapann an t-údarás lamháltais coiste meastóireachta tairiscintí chun an nós imeachta tairisceana a stiúradh agus an tairiscint is buntáistí a roghnú. Sonraítear comhdhéanamh agus rialacha nós imeachta an choiste sa Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le nósanna imeachta tairisceana le haghaidh lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí hidreacarbóin agus chun hidreacarbóin a eastóscadh, agus le haghaidh lamháltas chun hidreacarbóin a eastóscadh (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171). Cuireann an coiste meastóireachta tairiscintí tuarascáil ar an nós imeachta tairisceana faoi bhráid an údaráis lamháltais lena formheas. In éineacht le tairiscintí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana, tá an tuarascáil oscailte d'eintitis eile a chuireann tairiscintí isteach.

IV.2) **Soiléirithe breise**

Laistigh de 14 lá ó dháta foilsithe an fhógra, féadfaidh eintiteas leasmhar iarraidh ar an údarás lamháltais soiléirithe a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana. Laistigh de 14 lá ón iarraidh a fháil, foilseoidh an t-údarás lamháltais na soiléirithe sa Biuletyn Informacji Publicznej (Feasachán Faisnéise Poiblí), ar leathanach na hoifige riaracháin atá faoi réir an údaráis sin.

IV.3) **Faisnéis bhreise**

Tá faisnéis iomlán faoin limistéar a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana curtha i dtoll a chéile ag Seirbhís Geolaíochta na Polainne sa Phacáiste Sonraí Geolaíochta le haghaidh an nós imeachta tairisceana chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh sa limistéar tairisceana “Kartuzy” (“Pakiet danych geologicznych do postępowania przetargowego na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż.Obszar przetargowy ‘Kartuzy’”), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag an seoladh seo a leanas: <https://bip.mos.gov.pl/koncesje-geologiczne/przetargi-na-koncesje-na-poszukiwanie-rozpoznawanie-i-wydobywanie-weglowodorow/piata-runda-przetargow-2021/>

agus ag

Departament Geologii i Koncesji Geologicznych [An Roinn Geolaíochta agus Lamháltas Geolaíochta]

Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil]

ul. Wawelska 52/54

00-922 Vársá

AN PHOLAINN

Fón: +48 223692449

Facs +48 223692460

COMHAONTÚ lena mbunaítear cearta úsáide mianadóireachta maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Kartuzy”, dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta

arna thabhairt i gcrích i Vársá an idir:

an **Státchiste, arna ionadú ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil**, ar a shon agus thar a cheann a ngníomhaíonn..... faoi chumhacht aturnaí Uimh. dá ngairtear “**an Státchiste**” anseo feasta),

agus

..... (ainm an ghnóthais) a bhfuil a oifig chláráithe aige i (seoladh iomlán), cláráithe ar faoi KRS (Clár na gCúirteanna Náisiúnta) Uimh., scairchaipitil, arna ionadú ag, dá ngairtear “**Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta**” anseo feasta,

dá ngairtear “**Páirtí**” orthu ar leithligh nó “**na Páirtithe**” i gcomhpháirt anseo feasta, agus a léitear mar a leanas:

Roinn 1

1. An Státchiste, mar úinéir eisiach ar na fostrataim uachtar an Domhain a chumhdaíonn an limistéar laistigh de na bardais tuaithe a leanas: Kolbudy, Przywidz, Stężycza, Chmielno, Sierakowice, Somonino, Przodkowo, Linia, Szemud, Wejherowo, Łęczyce agus Luzino, na bardais tuaithe uirbeach de Żukowo agus Kartuzy agus cathracha Gdynia agus Gdańsk i gCúige Pomorskie, sainítear na teorainneacha le línte a cheanglaíonn pointí 1 go 5 leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phoin- te	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	709 648,50	467 438,93
2	709 994,91	434 842,34
3	737 770,93	435 133,01
4	737 259,22	467 502,29
5	720 361,13	467 514,79

leis seo, bunaítear cearta úsáide mianadóireachta do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta sa limistéar a thuairiscítear thuas, atá teoranta ón mbarr ag an teorann na réadmhaoine atá ar an dromchla agus teoranta ón mbun ag doimhneacht 5 000 m, ar choinníoll go bhfaigheann Sealbhóir Cearta Úsáide Mianadóireachta lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Kartuzy” laistigh de 1 bhliain ón dáta atá an Comhaontú curtha i gcrích.

2. Mura gcomhlíontar an coinníoll maidir le lamháltas a fháil dá dtagraítear i mír 1, rachaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú in éag.
3. Laistigh den limistéar carraigmhaise a shonraítear i mír 1, féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta:
 - 1) i bhfoirmithe Caimbriacha, Ordaiviseacha agus Siolúracha; gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha;
 - 2) sa chuid eile den limistéar, aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na foirmithe Caimbriacha, Ordaiviseacha agus Siolúracha.

4. Is é 900.35 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair mar a thuairiscítear thuas.
5. Leis na Cearta Úsáide Mianadóireachta, beidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta i dteideal an limistéar a shonraítear i mír 1 a úsáid ar bhonn eisiach maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ola agus gás nádúrtha, chomh maith le gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun na críche sin laistigh den limistéar sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, go háirithe an tAcht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú) agus cinntí arna n-eisiúint dá bhun.

Roinn 2

Dearbhaíonn Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta gan aon agóid a dhéanamh maidir le stádas forasach agus dlíthiúil ábhar na gcearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 3

1. Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú ar an dáta a fhaightear lamháltas.
2. Bunófar na cearta úsáide mianadóireachta ar feadh tréimhse 30 bliain, lena n-áirítear 5 bhliain don chéim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus 25 bhliain do chéim an eastósctha, faoi réir Ranna 8(2) agus 10.
3. Rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag má théann an lamháltas in éag, má aistarraingeofar é nó má éiríonn sé neamhbhailí, beag beann ar an gcúis.

Roinn 4

Geallann Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta go dtabharfaidh sé fógra don Státchiste i scríbhinn maidir le haon athrú i ndáil le hainm a ainm, i ndáil le athrú ar an oifig chláráithe agus ar an seoladh nó athruithe ar fhoirm eagrúcháin, athruithe ar uimhreacha clárúcháin agus aitheantais, aistriú ar an lamháltas d'eintiteas eile le hoibriú an dlí, iarratas a chur isteach ar aichiní féimheachta nó maidir le athstruchtúrúcháin a thosú. Féadfaidh an Státchiste a cheangal go gcuirfear na míniúcháin is gá ar fáil sna cásanna sin. Déanfar an fógra laistigh de 30 lá ón dáta ar a tharla na himthosca dá dtagraítear thuas.

Roinn 5

Beidh an Comhaontú seo gan dochar do cheart tríú páirtithe, go háirithe úinéirí talún, agus ní bheidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta díolmhaithe ón riachtanas maidir leis na ceanglas a fhoráil le dlí a chomhlíonadh, go háirithe maidir leo a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht mianraí agus a bhaineann le hacmhainní comhshaoil a úsáid agus a chosaint.

Roinn 6

Forchoimeádann an Státchiste an ceart cearta úsáide mianadóireachta a bhunú laistigh den limistéar dá dtagraítear i Roinn 1(1) chun gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd dá dtagraítear sa Chomhaontú, ar bhealach nach sáraíonn cearta Shealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta.

Roinn 7

1. Íocfaidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta don Státchiste an táille seo a leanas le haghaidh na gcearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chéim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta (a chomhairtear amhail 12 mhí as a chéile):
 - a) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don chéad bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - b) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don dara bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

- c) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don tríú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
- d) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don cheathrú bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
- e) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don chúigiú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

– faoi réir fhorálacha mhír 2.

2. Má thiteann dáta íocaíochta na táille do bhliain ar leith de chearta úsáide mianadóireachta idir an 1 Eanáir agus an 1 Márta, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille roimh an 1 Márta. Má tá an táille faoi réir innéacsaithe i gcomhréir le mír 3 go mír 5, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta tráth nach luaithe ná an dáta a fhógraítear an t-innéacsú dá dtagraítear i mír 3 áfach, tar éis an t-innéacsú a chur san áireamh.
3. Déanfar an táille sonraithe i mír 1 a innéacsú go dtí meáninnéacs bhliantúil praghsanna do thomhaltóirí don tréimhse idir conclúid an chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar atá fógartha ag Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (*Monitor Polski*). Má tá an t-innéacs sin do bhliain áirithe níos lú ná nó cothrom le náid, ní bheidh aon innéacsú ann don bhliain sin.
4. Má thiteann dáta íocaíochta na táille sa bhliain féilire chéanna ina cuireadh an Comhaontú i gcrích, ní dhéanfar innéacsú ar an táille.
5. Má tugadh an Comhaontú i gcrích agus má bhí éifeacht leis sa bhliain roimh an mbliain ina dtiteann dáta íocaíochta na táille, ní dhéanfar an táille a innéacsú má íocann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta í faoi dheireadh na bliana féilire ina dtugtar an Comhaontú i gcrích agus ina ngabhann éifeacht leis.
6. Má chailleann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta arna bhunú faoin gComhaontú roimh dháta éaga na teorann ama a shonraítear i Roinn 3(2), beidh sé de cheangal ar Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do bhliain iomlán na gcearta úsáide a íoc maidir leis an mbliain inar cailleadh na cearta sin. Má chailltear na cearta úsáide mianadóireachta de thoradh ar tharraingt siar an lamháltais nó mar gheall ar na cúiseanna a shonraítear i Roinn 10(1), (3) nó (4), áfach, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do thréimhse iomlán cearta úsáide na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le mír 3 agus gan dochar don phionós conarthach dá dtagraítear i Roinn 10(2). Íocfar an táille laistigh de 30 lá ón dáta ar ar cailleadh na cearta úsáide mianadóireachta. Ní scaoilfear le cailleadh na gcearta úsáide Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta ó oibleagáidí comhshaoil a bhaineann le hábhar na gcearta úsáide mianadóireachta, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cosaint taiscí.
7. Íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do na cearta úsáide mianadóireachta i gcuntas bainc na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag brainse Vársá de Bhanc Náisiúnta na Polainne, Uimh 07 1010 1010 0006 3522 3100 0000, lena n-áirítear an teachtaireacht seo a leanas ar an ordú aistrithe: “Ustanowienie użytkowania górniczego w związku z udzieleniem koncesji na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż w obszarze ‘Kartuzy’” (“Bunú ceart úsáide mianadóireachta i ndáil le deonú lamháltais maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar ‘Kartuzy’”).

Is é dáta na híocaíochta an dáta a chreidiúnófar cuntas an Stáitchiste.

8. Ní bheidh an táille a shonraítear i mír 1 faoi réir cháin ar earraí agus seirbhísí (CBL). Má leasaítear reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí is ábhar don Chomhaontú faoi réir cánachais, nó má athraíonn an tuiscint ar an reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir CBL, méadófar méid na táille faoi mhéid na cánach atá dlite.

9. Tabharfaidh an Státchiste fógra i scríbhinn do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta maidir le hathruithe ar an uimhir chuntais dá dtagraítear i mír 7.
10. Beidh an táille le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta le híoc leis an Státchiste gan beann ar an ioncam a thuilleann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta ó úsáid na gceart sin.
11. Seolfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta cóipeanna de chruthúnas íocaíochta na táille dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta chuig an Státchiste laistigh de 7 lá ón dáta íocaíochta.

Roinn 8

1. Tar éis do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta cinneadh infheistíochta a fháil lena sonraítear na gcoinníollacha maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha, déanfaidh na Páirtithe, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh sin, aguisín a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú lena sonraítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le linn na céime eastósctha agus an méid den táille le haghaidh ceart úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chearta úsáide mianadóireachta le linn na céime eastósctha.
2. Más rud é nach bhfuil an aguisín dá dtagraítear i mír 1 tugtha i gcrích laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh infheistíochta lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola nó gáis nádúrtha, rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag.

Roinn 9

Féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta a shuitear i Roinn 1(1) a fheidhmiú nuair a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ón Státchiste.

Roinn 10

1. Má sháraíonn Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí arna leagan síos sa Chomhaontú, féadfaidh an Státchiste, faoi réir na bhforálacha de mhíreanna 3 agus 4, an Comhaontú a fhoirceannadh láithreach, gan Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta a bheith i dteideal aon éileamh a dhéanamh ar mhaoin. Ní fhéadfaidh an Comhaontú a fhoirceannadh, áfach, má sháraigh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí faoin gComhaontú de bharr *force majeure*.
2. Má fhoirceannar an Comhaontú ar na cúiseanna a shonraítear i míreanna 1 nó 4, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta pionós conarthach de 25 % den táille do chéim iomlán sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta leis an Státchiste, mar a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le Roinn 7(3).
3. Má chuireann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta moill de bhreis agus 7 lá níos mó ná na sprioc-amanna a shonraítear i Roinn 7(1) nó (2) ar íocaíocht na táille, iarrfaidh an Státchiste go n-íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille gan íoc laistigh de 7 lá ó fháil na hiarrata, agus mura ndéanfaidh sin, foirceannfar an Comhaontú láithreach.
4. Mura dtugann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta fógra don Státchiste maidir leis na teagmhais dá dtagraítear i Roinn 4 laistigh de 30 lá ón tráth ar tharla siad, féadfaidh an Státchiste pionós conarthach de 5 % den táille do chéim iomlán sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta a fhorfheidhmiú maidir le gach cás nár soláthraíodh faisnéis, nó féadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh ina iomlán nó ina pháirt, faoi réir fógra de 30 lá atá éifeachtach ag deireadh na míosa féilire.
5. Beidh an Comhaontú ina cheangal ar Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta go dtí an dáta éaga, an dáta tarraingthe siar nó dáta neamhbhailíochta an lamháiltais agus ní fhéadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh.
6. Foirceannfar an Comhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh an fhoirceannadh neamhbhailí.

7. Aontaíonn na Páirtithe, i gcás ina bhfoirceannann an Státchiste an Comhaontú, nach n-aisíocfar an táille a íocadh as na cearta úsáide mianadóireachta dá dtagraítear i Roinn 7(1).
8. Coimeádann an Státchiste an ceart aige féin cúiteamh de bhreis ar an méid de phionóis chonartha a iarradh ar théarmaí ginearálta má sháraíonn méid an damáiste arna thabhtú ag an Státchiste na pionóis chonartha.

Roinn 11

1. Tá na sonraí teagmhála seo a leanas curtha ar fáil ag na Páirtithe le haghaidh teagmhála:
 - 1) Státchiste:
Ministerstwo Kimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil], ul. Wawelska 52/54 00-922 Warszawa;
 - 2) Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta:
(seoladh).
2. Ceanglaítear ar na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí conartha a thugtar le fios i mír 1. Ní éileofar le hathrú den sórt sin aguisín leis an gComhaontú. I gcás ina seolfar comhfhreagras chuig an seoladh teagmhála is déanaí a cuireadh ar fáil ag Páirtí, measfar gur tugadh é go héifeachtach don Pháirtí eile.
3. Seolfaidh gach ceann de na Páirtithe comhfhreagras don Pháirtí eile go pearsanta, le cúiréir nó le litir chláráithe ag úsáid na sonraí teagmhála is déanaí a chuir an Páirtí ar fáil.
4. I gcás litreacha cláráithe a seoladh ag an seoladh is déanaí a cuireadh ar fáil de Pháirtí agus a cuireadh ar ais ag oifig an phoist nó ag comhlacht cúiréara mar gheall nach raibh sé bailithe in am ag an seolaí, caithfear leo amhail gur tugadh é go héifeachtach a luaithe ceithre lá déag tar éis an céad iarracht é a sheachadadh.

Roinn 12

1. Ní bheidh na páirtithe faoi dhliteanas maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú a eascraíonn as *force majeure* más féidir a chruthú go raibh tionchar ag damáiste mar gheall ar *force majeure* ar an mainneachtain na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Is ea a chiallóidh "*force majeure*" teagmhas seachtrach nárbh fhéidir le Páirtithe a thuar nó a sheachaint, teagmhas a fhágann nach féidir an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, go buan nó ar feadh tréimhse faoi leith, teagmhas nárbh fhéidir leis an bPáirtí cur ina aghaidh trí dícheall cuí a fheidhmiú agus teagmhas nár eascair earráidí nó faillí ó thaobh an Pháirtí atá thíos leis as.
2. I gcás *force majeure*, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall láithreach chun teacht ar bhealach gníomhaithe.

Roinn 13

Féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama ar an gComhaontú, ina iomláine nó i bpáirt, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i scríbhinn, agus mura ndéanann sé sin beidh an t-iarratas neamhbhailí.

Roinn 14

Má fhoirceannar an Comhaontú, ní bheidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta i dteideal aon éileamh a dhéanamh in aghaidh an Státchiste maidir le méadú ar luach an ábhair de chearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 15

Réiteofar aon díospóid a eascraíonn as an gComhaontú tríd an ngnáthchúirt ag a bhfuil dlínse geografach thar shuíomh an Státchiste.

Roinn 16

Rialófar an Comhaontú seo faoi dhlí na Polainne, go háirithe na forálacha de Dhlí Geolaíochta agus Mianadóireachta agus den Chód Sibhialta.

Roinn 17

Iompróidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na costais a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Roinn 18

Déanfar leasuithe ar an gComhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh siad neamhbhailí.

Roinn 19

Tarraingíodh an Comhaontú suas i dtrí chóip atá díreach mar an gcéanna (cóip amháin do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta agus dhá chóip don Stáitchiste).

Stáitchiste**Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta**

Cumarsáid ó Rialtas Phoblacht na Polainne i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(2023/C 160/06)

Cuireadh poiblí chun tairiscint a dhéanamh ar lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gás nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gás nádúrtha i limistéar “Gorzów Wielkopolski S”

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49h(2) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú)
2. Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le tairiscintí a dhéanamh ar lamháltas i ndáil le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus i ndáil le heastóscadh hidreacarbón, agus lamháltas i ndáil le heastóscadh hidreacarbón (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171)
3. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrúchán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa, An Pholainn

Teil. +48 223692449

Facs +48 223692460

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **An cineál gníomhaíochtaí a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gás nádúrtha agus i ndáil le heastóscadh ola agus gás nádúrtha i limistéar “Gorzów Wielkopolski S”, mar chuid de bhloc lamháltas Uimh. 183.

2) **An limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana seo le línte lena gceanglaítear pointí leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	549 450,19	244 711,63
2	546 785,65	241 113,57
3	540 242,75	241 894,16
4	540 873,53	247 572,85
5	546 430,59	247 861,28
6	547 712,18	259 199,82
7	540 414,53	256 580,45
8	531 745,15	262 931,15

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
9	531 753,26	263 057,74
10	521 496,05	262 559,19
11	521 556,67	262 436,44
12	521 365,66	247 695,31
13	528 872,38	239 725,61
14	528 621,24	236 900,92
15	527 049,18	228 863,08
16	540 948,98	229 635,49
17	547 125,25	229 978,70
18	550 209,91	230 150,11

cé is moite den phologán a shainmhínítear leis na pointí (19) go (26) seo a leanas:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
19	537 338,87	235 938,86
20	537 381,70	235 451,89
21	537 161,68	235 262,61
22	536 191,17	234 978,91
23	535 945,30	236 140,79
24	536 032,11	236 456,84
25	536 631,59	236 671,44
26	537 053,67	236 400,94

Is é 691.38 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana sin. Tá teorainn íochtarach an limistéir ag doimhneacht 4 000 m faoi leibhéal na talún (FLT).

Tá sé d'aidhm ag na hoibreacha atá le déanamh i bhfoirmithe Peirmigh taiscí ola agus gáis nádúrtha a dhoiciméadú agus a eastóscadh sa limistéir ar a dtugtar tuairisc thuas.

3) **Teorainn ama, nach lú ná 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra, agus an áit chun tairiscintí a chur isteach:**

Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid cheanncheathrú na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 CET/CEST ar an lá deiridh den tréimhse 180 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4) **Sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta tairisceana agus sonraíocht a n-ualaithe, chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 49k den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011:**

Féadfaidh eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht tairiscintí a chur isteach, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(16)(1) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, go neamhspleách nó mar an oibreoir má tá roinnt eintiteas ag cur isteach ar an lamháltas i gcomhpháirt.

Déanfaidh an coiste tairiscintí meastóireacht ar na tograí a fhaightear ar bhonn na gcritéir seo a leanas:

30 % - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíochta atá beartaithe, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;

- 20 % - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druilirí;
- 20 % - inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus le taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
- 20 % - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus gnéithe nuálacha a forbraíodh don tionscadal sin á n-úsáid;
- 5 % - inniúlachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus maidir le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna (lena n-áirítear 2 % do raon feidhme an chomhair, maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus eastóscadh hidreacarbón,, le comhlachtaí eolaíochta i mbun taighde ar gheolaíocht na Polainne agus ar uirlisí, ar theicneolaíochtaí agus ar mhodhanna anailise maidir le sirtheoireacht taiscí hidreacarbóin lena gcuirtear saineiúlacht dhálai gheolaíochta na Polainne san áireamh agus a fhéadfar a chur i bhfeidhm faoi na dálaí sin);
- 5 % - taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar eastóscadh hidreacarbón, lena n-áiríthítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go bhfaigheann dhá thairiscint nó níos mó an scór céanna, úsáidfead méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

5) **Raon feidhme íosta na faisnéise geolaíochta:**

Nuair a chuirtear tairiscint isteach níl aon cheanglas a léiriú go bhfuil sé de cheart faisnéis gheolaíochta a úsáid.

Nuair a théitear isteach i gcéim an eastósctha, tá sé d'oibleagáid ar ghnóthas fianaise a sholáthar lena léirítear go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid a mhéid is gá chun tabhairt faoina ghníomhaíochtaí.

6) **Dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí:**

Cuirfead tús leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an lamháltas laistigh de 14 lá ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndéonaítear an lamháltas críochnaitheach.

7) **Raon feidhme íosta oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta:**

Suirbhéanna geofisiceacha 80 km (fad an líne fhlosctha) le tástálacha seismeacha 2T nó 50 km² (an limistéar eastósctha) le tástálacha seismeacha 3T.

Tollpholl a dhruileáil go doimhneacht uasta 4 000 m (doimhneacht cheartingearach iarbhír – DCI), le croileacú éigeantach na mbearnaí ionchasacha.

8) **An tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Is é 30 bliain an tréimhse lamháltais, lena n-áirítear:

- 1) céim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana, dar tús an dáta a dheonaítear an lamháltas;
- 2) céim eastósctha ar feadh tréimhse 25 bliana, dar tús an dáta a fhaightear cinneadh infheistíochta.

9) **Coinníollacha sonracha chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun sábháilteacht phoiblí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht réasúnach taiscí a áirithiú:**

Cuirfear tús leis na suirbhéanna geofisiceacha laistigh de 24 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Cuirfear tús leis na hoibríochtaí geolaíochta (druileáil tollpholl) laistigh de 42 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Ní mór nach sáródh cur chun feidhme chlár oibre an lamháltais cearta úinéirí talún agus ní chuireann sé deireadh leis an ngá le ceanglais eile a leagtar síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe an tAcht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, agus ceanglais maidir le pleanáil spásúil, cosaint an chomhshaoil, talamh talmhaíochta agus foraoisí, an nádúr, uiscí agus dramhaíl a chomhlíonadh.

Is í Catagóir C an chatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh taiscí ola agus gáis nádúrtha.

10) **Samhail-chomhaontú maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Tá an samhail-chomhaontú curtha i gceangal mar iarscríbhinn leis seo.

11) **Faisnéis maidir le méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é PLN 169 374,27 (i bhfocail: céad míle seasca naoi trí chéad seachtó ceathair zlotys, fiche seacht grosz) in aghaidh na bliana méid íosta na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú do limistéar “Gorzów Wielkopolski S” le linn na buntréimhse 5 bliana.

Tá téarmaí íocaíochta mionsonraithe le fáil san iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe 10.

12) **Faisnéis maidir leis na ceanglais le comhlíonadh ag tairiscintí agus na doiciméid a éilíonn tairgeoirí:**

1. Ba cheart do thairiscintí a leanas a shonrú:

- 1) ainm (ainm gnó) agus oifig chláraithe an tairgeora;
- 2) ábhar na tairisceana, in éineacht le tuairisc ina sonrú an limistéar ina mbeidh an lamháltas le deonú agus ina mbeidh cearta úsáide mianadóireachta le bunú;
- 3) an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith, fad na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus dáta tosaigh na gníomhaíochtaí;
- 4) aidhm, raon feidhme agus cineál oibre geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus faisnéis maidir leis na hoibreacha atá le déanamh chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus na teicneolaíochtaí atá le húsáid;
- 5) sceideal, arna bhriseadh síos i mblianta, le haghaidh oibre geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta agus raon feidhme na n-oibreacha sin;
- 6 raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croíleacáin druilí, dá dtagraítear in Airteagal 82(2)(2) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
- 7) cearta arna sealbhú ag an tairgeoir ar an réadmhaoin (limistéar) ina bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe le déanamh, nó an ceart a bhfuil an t-eintiteas sin ag cur isteach ar a bhunú;
- 8) liosta de na limistéir a chumhdaítear le scéimeanna caomhnaithe nádúir; ní bhaineann an ceanglas seo le tionscadail a n-éilítear cinneadh maidir le dálaí comhshaoil ina leith;
- 9) an bealach a ngníomhófar in éadan thionchair dhochracha chomhshaoil na gníomhaíochtaí atá beartaithe;
- 10) raon feidhme na faisnéise geolaíochta atá ar fáil don tairgeoir;
- 11) taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar eastóscadh hidreacarbón, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil;

- 12) iniúilachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus maidir le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna;
 - 13) iniúilachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus le taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
 - 14) an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;
 - 15) an méid atá beartaithe don táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú, nach lú é sin ná an méid a shonraítear san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana;
 - 17) má chuireann roinnt eintiteas tairiscint isteach i gcomhpháirt, ní mór an méid seo a leanas a shonrú freisin:
 - a) ainmneacha (ainmneacha gnó) agus oifigí cláraithe gach eintitis a chuireann an tairiscint isteach;
 - b) an t-oibreoir;
 - c) na scaireanna céatadáin i gcostais oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, atá beartaithe sa chomhaontú comhair.
2. Ba cheart do thairiscintí a chuirtear isteach i nós imeachta tairisceana na ceanglais agus na coinníollacha a leagtar síos san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana sin a chomhlíonadh.
 3. Tá na doiciméid seo a leanas le cur faoi iamh le tairiscintí:
 - 1) fianaise gurb ann do na himthosca ar a dtugtar tuairisc sa tairiscint, go háirithe sleachta as na cláir ábhartha;
 - 2) cruthúnas gur taisceadh éarlais;
 - 3) cóip den chinneadh lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(17) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 4) iarscríbhinní grafacha ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le léarscáileanna mianadóireachta, lena léirítear teorainneacha riaracháin na tíre;
 - 5) gealltanais scríofa chun acmhainní teicniúla a chur ar fáil don eintiteas a ghlacann páirt sa nós imeachta tairisceana má úsáidtear acmhainní teicniúla eintiteas eile agus an lamháltas á chur chun feidhme;
 - 6) dhá chóip de chomhad tionscadail na n-oibríochtaí geolaíochta.
 4. Féadfaidh tairgeoirí, dá dtionscnamh féin, faisnéis bhreise a sholáthar ina dtairiscintí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo.
 5. Ba cheart bunchóipeanna nó fíorchóipeanna deimhnithe de na bunchóipeanna a bheith sna doiciméid a chuireann tairgeoirí isteach dá ndéantar foráil i gCód an Nós Imeachta Riaracháin. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le cóipeanna de dhoiciméid atá le cur i gceangal le tairiscintí agus a chruthaigh an t-údarás lamháltais.
 6. Ba cheart doiciméid arna dtarraingt suas i dteanga eachtrach a chur isteach in éineacht le haistriúchán i bPolainnis ó aistritheoir faoi bhrí mionna.
 7. Tá tairiscintí le cur isteach i gclúdach séalaithe nó i bpacáiste séalaithe ar a mbeidh ainm (ainm gnó) an tairgeora agus ar a léireofar ábhar an nós imeachta tairisceana.
 8. Déanfar tairiscintí a chuirtear isteach tar éis dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach a sheoladh ar ais chuig na tairgeoirí gan oscailt.

13) Faisnéis maidir leis an mbealach chun éarlais a thaisceadh, méid na héarlaise agus an dáta focaíochta:

Ceanglaítear ar thairgeoirí éarlais PLN 1 000 (i bhfocail: míle zloty agus náid grosz) a thaisceadh roimh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

ROINN IV: FAISNÉIS RIARACHÁIN

IV.1) An coiste meastóireachta tairiscintí

Ceapann an t-údarás lamháltais coiste meastóireachta tairiscintí chun an nós imeachta tairisceana a stiúradh agus an tairiscint is buntáistí a roghnú. Sonraítear comhdhéanamh agus rialacha nós imeachta an choiste sa Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le nósanna imeachta tairisceana le haghaidh lamháltas i ndáil le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus i ndáil le heastóscadh hidreacarbón, agus le haghaidh lamháltas i ndáil le heastóscadh hidreacarbón (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171). Cuireann an coiste meastóireachta tairiscintí tuarascáil ar an nós imeachta tairisceana faoi bhráid an údaráis lamháltais lena formheas. Mar aon le tairiscintí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana, tá an tuarascáil oscailte d'eintitis eile a chuireann tairiscintí isteach.

IV.2) Soiléirithe breise

Laistigh de 14 lá ó dháta foilsithe an fhógra, féadfaidh eintiteas leasmhar iarraidh ar an údarás lamháltais soiléirithe a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana. Laistigh de 14 lá ón iarraidh a fháil, foilseoidh an t-údarás lamháltais na soiléirithe sa *Biuletyn Informacji Publicznej* (Feasachán Faisnéise Poiblí), ar leathanach na hoifige riaracháin atá faoi réir an údaráis sin.

IV.3) Faisnéis bhreise

Tá faisnéis iomlán faoin limistéar a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana curtha i dtoll a chéile ag Seirbhís Geolaíochta na Polainne sa Phacáiste Sonraí Geolaíochta le haghaidh an nós imeachta tairisceana maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha sa limistéar tairisceana “Siedlce W” (“Pakiet danych geologicznych do postępowania przetargowego na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż. Obszar przetargowy ‘Gorzów Wielkopolski S’”), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag an seoladh seo a leanas: <https://bip.mos.gov.pl/koncesje-geologiczne/przetargi-na-koncesje-na-poszukiwanie-rozpoznawanie-i-wydobywanie-weglowodorow/piata-runda-przetargow-2021/>

agus ó:

Departament Geologii i Koncesji Geologicznych [An Roinn Geolaíochta agus Lamháltas Geolaíochta]
Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil]
ul. Wawelska 52/54
54 00-922 Warszawa
AN PHOLAINN

Teil. +48 223692449

Facs +48 223692460

COMHAONTÚ

Iena mbunaítear cearta úsáide mianadóireachta chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gás nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gorzów Wielkopolski S”, dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta

arna thabhairt i gcrích i Vársá an idir:

an **Státchiste, arna ionadú ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil**, ar a shon agus thar a cheann a ngníomhaíonn faoi chumhacht aturnae Uimh. dá ngairtear **“an Státchiste”** anseo feasta,

agus

..... (ainm an ghnóthais) a bhfuil a oifig chláráithe aige i (seoladh iomlán), cláráithe ar faoi KRS (Clár na gCúirteanna Náisiúnta) Uimh., scairchaipitil , arna ionadú ag , dá ngairtear **“an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta”** anseo feasta,

dá ngairtear ina n-aonar mar **“Páirtí”** anseo feasta nó i gcomhpháirt mar **“na Páirtithe”**,

agus a léitear mar a leanas:

Roinn 1

1. An Státchiste, mar úinéir eisiach ar na fostrataim uachtar an Domhain a chumhdaíonn an limistéar laistigh de bhordais tuaithe Lubiszyn, Bogdaniec, Deszczno, Santok, Krzeszyce agus Bledzew, bhordais tuaithe uirbeacha Witnica, Lubniewice agus Skwierzyna, agus bhaile Gorzów Wielkopolski i gCúige Lubuskie, na teorainneacha díobh sin a shainítear le línte a cheanglaíonn pointí (1) go (18) leis na comhordanáidí a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	549 450,19	244 711,63
2	546 785,65	241 113,57
3	540 242,75	241 894,16
4	540 873,53	247 572,85
5	546 430,59	247 861,28
6	547 712,18	259 199,82
7	540 414,53	256 580,45
8	531 745,15	262 931,15
9	531 753,26	263 057,74
10	521 496,05	262 559,19
11	521 556,67	262 436,44
12	521 365,66	247 695,31
13	528 872,38	239 725,61
14	528 621,24	236 900,92
15	527 049,18	228 863,08

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
16	540 948,98	229 635,49
17	547 125,25	229 978,70
18	550 209,91	230 150,11

cé is moite den phologán a shainmhínítear i bpointí (19) go (26) mar a leanas:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
19	537 338,87	235 938,86
20	537 381,70	235 451,89
21	537 161,68	235 262,61
22	536 191,17	234 978,91
23	535 945,30	236 140,79
24	536 032,11	236 456,84
25	536 631,59	236 671,44
26	537 053,67	236 400,94

leis seo, bunaítear cearta úsáide mianadóireachta don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta sa limistéar a thuairiscítear thuas, atá teoranta ón mbarr ag an teorann na réadmhaoine atá ar an dromchla agus teoranta ón mbun ag doimhneacht 4 000 m, ar choinníoll go bhfaigheann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta lamháltas chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gás nádúrtha agus chun ola agus gás nádúrtha a eastóscadh i limistéar “Gorzów Wielkopolski S” laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta atá an Comhaontú curtha i gcrích.

2. Mura gcomhlíontar an coinníoll maidir le lamháltas a fháil dá dtagraítear i mír 1, rachaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú in éag.
3. Laistigh den limistéar carraigmhaise a shonraítear i mír 1, féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta:
 - 1) i bhfoirmíochtaí Peirmeacha, gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gás nádúrtha;
 - 2) sa chuid eile den limistéar, aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na foirmíochtaí Peirmeacha.
4. Is é 691.38 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair mar a thuairiscítear thuas.
5. Leis an gCeart Úsáide Mianadóireachta, beidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal an limistéar a shonraítear i mír 1 a úsáid ar bhonn eisiach chun sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar ola agus gás nádúrtha, chomh maith le gach gníomhaíocht is gá a theastaíonn a dhéanamh chun na críche sin laistigh den limistéar sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, go háirithe an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú) agus cinntí arna n-eisiúint dá bhun.

Roinn 2

Dearbhaíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta gan aon agóid a dhéanamh maidir le stádas fhíorasach agus dlíthiúil ábhair na gceart úsáide mianadóireachta.

Roinn 3

1. Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú ar an dáta a fhaightear lamháltas.
2. Bunófar na cearta úsáide mianadóireachta ar feadh tréimhse 30 bliain, lena n-áirítear 5 bhliain do chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta agus 25 bhliain do chéim an eastósctha, faoi réir Ranna 8(2) agus 10.
3. Rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag má théann an lamháltas in éag, má aistarraingeofar é nó má éiríonn sé neamhbhailí, beag beann ar an gcúis.

Roinn 4

Geallann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta go dtabharfaidh sé fógra don Státciste i scríbhinn maidir le haon athrú as a dtiocfaidh athrú ar a ainm, ar an oifig chláraithe, ar an seoladh nó ar an bhfoirm eagrúcháin, athruithe ar uimhreacha clárúcháin agus aitheantais, aistriú ar an lamháltas d'eintiteas eile le hoibriú an dlí, iarratas a chur isteach ar achainí féimheachta nó maidir le hathstruchtúrúcháin a thosú. Féadfaidh an Státciste a cheangal go gcuirfear na míniúcháin is gá ar fáil sna cásanna sin. Déanfar an fógra laistigh de 30 lá ón dáta ar a tharla na himthosca dá dtagraítear thuas.

Roinn 5

Beidh an Comhaontú seo gan dochar do chearta tríú páirtithe, go háirithe úinéirí talún, agus ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta díolmhaithe ón riachtanas ceanglais a chomhlíonadh a ndéantar foráil maidir leo sa dlí, go háirithe na ceanglais sin a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar mhianraí agus le hacmhainní comhshaoil a chosaint agus a úsáid.

Roinn 6

Forchoimeádann an Státciste an ceart cearta úsáide mianadóireachta a bhunú laistigh den limistéar dá dtagraítear i Roinn 1(1) chun gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd dá dtagraítear sa Chomhaontú, ar bhealach nach sáraíonn cearta an tSealbhóra Ceart Úsáide Mianadóireachta.

Roinn 7

1. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta don Státciste an táille a leanas le haghaidh na gceart úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) le haghaidh gach bliain de chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta de chearta úsáide mianadóireachta (a chomhairtear amhail 12 mhí as a chéile):
 - a) PLN (an méid) (i bhfocail: zloty) don chéad bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - b) PLN (an méid) (i bhfocail: zloty) don dara bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana sin de cheart úsáide mianadóireachta;
 - c) PLN (an méid) (i bhfocail: zloty) don tríú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana sin de cheart úsáide mianadóireachta;
 - d) PLN (an méid) (i bhfocail: zloty) don cheathrú bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana sin de cheart úsáide mianadóireachta;
 - e) PLN (an méid) (i bhfocail: zloty) don chúigiú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana sin de cheart úsáide mianadóireachta;

— faoi réir fhorálacha mhír 2.
2. Más idir an 1 Eanáir agus an 1 Márta dáta íocaíochta na táille atá dlite do bhliain ar leith de chearta úsáide mianadóireachta, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille faoin 1 Márta. Má tá an táille faoi réir innéacsaithe i gcomhréir le mír 3 go mír 5, áfach, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta í tráth nach luaithe ná an dáta a fhógraítear an t-innéacsú dá dtagraítear i mír 3, tar éis an t-innéacsú sin a chur san áireamh.

3. Déanfar an táille a shonraítear i mír 1 a innéacsú leis na meáninnéacsanna bliantúla praghsanna do thomhaltóirí don tréimhse idir tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar a d'fhógair Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (*Monitor Polski*). Má tá an t-innéacs seo do bhliain áirithe níos lú ná nó cothrom le náid, ní bheidh aon innéacsú ann don bhliain sin.
4. Má thiteann dáta íocaíochta na táille sa bhliain féilire chéanna ina gcuireadh an Comhaontú i gcrích, ní dhéanfar innéacsú ar an táille.
5. Má tugadh an Comhaontú i gcrích agus go raibh éifeacht leis sa bhliain roimh an mbliain ina dtiteann an dáta íocaíochta na táille, ní dhéanfar an táille a innéacsú má íocann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta é faoi dheireadh na bliana féilire ina dtugtar an Comhaontú i gcrích agus ina mbíonn éifeacht leis.
6. Má chailleann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta arna bhunú faoin gComhaontú roimh dháta éaga na teorann ama sonraithe i Roinn 3(2), ceanglófar ar an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille a íoc don bhliain iomlán de cheart úsáide sa bhliain a cailleadh na cearta sin. Má chailltear na cearta úsáide mianadóireachta de thoradh ar tharraingt siar an lamháltais nó mar gheall ar na cúiseanna a shonraítear i Roinn 10(1), (3) nó (4), áfach, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do thréimhse iomlán chearta úsáide na céime sirtheoireachta agus na céime taiscéalaíochta a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le mír 3 agus gan dochar don phionós conarthach dá dtagraítear i Roinn 10(2). Íocfar an táille laistigh de 30 lá ón dáta ar ar cailleadh na cearta úsáide mianadóireachta. Le cailleadh na gcearta úsáide, ní scaoilfear an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó oibleagáidí comhshaoil a bhaineann le hábhar na gcearta úsáide mianadóireachta, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cosaint taiscí.
7. Íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille do na cearta úsáide mianadóireachta i gcuntas bainc na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag brainse Vársá de Bhanc Náisiúnta na Polainne, Uimh. 07 1010 1010 0006 3522 3100 0000, lena n-áirítear an teachtaireacht a leanas ar an ordú aistrithe: "Ustanowienie użytkowania górniczego w związku z udzieleniem koncesji na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż w obszarze 'Gorzów Wielkopolski S'" ("Bunú cearta úsáide mianadóireachta i ndáil le deonú lamháltais maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar thaiscí ola agus gáis nádúrtha agus úscadh ola agus gás nádúrtha i limistéar 'Gorzów Wielkopolski S'").

Is é dáta na híocaíochta an dáta a chreidiúnófar cuntas an Státchiste.
8. Ní bheidh an táille a shonraítear i mír 1 faoi réir cháin ar earraí agus seirbhísí (CBL). Má leasaítear reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí is ábhar don Chomhaontú faoi réir cánachais, nó má athraíonn an tuiscint ar an reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir CBL, méadófar méid na táille faoi mhéid na cánach atá dlite.
9. Tabharfaidh an Státchiste fógra i scríbhinn don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta maidir le hathruithe ar an uimhir chuntais dá dtagraítear i mír 7.
10. Beidh an táille le haghaidh bhunú na gcearta úsáide mianadóireachta le híoc leis an Státchiste gan beann ar an ioncam a thuilleann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta ó úsáid na gcearta sin.
11. Seolfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cóipeanna de chruthúnas íocaíochta na táille dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh bhunú na gcearta úsáide mianadóireachta chuig an Státchiste laistigh de 7 lá ón dáta íocaíochta.

Roinn 8

1. Tar éis don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta cinneadh infheistíochta a fháil lena sonraítear na gcoinníollacha maidir le húscahdh ola agus gáis nádúrtha, déanfaidh na Páirtithe, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh sin, aguisín a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú lena sonraítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le linn na céime úsctha agus an méid den táille le haghaidh cearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chearta úsáide mianadóireachta le linn na céime úsctha.

2. Más rud é nach bhfuil an aguisín dá dtagraítear i mír 1 tugtha i gcrích laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh infheistíochta lena sonraítear na coinníollacha maidir le húscadh ola nó gáis nádúrtha, rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag.

Roinn 9

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta a shuítear i Roinn 1(1) a fheidhmiú nuair a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ón Státchiste.

Roinn 10

1. Má sháraíonn an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí arna leagan síos sa Chomhaontú, féadfaidh an Státchiste, faoi réir na bhforálacha de mhíreanna 3 agus 4, an Comhaontú a fhoirceannadh láithreach, gan an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta a bheith i dteideal aon éileamh a dhéanamh ar mhaoin. Ní fhéadfaidh an Comhaontú a fhoirceannadh, áfach, má sháraigh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí faoin gComhaontú de bharr *force majeure*.
2. Má fhoirceannar an Comhaontú ar na cúiseanna a shonraítear i míreanna 1 nó 4, íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta pionós conarthach de 25 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta den cheart úsáide mianadóireachta leis an Státchiste, mar a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le Roinn 7(3).
3. Má chuireann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta moill de bhreis agus 7 lá níos mó ná na sprioc-amanna a shonraítear i Roinn 7(1) nó (2) ar íocaíocht na táille, iarrfaidh an Státchiste go n-íocfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta an táille gan íoc laistigh de 7 lá ó fháil na hiarrata, agus mura ndéanfaidh sin, foirceannfar an Comhaontú láithreach.
4. Mura dtugann an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta fógra don Státchiste maidir leis na teagmhais dá dtagraítear i Roinn 4 laistigh de 30 lá ón tráth ar tharla siad, féadfaidh an Státchiste pionós conarthach de 5 % den táille do chéim iomlán na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta den cheart úsáide mianadóireachta a fhorfheidhmiú maidir le gach cás nár soláthraíodh faisnéis, nó féadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh ina iomlán nó ina pháirt, faoi réir fógra de 30 lá atá éifeachtach ag deireadh na míosa féilire.
5. Beidh an Comhaontú ina cheangal ar an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta go dtí an dáta éaga, an dáta tarraingthe siar nó dáta neamhbhailíochta an lamháltais agus ní fhéadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh.
6. Foirceannfar an Comhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh an fhoirceannadh neamhbhailí.
7. Aontaíonn na Páirtithe, i gcás ina bhfoirceannann an Státchiste an Comhaontú, nach n-aisíocfar an táille a íocadh as na cearta úsáide mianadóireachta dá dtagraítear i Roinn 7(1).
8. Coimeádann an Státchiste an ceart aige féin cúiteamh de bhreis ar an méid de phionóis chonarthacha a iarradh ar théarmaí ginearálta má sháraíonn méid an damáiste arna thabhuú ag an Státchiste na pionóis chonarthacha.

Roinn 11

1. Tá na sonraí teagmhála a leanas curtha ar fáil ag na Páirtithe le haghaidh teagmhála:
 - 1) Státchiste:
Ministerstwo Kimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil], ul. Wawelska 52/54, 00-922 Warszawa;
 - 2) An Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta:
(seoladh).
2. Ceanglaítear ar na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí conartha a thugtar le fios i mír 1. Ní éileofar le hathrú den sórt sin aguisín leis an gComhaontú. I gcás ina seolfar comhfhreagras chuig an seoladh teagmhála is déanaí a cuireadh ar fáil ag Páirtí, measfar gur tugadh é go héifeachtach don Pháirtí eile.

3. Seolfaidh gach ceann de na Páirtithe comhfhreagras don Pháirtí eile go pearsanta, le cúiréir nó le litir chláraithe ag úsáid na sonraí teagmhála is déanaí a chuir an Páirtí ar fáil.
4. I gcás litreacha cláraithe a seoladh ag an seoladh is déanaí a cuireadh ar fáil de Pháirtí agus a cuireadh ar ais ag oifig an phoist nó ag comhlacht cúiréara mar gheall nach raibh sé bailithe in am ag an seolaí, caithfear leo amhail gur tugadh é go héifeachtach a luaithe ceithre lá déag tar éis an céad iarracht é a sheachadadh.

Roinn 12

1. Ní bheidh na páirtithe faoi dhliteanas maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú a eascraíonn as *force majeure* más féidir a chruthú go raibh tionchar ag damáiste mar gheall ar *force majeure* ar an mainneachtain na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Is ea a chiallóidh “*force majeure*” teagmhas seachtrach nárbh fhéidir le Páirtithe a thuar nó a sheachaint, teagmhas a fhágann nach féidir an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, go buan nó ar feadh tréimhse faoi leith, teagmhas nárbh fhéidir leis an bPáirtí cur ina aghaidh trí dícheall cuí a fheidhmiú agus teagmhas nár eascair earráidí nó faillí ó thaobh an Pháirtí atá thíos leis as.
2. I gcás *force majeure*, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall láithreach chun teacht ar bhealach gníomhaithe.

Roinn 13

Féadfaidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama ar an gComhaontú, ina iomláine nó i bpáirt, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i scríbhinn, agus mura ndéanann sé sin beidh an t-iarratas neamhbhailí.

Roinn 14

Má fhoirceannar an Comhaontú, ní bheidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta i dteideal aon éileamh a dhéanamh in aghaidh an Stáitchiste maidir le méadú ar luach an ábhair de chearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 15

Réiteofar aon díospóid a eascraíonn as an gComhaontú tríd an ngnáthchúirt ag a bhfuil dlínse geografach thar shuíomh an Stáitchiste.

Roinn 16

Rialófar an Comhaontú seo faoi dhlí na Polainne, go háirithe na forálacha de Dhlí Geolaíochta agus Mianadóireachta agus den Chód Sibhialta.

Roinn 17

Cumhdóidh an Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta na costais a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Roinn 18

Déanfar leasuithe ar an gComhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh siad neamhbhailí.

Roinn 19

Tarraingíodh an Comhaontú suas i dtrí chóip atá díreach mar an gcéanna (cóip amháin don Sealbhóir Ceart Úsáide Mianadóireachta agus dhá chóip don Stáitchiste).

Stáitchiste

**An Sealbhóir Ceart Úsáide
Mianadóireachta**

Cumarsáid ó Rialtas Phoblacht na Polainne i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(2023/C 160/07)

Cuireadh poiblí chun tairiscint a dhéanamh ar lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Siedlce W”

ROINN I: BUNÚS DLÍ

1. Airteagal 49h(2) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta (Iris na nDlíthe (*Dziennik Ustaw*) 2022, mír 1072, arna leasú)
2. Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le tairiscintí a dhéanamh ar lamháltais i ndáil le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus i ndáil le heastóscadh hidreacarbón, agus lamháltais i ndáil le heastóscadh hidreacarbón (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171)
3. Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d’úsáid údaruithe i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3; Eagrúchán speisialta sa Pholainnis: Caibidil 6, Imleabhar 2, lch. 262)

ROINN II: EINTITEAS AG LORG TAIRISCINTÍ

Ainm: An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil

Seoladh poist: ul. Wawelska 52/54 00-922 Warszawa, An Pholainn

Teil. +48 22 3692449

Facs +48 22 3692460

Suíomh gréasáin: www.gov.pl/web/klimat

ROINN III: ÁBHAR AN NÓS IMEACHTA

1) **an cineál gníomhaíochtaí a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Siedlce W”, ar cuid de bhloic lamháltais Uimhreacha 216, 217, 236 agus 237 é.

2) **an limistéar ina mbeidh na gníomhaíochtaí le déanamh:**

Sainítear teorainneacha an limistéir a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana seo le línte lena gceanglaítear pointí leis na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	508 667,07	687 397,04
2	508 667,07	722 038,06
3	474 026,06	722 038,06
4	474 026,06	687 397,04

Is é 1 200,00 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana sin. Tá teorainn íochtarach an limistéir ag doimhneacht 3 500 m faoi leibhéal na talún (FLT).

Tá sé d’aidhm ag na hoibreacha atá le déanamh i bhfoirmithe Caimbriacha, Ordaivíseacha agus Siolúracha ola agus gáis nádúrtha a dhoiciméadú agus a eastóscadh sa limistéar ar a dtugtar tuairisc thuas.

3) **teorainn ama, nach lú ná 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra, agus an áit chun tairiscintí a chur isteach:**

Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid cheanncheathrú na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil tráth nach déanaí ná 12:00 CET/CEST ar an lá deiridh den tréimhse 180 lá dar tús an lá tar éis dháta foilsithe an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4) **sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta tairisceana agus sonraíocht a n-ualaithe, chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 49k den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011:**

Féadfaidh eintitis ar eisíodh cinneadh ina leith lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht tairiscintí a chur isteach, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(16)(1) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, go neamhspleách nó mar an oibreoir má tá roinnt eintiteas ag cur isteach ar an lamháltas i gcomhpháirt.

Déanfaidh an coiste tairiscintí meastóireacht ar na tograí a fhaightear ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- 30 % - raon feidhme agus sceideal na n-oibreacha geolaíochta atá beartaithe, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;
- 20 % - raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear croileacáin druilirí;
- 20 % - inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus le taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
- 20 % - an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus gnéithe nuálacha a forbraíodh don tionscadal sin á n-úsáid;
- 5 % - inniúlachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus maidir le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna (lena n-áirítear 2 % do raon feidhme an chomhair, maidir le réitigh nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus eastóscadh hidreacarbón,, le comhlachtaí eolaíochta i mbun taighde ar gheolaíocht na Polainne agus ar uirlisí, ar theicneolaíochtaí agus ar mhodhanna anailíse maidir le sirtheoireacht taiscí hidreacarbóin lena gcuirtear sainiúlacht dhálaí gheolaíochta na Polainne san áireamh agus a fhéadfar a chur i bhfeidhm faoi na dálaí sin);
- 5 % - tairiscintí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar eastóscadh hidreacarbón, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil.

Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar bhonn na gcritéar a shonraítear thuas, go bhfaigheann dhá thairiscint nó níos mó an scór céanna, úsáidfear méid na tairiscintí chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú a bheidh dlite le linn chéim na sirtheoireachta agus na taiscéalaíochta mar chritéar breise lena bhféadfar rogha deiridh a dhéanamh idir na tairiscintí lena mbaineann.

5) **raon feidhme íosta na faisnéise geolaíochta:**

Nuair a chuirtear tairiscint isteach níl aon cheanglas a léiriú go bhfuil sé de cheart faisnéis gheolaíochta a úsáid.

Nuair a théitear isteach i gcéim an eastósctha, tá sé d'oibleagáid ar ghnóthas fianaise a sholáthar lena léirítear go bhfuil sé de cheart aige faisnéis gheolaíochta a úsáid a mhéid is gá chun tabhairt faoina gníomhaíochtaí.

6) **dáta tosaigh na gníomhaíochtaí:**

Cuirfead tús leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an lamháltas laistigh de 14 lá ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndéanfaítear an lamháltas críochnaitheach.

7) **raon feidhme íosta oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta:**

Suirbhéanna geofisiceacha 150 km (fad an líne fhlosctha) le tástálacha seismeacha 2T nó 50 km² (an limistéar eastósctha) le tástálacha seismeacha 3T.

Tollpholl a dhruileáil go doimhneacht uasta 3 500 m (doimhneacht cheartingearach iarbhír – DCI), le croileacú éigeantach na mbearnaí ionchasacha.

8) **an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith:**

Is é 30 bliain an tréimhse lamháltais, lena n-áirítear:

- 1) céim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana, dar tús an dáta a dheonaítear an lamháltas;
- 2) céim eastósctha ar feadh tréimhse 25 bliana, dar tús an dáta a fhaightear cinneadh infheistíochta.

9) **coinníollacha sonracha chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun sábháilteacht phoiblí, sláinte phoiblí, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht réasúnach taiscí a áirithiú:**

Cuirfear tús leis na suirbhéanna geofisiceacha laistigh de 24 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Cuirfear tús leis na hoibríochtaí geolaíochta (druileáil tollpholl) laistigh de 42 mhí ón dáta a bheidh an cinneadh lena ndeonaítear an lamháltas críochnaitheach.

Ní mór nach sáródh cur chun feidhme chlár oibre an lamháltais cearta úinéirí talún agus ní chuireann sé deireadh leis an ngá le ceanglais eile a leagtar síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe an tAcht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta, agus ceanglais maidir le pleanáil spásúil, cosaint an chomhshaoil, talamh talmhaíochta agus foraoisí, an nádúr, uiscí agus dramhaíl a chomhlíonadh.

Is í Catagóir C an chatagóir íosta taiscéalaíochta le haghaidh taiscí ola agus gáis nádúrtha.

10) **samhail-chomhaontú maidir le cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Tá an samhail-chomhaontú curtha i gceangal mar iarscríbhinn leis seo.

11) **faisnéis maidir le méid na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú:**

Is é PLN 293 976,00 (i bhfocail: dhá chéad nócha a trí míle, naoi gcéad seachtó a sé zloty, náid grosz) in aghaidh na bliana méid íosta na táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú do limistéar “Gryfice” [sic] le linn na buntréimhse 5 bliana.

Tá téarmaí íocaíochta mionsonraithe le fáil san iarscríbhinn dá dtagraítear i bpointe 10.

12) **faisnéis maidir leis na ceanglais le comhlíonadh ag tairiscintí agus na doiciméid a éilíonn tairgeoirí:**

1. Ba cheart do thairiscintí a leanas a shonrú:

- 1) ainm (ainm gnó) agus oifig chláraithe an tairgeora;
- 2) ábhar na tairisceana, in éineacht le tuairisc ina sonrú ar an limistéar ina mbeidh an lamháltas le deonú agus ina mbeidh cearta úsáide mianadóireachta le bunú;
- 3) an tréimhse a bhfuil an lamháltas le deonú ina leith, fad na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus dáta tosaigh na ngníomhaíochtaí;
- 4) aidhm, raon feidhme agus cineál oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta, agus faisnéis maidir leis na hoibreacha atá le déanamh chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus na teicneolaíochtaí atá le húsáid;
- 5) sceideal, arna bhriseadh síos i mblianta, le haghaidh oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta agus raon feidhme na n-oibreacha sin;

- 6 raon feidhme agus sceideal an bhailiúcháin éigeantaigh samplaí a fhaightear le linn oibríochtaí geolaíochta, lena n-áirítear crofleacáin druilírí, dá dtagraítear in Airteagal 82(2)(2) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 7) cearta arna sealbhú ag an tairgeoir ar an réadmhaoin (limistéar) ina bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe le déanamh, nó an ceart a bhfuil an t-eintiteas sin ag cur isteach ar a bhunú;
 - 8) liosta de na limistéir a chumhdaítear le scéimeanna caomhnaithe nádúir; ní bhaineann an ceanglas seo le tionscadail a n-éilítear cinneadh maidir le dálaí comhshaoil ina leith;
 - 9) an bealach a ngníomhófar in éadan thionchair dhochracha chomhshaoil na ngníomhaíochtaí atá beartaithe;
 - 10) raon feidhme na faisnéise geolaíochta atá ar fáil don tairgeoir;
 - 11) taithí ar shirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin nó ar eastóscadh hidreacarbón, lena n-áirítear oibriú sábháilte, cosaint beatha agus sláinte daoine agus ainmhithe, agus cosaint an chomhshaoil;
 - 12) inniúlachtaí teicniúla maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus maidir le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe infhaighteacht acmhainní iomchuí teicniúla, eagrúcháin, lóistíochta agus daonna;
 - 13) inniúlachtaí airgeadais lena dtairgtear ráthaíocht leordhóthanach go ndéanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le sirtheoireacht agus le taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus le heastóscadh hidreacarbón faoi seach, agus go háirithe na foinsí agus na modhanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhaoiniú, lena n-áirítear an sciar de chistí dílse agus de mhaoiniú seachtrach;
 - 14) an teicneolaíocht atá beartaithe chun oibreacha geolaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, nó oibríochtaí mianadóireachta;
 - 15) an méid atá beartaithe don táille chun cearta úsáide mianadóireachta a bhunú, nach lú é sin ná an méid a shonraítear san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana;
 - 17) má chuireann roinnt eintiteas tairiscint isteach i gcomhpháirt, ní mór an méid seo a leanas a shonrú freisin:
 - a) ainmneacha (ainmneacha gnó) agus oifigí cláraithe gach eintitis a chuireann an tairiscint isteach;
 - (b) an t-oibreoir;
 - c) na scaireanna céatadáin i gcostais oibreacha geolaíochta, lena n-áirítear oibríochtaí geolaíochta, atá beartaithe sa chomhaontú comhair.
2. Ba cheart do thairiscintí a chuirtear isteach i nós imeachta tairisceana na ceanglais agus na coinníollacha a leagtar síos san fhógra lena seoltar an nós imeachta tairisceana sin a chomhlíonadh.
 3. Tá na doiciméid seo a leanas le cur faoi iamh le tairiscintí:
 - 1) fianaise gurb ann do na himthosca ar a dtugtar tuairisc sa tairiscint, go háirithe sleachta as na cláir ábhartha;
 - 2) cruthúnas gur taisceadh éarlais;
 - 3) cóip den chinneadh lena ndeimhnítear toradh dearfach nós imeachta um cháilíocht, dá ndéantar foráil in Airteagal 49a(17) den Acht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta;
 - 4) iarscríbhinní grafacha ullmhaithe i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le léarscáileanna mianadóireachta, lena léirítear teorainneacha riaracháin na tíre;
 - 5) gealltanais scríofa chun acmhainní teicniúla a chur ar fáil don eintiteas a ghlacann páirt sa nós imeachta tairisceana má úsáidtear acmhainní teicniúla eintiteas eile agus an lamháltas á chur chun feidhme;
 - 6) dhá chóip de chomhad tionscadail na n-oibríochtaí geolaíochta.
 4. Féadfaidh tairgeoirí, dá dtionscnamh féin, faisnéis bhreise a sholáthar ina dtairiscintí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo.

5. Ba cheart bunchóipeanna nó fíorchóipeanna deimhnithe de na bunchóipeanna a bheith sna doiciméid a chuireann tairgeoirí isteach dá ndéantar foráil i gCód an Nós Imeachta Riaracháin. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le cóipeanna de dhoiciméid atá le cur i gceangal le tairiscintí agus a chruthaigh an t-údarás lamháltais.
6. Ba cheart doiciméid arna dtarraingt suas i dteanga eachtrach a chur isteach in éineacht le haistriúchán i bPolainnis ó aistritheoir faoi bhrí mionna.
7. Tá tairiscintí le cur isteach i gclúdach séalaithe nó i bpacáiste séalaithe ar a mbeidh ainm (ainm gnó) an tairgeoira agus ar a léireofar ábhar an nós imeachta tairisceana.
8. Déanfar tairiscintí a chuirtear isteach tar éis dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach a sheoladh ar ais chuig na tairgeoirí gan oscailt.

13) **faisnéis maidir leis an mbealach chun éarlais a thaisceadh, méid na héarlaise agus an dáta íocaíochta:**

Ceanglaítear ar thairgeoirí éarlais PLN 1 000 (i bhfocail: míle zloty agus náid grosz) a thaisceadh roimh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

ROINN IV: FAISNÉIS RIARACHÁIN

IV.1) **An coiste meastóireachta tairiscintí**

Ceapann an t-údarás lamháltais coiste meastóireachta tairiscintí chun an nós imeachta tairisceana a stiúradh agus an tairiscint is buntáistí a roghnú. Sonraítear comhdhéanamh agus rialacha nós imeachta an choiste sa Rialachán Comh-Aireachta an 28 Iúil 2015 maidir le nósanna imeachta tairisceana le haghaidh lamháltas i ndáil le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí hidreacarbóin agus i ndáil le heastóscadh hidreacarbón, agus le haghaidh lamháltas i ndáil le heastóscadh hidreacarbón (Irisleabhar na nDlíthe 2015, mír 1171). Cuireann an coiste meastóireachta tairiscintí tuarascáil ar an nós imeachta tairisceana faoi bhráid an údaráis lamháltais lena formheas. Mar aon le tairiscintí agus na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana, tá an tuarascáil oscailte d'eintitis eile a chuireann tairiscintí isteach.

IV.2) **Soiléirithe breise**

Laiúg de 14 lá ó dháta foilsithe an fhógra, féadfaidh eintiteas leasmhar iarraidh ar an údarás lamháltais soiléirithe a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí mionsonraithe tairisceana. Laiúg de 14 lá ón iarraidh a fháil, foilseoidh an t-údarás lamháltais na soiléirithe sa *Biuletyn Informacji Publicznej* (Feasachán Faisnéise Poiblí), ar leathanach na hoifige riaracháin atá faoi réir an údaráis sin.

IV.3) **Faisnéis bhreise**

Tá faisnéis iomlán faoin limistéar a chumhdaítear leis an nós imeachta tairisceana curtha i dtoll a chéile ag Seirbhís Geolaíochta na Polainne sa Phacáiste Sonraí Geolaíochta le haghaidh an nós imeachta tairisceana maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha sa limistéar tairisceana “Siedlce W” (“Pakiet danych geologicznych do postępowania przetargowego na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż. Obszar przetargowy ‘Siedlce W’”), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag an seoladh seo a leanas: <https://bip.mos.gov.pl/koncesje-geologiczne/przetargi-na-koncesje-na-poszukiwanie-rozpoznawanie-i-wydobywanie-weglowodorow/piata-runda-przetargow-2021/>

agus ó:

Departament Geologii i Koncesji Geologicznych [An Roinn Geolaíochta agus Lamháltas Geolaíochta]
Ministerstwo Klimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil] ul. Wawelska 52/54
54 00-922 Warszawa
AN PHOLAINN

Teil. +48 223692449

Facs +48 223692460

COMHAONTÚ lena mbunáitear cearta úsáide mianadóireachta maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Siedlce W”, dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta

arna thabhairt i gcrích i Vársá an idir:

an **Státchiste, arna ionadú ag an Aire Aeráide agus Comhshaoil**, ar a shon agus thar a cheann a ngníomhaíonn faoi chumhacht atur na Uimh. dá ngairtear “**an Státchiste**” anseo feasta),

agus

..... (ainm an ghnóthais) a bhfuil a oifig chláráithe aige i (seoladh iomlán), cláráithe ar faoi KRS (Clár na gCúirteanna Náisiúnta) Uimh., scairchaipitil, arna ionadú ag, dá ngairtear “**Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta**” anseo feasta,

dá ngairtear “**Páirtí**” orthu ar leithligh nó “**na Páirtithe**” i gcomhpháirt anseo feasta, agus a léitear mar a leanas:

Roinn 1

1. An Státchiste, mar úinéir eisiach ar na fostrataim uachtar an Domhain a chumhdaíonn an limistéar laistigh de na bardais tuaithe a leanas: Korytnica, Wierzbno, Liw, Grębków, Sokołów Podlaski, Bielany, Dobre, Jakubów, Ceglów, Kotuń, Mokobody, Siedlce, Skórzec, Suchożebry, Wiśniew agus Wodynie, na bardais uirbeacha-tuaithe de Kałuszyn agus Mrozy, agus na bailte de Sokołów Podlaski, Węgrów agus Siedlce i gCúige Mazowieckie, a sainmhíntear a dteorainneacha le línte a cheanglaíonn pointí 1 go 4 le chéile ar fíor ina leith na comhordanáidí seo a leanas i gcóras comhordanáidí PL-1992:

Uimh. an Phointe	X [PL-1992]	Y [PL-1992]
1	508 667,07	687 397,04
2	508 667,07	722 038,06
3	474 026,06	722 038,06
4	474 026,06	687 397,04

leis seo, bunaítear cearta úsáide mianadóireachta do Sealbhóir na Ceart Úsáide Mianadóireachta sa limistéar a thuairiscítear thuas, atá teoranta ón mbar ag an teorann na réadmhaoine atá ar an dromchla agus teoranta ón mbun ag doimhneacht 3 500 m, ar choinníoll go bhfaigheann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta lamháltas maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar “Siedlce W” laistigh de 1 bhliain ón dáta atá an Comhaontú curtha i gcrích.

2. Mura gcomhlíontar an coinníoll maidir le lamháltas a fháil dá dtagraítear i mír 1, rachaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú in éag.
3. Laistigh den limistéar carraigmhaise a shonraítear i mír 1, féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta:
 - 1) i bhfoirmithe Caimbriacha, Ordaiviseacha agus Siolúracha; gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha;
 - 2) sa chuid eile den limistéar, aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na foirmithe Caimbriacha, Ordaiviseacha agus Siolúracha.
4. Is é 1 200,00 km² achar dromchla theilgean ceartingearach an achair mar a thuairiscítear thuas.

5. Leis na cearta úsáide mianadóireachta, beidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta i dteideal an limistéar a shonraítear i mír 1 a úsáid ar bhonn eisiach maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht ola agus gás nádúrtha, chomh maith le gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun na críche sin laistigh den limistéar sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, go háirithe an tAcht um an Dlí Geolaíochta agus Mianadóireachta an 9 Meitheamh 2011 (Iris na nDlíthe (Dziennik Ustaw) 2022, mír 1072, arna leasú) agus cinntí arna n-eisiúint dá bhun.

Roinn 2

Dearbhaíonn Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta gan aon agóid a dhéanamh maidir le stádas fórasach agus dlíthiúil ábhar na gcearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 3

1. Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú ar an dáta a fhaightear lamháltas.
2. Bunófar na cearta úsáide mianadóireachta ar feadh tréimhse 30 bliain, lena n-áirítear 5 bhliain don chéim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta agus 25 bhliain do chéim an eastósctha, faoi réir Ranna 8(2) agus 10.
3. Rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag má théann an lamháltas in éag, má aistarraingeofar é nó má éiríonn sé neamhbhailí, beag beann ar an gcúis.

Roinn 4

Geallann Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta go dtabharfaidh sé fógra don Státchiste i scríbhinn maidir le haon athrú i ndáil le hainm a ainm, i ndáil le athrú ar an oifig chláráithe agus ar an seoladh nó athruithe ar fhoirm eagrúcháin, athruithe ar uimhreacha clárúcháin agus aitheantais, aistriú ar an lamháltas d'eintiteas eile le hoibriú an dlí, iarratas a chur isteach ar aichiní féimheachta nó maidir le athstruchtúrúcháin a thosú. Féadfaidh an Státchiste a cheangal go gcuirfear na míniúcháin is gá ar fáil sna cásanna sin. Déanfar an fógra laistigh de 30 lá ón dáta ar a tharla na himthosca dá dtagraítear thuas.

Roinn 5

Beidh an Comhaontú seo gan dochar do cheart tríú páirtithe, go háirithe úinéirí talún, agus ní bheidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta díolmhaithe ón riachtanas maidir leis na ceanglas a fhoráil le dlí a chomhlíonadh, go háirithe maidir leo a bhaineann le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht mianraí agus a bhaineann le hacmhainní comhshaoil a úsáid agus a chosaint.

Roinn 6

Forchoimeádann an Státchiste an ceart cearta úsáide mianadóireachta a bhunú laistigh den limistéar dá dtagraítear i Roinn 1(1) chun gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd dá dtagraítear sa Chomhaontú, ar bhealach nach sáraíonn cearta Shealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta.

Roinn 7

1. Íocfaidh Sealbhóir na gCearta Úsáide Mianadóireachta don Státchiste an táille seo a leanas le haghaidh na gcearta úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chéim sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta (a chomhairtear amháil 12 mhí as a chéile):
 - a) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don chéad bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - b) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don dara bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
 - c) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don tríú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

- d) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don cheathrú bhliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;
- e) PLN (méid) (i bhfocail: zlotys) don chúigiú bliain den cheart úsáide, agus sin ó dháta teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, laistigh de 30 lá ó thús na bliana de chearta úsáide sin;

– faoi réir fhorálacha mhír 2.

2. Má thiteann dáta íocaíochta na táille do bhliain ar leith de chearta úsáide mianadóireachta idir an 1 Eanáir agus an 1 Márta, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille roimh an 1 Márta. Má tá an táille faoi réir innéacsaithe i gcomhréir le mír 3 go mír 5, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta tráth nach luaithe ná an dáta a fhógraítear an t-innéacsú dá dtagraítear i mír 3 áfach, tar éis an t-innéacsú a chur san áireamh.
3. Déanfar an táille sonraithe i mír 1 a innéacsú go dtí meáninnéacs bhliantúil praghsanna do thomhaltóirí don tréimhse idir conclúid an chomhaontaithe go dtí an bhliain roimh dháta íocaíochta na táille, mar atá fógartha ag Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne in Iris Oifigiúil na Polainne (Monitor Polski). Má tá an t-innéacs sin do bhliain áirithe níos lú ná nó cothrom le náid, ní bheidh aon innéacsú ann don bhliain sin.
4. Má thiteann dáta íocaíochta na táille sa bhliain féilire chéanna ina cuireadh an Comhaontú i gcrích, ní dhéanfar innéacsú ar an táille.
5. Má tugadh an Comhaontú i gcrích agus má bhí éifeacht leis sa bhliain roimh an mbliain ina dtéann dáta íocaíochta na táille, ní dhéanfar an táille a innéacsú má íocann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta í faoi dheireadh na bliana féilire ina dtugtar an Comhaontú i gcrích agus ina ngabhann éifeacht leis.
6. Má chailleann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta arna bhunú faoin gComhaontú roimh dháta éaga na teorann ama a shonraítear i Roinn 3(2), beidh sé de cheangal ar Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do bhliain iomlán na gcearta úsáide a íoc maidir leis an mbliain inar cailleadh na cearta sin. Má chailleadh na cearta úsáide mianadóireachta de thoradh ar tharraingt siar an lamháltais nó mar gheall ar na cúiseanna a shonraítear i Roinn 10(1), (3) nó (4), áfach, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do thréimhse iomlán cearta úsáide na céime sirtheoireachta agus taiscéalaíochta a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le mír 3 agus gan dochar don phionós conarthach dá dtagraítear i Roinn 10(2). Íocfar an táille laistigh de 30 lá ón dáta ar ar cailleadh na cearta úsáide mianadóireachta. Ní scaoilfear le cailleadh na gcearta úsáide Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta ó oibleagáidí comhshaoil a bhaineann le hábhar na gcearta úsáide mianadóireachta, go háirithe oibleagáidí a bhaineann le cosaint taiscí.
7. Íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille do na cearta úsáide mianadóireachta i gcuntas bainc na hAireachta Aeráide agus Comhshaoil ag brainse Vársá de Bhanc Náisiúnta na Polainne, Uimh 07 1010 1010 0006 3522 3100 0000, lena n-áirítear an teachtaireacht seo a leanas ar an ordú aistrithe: “Ustanowienie użytkowania górniczego w związku z udzieleniem koncesji na poszukiwanie i rozpoznawanie złóż ropy naftowej i gazu ziemnego oraz wydobywanie ropy naftowej i gazu ziemnego ze złóż w obszarze ‘Siedlce W’” (“Bunú cearta úsáide mianadóireachta i ndáil le deonú lamháltais maidir le sirtheoireacht agus taiscéalaíocht taiscí ola agus gáis nádúrtha agus eastóscadh ola agus gáis nádúrtha i limistéar ‘Siedlce W’”).

Is é dáta na híocaíochta an dáta a chreidiúnófar cuntas an Stáitchiste.

8. Ní bheidh an táille a shonraítear i mír 1 faoi réir cháin ar earraí agus seirbhísí (CBL). Má leasaítear reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí is ábhar don Chomhaontú faoi réir cánachais, nó má athraíonn an tuiscint ar an reachtaíocht agus an toradh aige go bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi réir CBL, méadófar méid na táille faoi mhéid na cánach atá dlite.
9. Tabharfaidh an Stáitchiste fógra i scríbhinn do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta maidir le hathruithe ar an uimhir chuntais dá dtagraítear i mír 7.

10. Beidh an táille le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta le híoc leis an Státchiste gan beann ar an ioncam a thuilleann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta ó úsáid na gceart sin.
11. Seolfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta cóipeanna de chruthúnas íocaíochta na táille dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh bhunú na gceart úsáide mianadóireachta chuig an Státchiste laistigh de 7 lá ón dáta íocaíochta.

Roinn 8

1. Tar éis do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta cinneadh infheistíochta a fháil lena sonraítear na gcoinníollacha maidir le heastóscadh ola agus gáis nádúrtha, déanfaidh na Páirtithe, laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh sin, aguisín a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú lena sonraítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe le linn na céime eastósctha agus an méid den táille le haghaidh ceart úsáide mianadóireachta sa limistéar a shonraítear i Roinn 1(1) do gach bliain de chearta úsáide mianadóireachta le linn na céime eastósctha.
2. Más rud é nach bhfuil an aguisín dá dtagraítear i mír 1 tugtha i gcrích laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh infheistíochta lena sonraítear na coinníollacha maidir le heastóscadh ola nó gáis nádúrtha, rachaidh na cearta úsáide mianadóireachta in éag.

Roinn 9

Féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na cearta úsáide mianadóireachta a shuitear i Roinn 1(1) a fheidhmiú nuair a bheidh toiliú i scríbhinn faighte ón Státchiste.

Roinn 10

1. Má sháraíonn Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí arna leagan síos sa Chomhaontú, féadfaidh an Státchiste, faoi réir na bhforálacha de mhíreanna 3 agus 4, an Comhaontú a fhoirceannadh láithreach, gan Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta a bheith i dteideal aon éileamh a dhéanamh ar mhaoín. Ní fhéadfaidh an Comhaontú a fhoirceannadh, áfach, má sháraigh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta oibleagáidí faoin gComhaontú de bharr *force majeure*.
2. Má fhoirceannar an Comhaontú ar na cúiseanna a shonraítear i míreanna 1 nó 4, íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta pionós conarthach de 25 % den táille do chéim iomlán sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta leis an Státchiste, mar a shonraítear i Roinn 3(1) agus (2), arna innéacsú i gcomhréir le Roinn 7(3).
3. Má chuireann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta moill de bhreis agus 7 lá níos mó ná na sprioc-amanna a shonraítear i Roinn 7(1) nó (2) ar íocaíocht na táille, iarrfaidh an Státchiste go n-íocfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta an táille gan íoc laistigh de 7 lá ó fháil na hiarrata, agus mura ndéanfaidh sin, foirceannfar an Comhaontú láithreach.
4. Mura dtugann Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta fógra don Státchiste maidir leis na teagmhais dá dtagraítear i Roinn 4 laistigh de 30 lá ón tráth ar tharla siad, féadfaidh an Státchiste pionós conarthach de 5 % den táille do chéim iomlán sirtheoireachta agus taiscéalaíochta an chirt úsáide mianadóireachta a fhorfheidhmiú maidir le gach cás nár soláthraíodh faisnéis, nó féadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh ina iomlán nó ina pháirt, faoi réir fógra de 30 lá atá éifeachtach ag deireadh na míosa féilire.
5. Beidh an Comhaontú ina cheangal ar Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta go dtí an dáta éaga, an dáta tarraingthe siar nó dáta neamhbhailíochta an lamháltais agus ní fhéadfaidh sé an Comhaontú a fhoirceannadh.
6. Foirceannfar an Comhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh an fhoirceannadh neamhbhailí.
7. Aontaíonn na Páirtithe, i gcás ina bhfoirceannann an Státchiste an Comhaontú, nach n-aisíofar an táille a íocadh as na cearta úsáide mianadóireachta dá dtagraítear i Roinn 7(1).

8. Coimeádann an Stáitchiste an ceart aige féin cúiteamh de bhreis ar an méid de phionóis chonartha a iarradh ar théarmaí ginearálta má sháraíonn méid an damáiste arna thabhtú ag an Stáitchiste na pionóis chonartha.

Roinn 11

1. Tá na sonraí teagmhála seo a leanas curtha ar fáil ag na Páirtithe le haghaidh teagmhála:
 - 1) Stáitchiste:

Ministerstwo Kimatu i Środowiska [An Aireacht Aeráide agus Comhshaoil], ul. Wawelska 52/54 00-922 Warszawa;
 - 2) Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta:

(seoladh).
2. Ceanglaítear ar na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar na sonraí conartha a thugtar le fios i mír 1. Ní éileofar le hathrú den sórt sin aguisín leis an gComhaontú. I gcás ina seolfar comhfhreagrú chuig an seoladh teagmhála is déanaí a cuireadh ar fáil ag Páirtí, measfar gur tugadh é go héifeachtach don Pháirtí eile.
3. Seolfaidh gach ceann de na Páirtithe comhfhreagrú don Pháirtí eile go pearsanta, le cúireir nó le litir chláráithe ag úsáid na sonraí teagmhála is déanaí a chuir an Páirtí ar fáil.
4. I gcás litreacha cláráithe a seoladh ag an seoladh is déanaí a cuireadh ar fáil de Pháirtí agus a cuireadh ar ais ag oifig an phoist nó ag comhlacht cúireara mar gheall nach raibh sé bailithe in am ag an seolaí, caithfear leo amhail gur tugadh é go héifeachtach a luaithe ceithre lá déag tar éis an céad iarracht é a sheachadadh.

Roinn 12

1. Ní bheidh na páirtithe faoi dhliteanas maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú a eascraíonn as *force majeure* más féidir a chruthú go raibh tionchar ag damáiste mar gheall ar *force majeure* ar an mainneachtain na hoibleagáidí a chomhlíonadh. Is ea a chiallóidh "*force majeure*" teagmhas seachtrach nárbh fhéidir le Páirtithe a thuar nó a sheachaint, teagmhas a fhágann nach féidir an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, go buan nó ar feadh tréimhse faoi leith, teagmhas nárbh fhéidir leis an bPáirtí cur ina aghaidh trí dícheall cuí a fheidhmiú agus teagmhas nár eascair earráidí nó faillí ó thaobh an Pháirtí atá thíos leis as.
2. I gcás *force majeure*, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall láithreach chun teacht ar bhealach gníomhaithe.

Roinn 13

Féadfaidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama ar an gComhaontú, ina iomláine nó i bpáirt, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i scríbhinn, agus mura ndéanann sé sin beidh an t-iarratas neamhbhailí.

Roinn 14

Má fhoirceannar an Comhaontú, ní bheidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta i dteideal aon éileamh a dhéanamh in aghaidh an Stáitchiste maidir le méadú ar luach an ábhair de chearta úsáide mianadóireachta.

Roinn 15

Réiteofar aon díospóid a eascraíonn as an gComhaontú tríd an ngnáthchúirt ag a bhfuil dlínse geografach thar shuíomh an Stáitchiste.

Roinn 16

Rialófar an Comhaontú seo faoi dhlí na Polainne, go háirithe na forálacha de Dhlí Geolaíochta agus Mianadóireachta agus den Chód Sibhialta.

Roinn 17

Iompróidh Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta na costais a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Roinn 18

Déanfar leasuithe ar an gComhaontú i scríbhinn, agus mura ndéanfar sin beidh siad neamhbhailí.

Roinn 19

Tarraingíodh an Comhaontú suas i dtrí chóip atá díreach mar an gcéanna (cóip amháin do Shealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta agus dhá chóip don Stáitchiste).

Stáitchiste**Sealbhóir na gCeart Úsáide Mianadóireachta**

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11111 — UBS / CREDIT SUISSE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 160/08)

1. An 26 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- UBS Group AG (“UBS”, an Eilvéis),
- Credit Suisse Group AG (“Credit Suisse”, an Eilvéis).

Déanfaidh UBS agus Credit Suisse cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc.

Déantar an comhchruinniú trí chomhaontú cumaisc a mbeidh ionsú Credit Suisse ag UBS mar thoradh air. Is é UBS an t-eintiteas a bheidh fós ann.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is banc infheistíochta ilnáisiúnta agus cuideachta seirbhísí airgeadais é UBS a bunaíodh san Eilvéis, áit a bhfuil a cheanncheathrú, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain. Cuimsíonn gnó UBS bainistiú rachmais, bainistiú sócmhainní, seirbhísí baincéireachta infheistíochta agus baincéireacht mhiondíola agus chorparáideach,
- Is banc infheistíochta ilnáisiúnta agus cuideachta seirbhísí airgeadais é Credit Suisse a bunaíodh san Eilvéis, áit a bhfuil a cheanncheathrú, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain. Cuimsíonn gnó Credit Suisse bainistiú rachmais, bainistiú sócmhainní, seirbhísí baincéireachta infheistíochta agus baincéireacht mhiondíola agus chorparáideach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thrú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11111 — UBS / CREDIT SUISSE

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar fhormheas ar leasú, nach mionleasú é, ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 160/09)

Lena fhoilsíú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais ar leasú de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ NACH MIONLEASÚ É AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE SONRÚCHÁIN
TIONSCLAIMH FAOI CHOSAINT/TÁSC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT

**Iarratas ar fhormheas ar leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 53(2) de Rialachán (AE)
Uimh. 1151/2012**

“LOS PEDROCHES”

Uimh. AE: PDO-ES-0506-AM02 – 29.7.2021

STFC (X) PGI ()

1. Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach

Consejo Regulador de la Denominación de Origen Protegida “Estepa” [Bord Rialála le haghaidh Shonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint “Los Pedroches”]

C/ Pozoblanco No 3, 14440 Villanueva de Córdoba (Córdoba), An Spáinn

Teil. +34 957121084 Facs +34 957121084

R-phost: informacion@jamondolospedroches.es

Is eagraíocht neamhbhrabúis é an Bord Rialála le haghaidh Shonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint “Los Pedroches” a aithníonn an t-údarás inniúil sa Bhallstát mar chomhlacht bhainistíochta le haghaidh shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” trí bhíthin Ordú Aireacht Réigiúnach na hAndalúise um Thalmhaíocht agus Iascaigh ⁽²⁾ an 30 Eanáir 1998, agus faoi rialú ag a rialachán atá ann faoi láthair, arna ghlacadh trí bhíthin Ordú na hAireachta Réigiúnaí an 12 Feabhra 2018. Déanann sé ionadaíocht d’oibreoírí a bhfuil baint acu le táirgeadh an táirge a chumhdaítear le STFC, rialaítear é le prionsabail an daonlathais agus le hionadaíocht an lucht eacnamaíoch agus earnála atá sa STFC, agus tugann sé aird ar leith ar mhionlaigh, ag déanamh ionadaíochta do leasanna na bpáirtithe éagsúla go cothrom. Dá bhrí sin, tá an inniúlacht dhlíthiúil ag an mBord Rialála chun an t-iarratas seo ar leasú a chur isteach i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta, go sonrach le hAirteagal 13(2)(a) de Dhlí Rialtas na hAndalúise Uimh. 2/2011 an 25 Márta 2011 maidir le hiascaigh agus cáilíocht bia.

2. Ballstát nó tríú tír

An Spáinn

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Údarás náisiúnta inniúil dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

3. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú difear dó

- Ainm an táirge
- Tuairisc ar an táirge
- Limistéar geografach
- Cruthúnas ar thionscnamh
- An modh táirgthe
- Nasc
- Lipéadú
- Eile [Seiceálacha ar chomhlíontacht leis na sonraíochtaí agus na ceanglais reachtacha]

4. Cineál an leasaithe nó na leasuithe

- Leasú ar shonraíocht táirge STFC nó TGFC cáilithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an trú fohmhir d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- Leasú ar shonraíocht táirge STFC nó TGFC nár foilsíodh Doiciméad Aonair (ná doiciméad coibhéiseach) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an trú fohmhir d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5. Leasú nó leasuithe

Ar an 12 Eanáir 2014, tháinig Forairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014 lena gceadaíodh an caighdeán cáilíochta le haghaidh feoil, liamhás, gualainn agus caoldroim Ibéarach (anseo feasta an “Caighdeán Cáilíochta” nó “Caighdeán Cáilíochta Ibéarach”) i bhfeidhm sa Spáinn, ag aisghairm agus ag teacht in ionad na Forairthne Ríoga 1469/2007 an 2 Samhain 2007 roimhe sin den teideal céanna. Déantar foráil sa Chaighdeán Cáilíochta maidir le caighdeánú san earnáil, le ceanglais éigeantacha le haghaidh táirgí muice Ibéaraí a roghnaíonn na tásca a rialaítear ann a úsáid, mar is amhlaidh i gcás liamhás agus guaillí a chumhdaíonn STFC “Los Pedroches”.

Dá bhrí sin, tá muid ag iarraidh sraith leasuithe ar an tsonraíocht le haghaidh an STFC, maidir leis na ranna “Tuairisc ar an táirge”, “Limistéar geografach”, “Cruthúnas ar thionscnamh”, “An modh táirgthe”, “Nasc” agus “Lipéadú”, agus é d’aidhm leis sin amháin é a thabhairt i gcomhréir le ceanglais an Chaighdeáin Cáilíochta Ibéaraí atá ann faoi láthair a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha chun na muca a bhainistiú, toisc phóir agus tuairiscí díolacháin na dtáirgí, agus d’fhonn doiciméad cuimsitheach a sholáthar d’oibreoírí. Thairis sin, cuireadh tagairtí d’Fhorairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014 in ionad na tagairtí uile d’Fhorairthne Ríoga 1469/2007 an 2 Samhain 2007.

D’ainneoin na leasuithe sin, coinnítear na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht STFC bhunaidh atá níos sriantaí ná na coinníollacha a leagtar síos sa Chaighdeán Cáilíochta, go sonrach iad sin maidir le bainistíocht na muc (a n-aiste bia agus a n-aclaíocht go príomha) agus céatadán íosta na hionachta Ibéaraí, a thugann na saintréithe fíor-riachtanacha don amháibhar is gá le haghaidh táirgthe táirgí uathúla agus suaithinseacha amhail liamhása agus guaillí STFC “Los Pedroches”.

Iarradh leasuithe eile nach torthaí ar athruithe ar an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach iad ar thionscnamh an Bhoird Rialála, agus baineann siad leis an bpróiseas táirgthe go príomha. Tugtar an réasúnú leis na leasuithe sin ar fud an doiciméid.

5.1. Tuairisc ar an táirge

1. Rinne an tsonraíocht bhunaidh foráil maidir leis an bhféidearthacht muca a úsáid a bhfuil íosmhéid 75 % pór Ibéarach acu (de réir an t-aicmiú dlíthiúil a bunaíodh trí Fhorairthne Ríoga 1469/2007 an 2 Samhain 2007, aisghairthe anois) sa táirgeadh liamhás agus guaillí a chumhdaítear le STFC. D’ainneoin go gceadaítear fós leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach atá ann faoi láthair (arna ghlacadh trí bhithin Forairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014) muca a bhfuil pór Ibéarach 75 % acu a úsáid chun liamhása agus guaillí a tháirgeadh atá á gcur ar an margadh mar “Ibéarach”, cuireann an tsonraíocht teorainneacha ar gearrthacha le haghaidh deimhniúcháin faoi STFC leo sin ó mhuca a bhfuil íonacht ghéiniteach Ibéarach 100 % acu. Dá bhrí sin, baineadh an rogha muca a crosphóraíodh le pótha neamhdhúchasacha eile a úsáid.

Dá réir sin, an tuairisc a leanas ón tsonraíocht bhunaidh (Roinn B.2, “Pórtha incháilithe”):

Is é an pór muice Ibéaraigh amháin, de gach tréithchineálacha, atá oiriúnach do ghearrthacha le haghaidh táirgeadh liamhás agus guailí atá cosanta ag an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a sholáthar, atá ar a laghad muc Ibéarach 75 % agus ar a mhéad 25 % de Duroc nó Duroc Jersey, mar a cheanglaítear trí bhíthin Forairthne Ríoga Uimh. 1469/2007 an 2 Samhain 2007 lena nglactar an caighdeán cáilíochta le haghaidh feola, liamháis, liamháis ghualainne agus chaoldroma, nó an dlí a chuirfear ina ionad [...]

cuireadh an tuairisc a leanas ina ionad sa tsonraíocht nua:

Is iad muca de phór Ibéarach 100 % amháin atá oiriúnach do ghearrthacha le haghaidh táirgeadh liamhás agus guailí faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a sholáthar i gcomhréir le Forairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014 lena nglactar an caighdeán cáilíochta le haghaidh feola, liamháis, liamháis ghualainne agus chaoldroma, [...]

Sa doiciméad aonair scríosadh an mhír a leanas i Roinn 4.2, “Tuairisc” (seanfhormaid nó bileog achomair):

“Is é an pór muice Ibéaraigh amháin, de gach tréithchineálacha, an cineál beostoic atá oiriúnach do ghearrthacha le haghaidh táirgeadh liamhás agus guailí atá cosanta ag an sonrúchán tionscnaimh a sholáthar. Ceadaítear muca atá ar a laghad 75 % d'Ibéarach agus ar a mhéad 25 % de Duroc nó Duroc Jersey, ar choinníoll go dtagann siad ó chránacha Ibéaracha íona mar a shonraítear i bhForairthne Ríoga 1469/2007 an 2 Samhain 2007.”

Cúis:

An t-athrú sin, atá údar leis mar gheall ar an bhféidearthacht ceanglais a leagan síos sa tsonraíocht atá níos doichte ná iad sin a leagtar síos sa reachtaíocht ghinearálta, tá sé beartaithe an táirgeadh a chumhdaítear le STFC a theorannú le táirgí den cháilíocht tráchtála is airde laistigh den earnáil. Is pór tuaithe é an muc Ibéarach (atá dúchasach do Leithinis na hIbéire), atá oiriúnaithe go foirfe don aeráid agus do shaol ar an *dehesa* [*taladh féaraigh choilltigh a bhaineann go sonrach le deisceart na Spáinne lena gcuimsítear féarach ina bhfuil speicis luibheacha, a úsáidtear chun eallaí, gabhair agus caoirigh a chur ag innilt, agus speicis chrann a bhaineann leis an ngéineas Quercus (dair), amhail dair thoilm (Quercus ilex sp. ballota)*], lena táirgtear feoil a bhfuil marmar saille ard aici agus dea-bholadh agus blas dian uirthi. Tomhaltóirí, a aithníonn cineál uatha na liamhás agus liamhás ghualainne “Ibéarach”, tá siad níos feasaí de réir a chéile maidir leis na hainmniúcháin tráchtála éagsúla atá ann cheana bunaithe ar íonacht ghéiniteach na muc agus ar a n-aiste bia, le tosaíocht a thabhairt do tháirgí ó mhuca Ibéaracha 100 %. Thairis sin, cuideoidh an leasú sin le hionacht an phóir Ibéaraigh a chaomhnú.

2. A mhéid a bhaineann le muca atá oiriúnach do ghearrthacha le haghaidh táirgeadh liamhás agus guailí a sholáthar a chumhdaítear le STFC, maidir leis an gceanglas seo a leanas sa tsonraíocht bhunaidh (Roinn B.2 “Pórtha incháilithe”):

“agus chaith sé gach céim dá shaol sa limistéar geografach a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo, ó bhreith go ramhrú deiridh”

cuireadh an ceanglas seo a leanas ina ionad:

“agus tá gach céim táirgthe á déanamh air sa limistéar geografach a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo.”

Dá dheasca sin, sa tsonraíocht táirge, maidir leis an mír a leanas (Roinn D.1, “Foinse, marcáil agus cigireacht na n-ainmhithe”):

Maidir le saolré iomlán na muc, ó bhreith go ramhrú deiridh, tharla sé agus cuireadh i gcríoch é i ngabháltais a taifeadadh i gcláir an Bhoird Rialála le haghaidh shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches”, agus, dá bhrí sin, i réimse táirgthe an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint seo.

cuireadh é seo ina ionad sin:

Maidir le gach céim táirgthe atá á déanamh ar na muca, tharla sí agus cuireadh i gcríoch í i ngabháltais a taifeadadh i gcláir an Bhoird Rialála le haghaidh shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches”, agus dá bhrí sin, i réimse táirgthe an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint seo.

Ar deireadh, déanann an leasú seo difear freisin do na ranna seo a leanas den bhileog achomair: 4.2, “Tuairisc” (lenar ceanglaíodh gur chaith gach ainmhí “gach céim dá shaol sa limistéar geografach a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo, ó bhreith go ramhrú deiridh”), 4.3, “Limistéar geografach” (dá réir sin “rugadh [...], tógadh agus ramhraíodh na muca” sa limistéar sainithe) agus 4.4, “Cruthúnas ar thionscnamh” (lenar ceanglaíodh gur “tharla gach céim shaolré na muc, ó bhreith agus tógáil go ramhrú deiridh sa limistéar sainithe”). Ina ionad sin, sonraítear le Roinn 3.4, “Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe”, den doiciméad aonair nua gurb iad a leanas na bearta:

“Is laistigh den limistéar geografach a dhéantar gach céim den táirgeadh. Seo a leanas na saintréithe sin:

- Tógáil agus ramhrú na muc, a n-úsáidtear a gcosa chun an táirge atá cumhdaithe a dhéanamh.
- An t-ainmhí a mharú agus an fheoil a ghearradh ina píosaí.
- Na céimeanna ullmhaithe uile, lena n-áirítear: sailleadh, glanadh, suí, triomú/aibiú agus aosú i stórais.”

Cúis:

Ceanglaíodh le foclaíocht bhunaidh na sonraíochta ní hamháin go dtarlaíonn gach céim de tháirgeadh liamhás agus guaillí sa limistéar geografach sainithe, ach go mbeirtear na muca a sholáthraíonn an t-amhábh don táirge (na conablaigh, go háirithe na cosa tosaigh agus na cosa deiridh) sa limistéar geografach sainithe chomh maith. Níor cuireadh an chéim sin san áireamh i ndréachtú tosaigh Ordú na hAireachta Réigiúnaí um Thalmhaíocht agus Iascaigh an 30 Eanáir 1998 lena gceadaíodh an Rialachán lena rialaítear sonrúchán tionscnaimh “Los Pedroches” agus a Bhord Rialála, a foilsíodh in *Iris Oifigiúil Rialtas na hAndalúise* ar an 21 Feabhra 1998, as a dhéanann Airteagal 5 foráil mar a leanas:

An limistéar táirgthe ina dtógtar agus a ramhraítear na muca arb iad a gcosa a úsáidtear ina dhiaidh sin chun liamhása agus guaillí a chumhdaítear le sonrúchán tionscnaimh “Los Pedroches” a tháirgeadh, cuimsíonn sé na *dehesas* ina bhfástar daracha toilm, daracha coirc agus daracha gáil [...]

Tagraíonn an leasú iarrtha do na céimeanna táirgthe (seachas do chéimeanna saolré an bheostoic), ag cur teorann le feidhmíocht na gcéimeanna chuig an limistéar geografach sainithe agus ag baint na teorann le háit bhreithe na muc, nach raibh bailí go teicniúil.

Go sonrach, mar a mhínítear i roinn na sonraíochta dar teideal “Limistéar geografach” nó i roinn an doiciméid aonair dar teideal “Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe”, is iad na céimeanna táirgthe nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach ná tógáil agus ramhrú deiridh na muc, agus na céimeanna táirgthe uile.

Sa chas sin, is céim i saolré an ainmhí í breith na mbanbh (mar a léirítear sa tsonraíocht bhunaidh), ach ní céim táirgthe í maidir le liamhása agus guaillí a chumhdaítear le STFC. Fíoras eile a thacaíonn leis sin freisin gur féidir na bainbh a úsáid chun críoch eile seachas a bheith maraithe le haghaidh táirgí a chumhdaítear le STFC (caitheamh mar bhanbh balláin friochta, mar shampla), chomh maith leis an bhfíoras nach ndéanann a n-áit bhreithe difear don cheanglas géiniteach nach mór iad a chomhlíonadh (pór Ibéarach 100 % i gcás STFC).

Thairis sin, mar a mhínítear sa roinn shonrach ar an nasc, is é an bealach lena mbainistítear na muca, an próiseas ramhraithe measraithe tar éis scoite go háirithe (ag tarraingt airde ar an tionchar atá ag na féaraigh *dehesa* ar aiste bia na muc), atá tábhachtach chun an táirge deiridh a bhaint amach agus tugtar a shaintréithe leis. Níl áit bhreithe na muc ábhartha, áfach, chun an táirge a bhaint amach, ná ní dhéanann sé difear do cháilíocht an táirge.

Anuas air sin, ba é tátal an staidéir theicniúil (“Tuarascáil ar neamhábhharthacht na háite breithe agus an chórais thógála ar cháilíocht deiridh na muc a chumhdaítear le STFC ‘Los Pedroches’” leis an Dochtúir Vicente Rodríguez Estévez, DVM, PhD, Roinn um Tháirgeadh Ainmhithe na hOllscoile Córdoba), lena dtacaíonn litríocht atá ann cheana, *inter alia* “nach bhfuil aon bhunús teicniúil i ndáil le saintréithe cáilíochta an táirge deiridh maidir leis an gceanglas go mbeirtear na muca sa limistéar geografach sainithe mar ní dhéanann sé difear dóibh; ach braitheann siad, thar aon rud eile, ar an mbia a itheann an muc le linn na dá nó trí mhí dheiridh an tsaoil, i.e. na féaraigh agus na dearcáin ar a bhfuil tionchar ag comhshaol fisiciúil Los Pedroches agus na limistéir máguaird.”

Tá údar freisin le baint an cheanglais go mbeirtear na muca go heisiach laistigh de theorainneacha an limistéir gheografaigh mar gheall ar an ngá luach bitheolaíoch agus comhshaoil an *dehesa* a chaomhnú. Baineann buntáiste le muca Ibéaracha a thógáil i gcéimeanna luatha a saolta lasmuigh de na gabháltais thraidisiúnta *dehesa* toisc go seachnaítear leis sé an drochthionchar comhshaoil atá ag tógáil nach mbíonn ach i réimsí beaga an *dehesa* go traidisiúnta ar an suíomh sin seachas sin gan aon bhuntáiste ná ainmhithe de chaighdeán níos airde nó atá níos suaitheinsí dá bharr a thabhairt. Ba cheart a choinneáil i gcumhne freisin gur éirigh táirgeacht bhanbh i bhfad níos déine agus níos proifisiúnta, as a dtagann róstocáil bheostoic a ghineann, i measc drochéifeachtaí eile ar an *dehesa*, farasbarr sciodair nó tuair, ag cur ithir agus crainn an *dehesa* i mbaoil.

Ar deireadh, cuideoidh baint an cheanglais sin le fadhb ionphóraithe i measc na muc a úsáidtear chun an táirge cosanta a fháil, atá de thoradh táirge banbh ar scála beag ar ghabháltais thraidisiúnta le tréad póraitheoirí laghdaithe, agus a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar éifeachtúlacht an phróisis táirgthe agus fiú ar cháilíocht an táirge deiridh. Áirítear leis na príomhéifeachtaí rátaí breithe agus rátaí fáis níos ísle, chomh maith le teacht chun cinn míchumaí, as a dtagann ubhsceiththeadh níos ísle i gcránacha agus rátaí báis réamhbhreithe níos airde, agus riosca díothú an speicis a mhéadú dá bharr.

3. Leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach atá ann faoi láthair fuarthas réidh le grád liamhás agus guaillí “Recebo”, agus dá bhrí sin leasaíodh an tsonraíocht agus an doiciméad aonair dá réir sin.

Dá bhrí sin, baineadh an grád gearrtha seo a leanas a chumhdaítear leis an tsonraíocht (Roinn B.3, “Gráid ghearrthacha”):

— Liamhása agus guaillí Ibéaracha ‘Recebo’: ó mhuca, tar éis tréimhse measraithe ar *dehesas* inár réigiún agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar, a chuir suas meáchan breise íosta 29 kg agus ar gá dóibh, agus an córas innilte céanna á choinneáil, an aiste bia a fhorlíonadh le cuid laethúil de bheatha bunaithe ar ghráin agus ar léagúim a sheiceáil agus a d’údaraigh an Bord Rialála, a bhfuil luachanna aigéid shailleadh le haghaidh saill fho-chraicneach de réir crómataagrafaíocht gháis laistigh de na paraiméadair i gcomhair ‘Recebo’. Cinntíonn an Bord Rialála na paraiméadair sin le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’ do gach bliain mhargaíochta. Chun soláthar leordhóthanach dearbhán a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir ‘Recebo’ den sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’ a bheith níos mó ná dhá mhuc Ibéarach in aghaidh an heicteáir, cé gur féidir an dlús sin a laghdú tar éis ríomh chumas na ndearcán a dhéanann measúnóirí Chomhlacht Cigireachta an Bhoird Rialála seo. Aithnítear na gearrthacha sin le séala dearg agus lipéad ‘Recebo’ an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’.”

Sa doiciméad aonair scríosadh an mhír seo a leanas (Roinn 4.2, “Tuairisc” – seanfhormáid):

— Liamhása agus guaillí Ibéaracha ‘Recebo’: ó mhuca, tar éis tréimhse measraithe ar *dehesas* inár réigiún agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar, a chuir suas meáchan breise íosta 8,75 kg agus ar gá dóibh, agus an córas innilte céanna á choinneáil, an aiste bia a fhorlíonadh le cuid laethúil de bheatha bunaithe ar ghráin agus ar léagúim a sheiceáil agus a d’údaraigh an Bord Rialála, a bhfuil luachanna aigéid shailleadh le haghaidh saill fho-chraicneach de réir crómataagrafaíocht gháis laistigh de na paraiméadair i gcomhair ‘Recebo’. Chun soláthar leordhóthanach dearbhán a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir ‘Recebo’ den sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’ a bheith níos mó ná dhá mhuc Ibéarach in aghaidh an heicteáir.”

4. Leasaíodh sainmhínte na gcatagóirí “de Bellota” agus “Cebo de Campo” go “Bellota 100 % Ibérico” agus “Cebo de Campo 100 % Ibérico”.

Dá réir sin, is iad seo a leanas na míreanna sa tsonraíocht (Roinn B.3, “Gráid ghearrthacha”):

“Aicmítear na liamhása agus na guaillí mar a leanas de réir a mbeatha, i gcomhréir le Forairthne Ríoga Uimh. 1469/2007 an 2 Samhain 2007:

— Liamhása agus guaillí Ibéaracha ‘Bellota’: ó mhuca a ramhraíodh sa chéim dheiridh faoin gcóras innilte measraithe ar *dehesas* inár réigiún agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar, a bhfuil a luachanna aigéid shailleadh le haghaidh saill fho-chraicneach de réir crómataagrafaíocht gháis laistigh de na paraiméadair i gcomhair ‘Bellota’. Cinntíonn an Bord Rialála na paraiméadair sin le haghaidh shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’ do gach bliain mhargaíochta. [...] Aithnítear na gearrthacha sin le séala dubh agus lipéad ‘Bellota’ an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’.

- Liamhása agus guailí Ibéaracha ‘Cebo de Campo’: ó mhuca a ramhraíodh sa chéim dheiridh trí innilt ar *dehesas* inár réigiún, ar acmhainní nádúrtha ón *dehesa* go príomha, amhail féar, féarach nó coinleach ag brath ar an séasúr, forlíonta, más gá, trí chuid laethúil de [...] bheatha [...] Aithnítear na gearrthacha sin le séala buí agus lipéad ‘Cebo de Campo’ an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’.”

cuireadh an méid seo a leanas ina n-ionad:

“Aicmítear na liamhása agus na guailí mar a leanas de réir a bpór agus a mbeatha, i gcomhréir le Forathne Ríoga Uimh. 4/2014 an 10 Eanáir 2014:

- Liamhása agus guailí ‘Bellota 100 % Ibérico’: ó mhuca atá íon 100 % ó thaobh géinitice de den phór Ibéarach i gcomhréir le Forathne Ríoga Uimh. 4/2014 an 10 Eanáir 2014 agus a ramhraíodh sa chéim dheiridh faoin gcóras innilte measraithe ar *dehesas* inár réigiún agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus féar. [...] Aithnítear na gearrthacha sin le séala dubh agus lipéad ‘Bellota 100 % Ibérico’ an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’.
- Liamhása agus guailí Ibéaracha ‘Cebo de Campo 100 % Ibérico’: ó mhuca atá íon 100 % ó thaobh géinitice de faoi Fhóraithne Ríoga Uimh. 4/2014 an 10 Eanáir 2014 a ramhraíodh trí innilt ar na *dehesas* inár réigiún, ar acmhainní nádúrtha ón *dehesa* go príomha, amhail féar, féarach nó coinleach ag brath ar an séasúr, forlíonta, más gá, trí chuid laethúil de [...] bheatha [...] Aithnítear na gearrthacha sin le séala glas agus lipéad ‘Cebo de Campo 100 % Ibérico’ an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’.”

Sa doiciméad aonair, na míreanna seo a leanas (Roinn 4.2, “Tuairisc” – seanfhormáid):

Is as na cineálacha éagsúla muc na gearrthacha sin, a aicmítear de réir a mpór agus an chineáil beatha a tugadh dóibh le linn a gcéim ramhraithe dheiridh, i gcomhréir le Forathne Ríoga 1469/2007 an 2 Samhain 2007. Roinntear iad ina dtrí ghrád:

- Liamhása agus guailí Ibéaracha “Bellota”: ó mhuca a ramhraíodh sa chéim dheiridh faoin gcóras innilte measraithe ar na *dehesas* agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar, a bhfuil luachanna aigéid shailleach le haghaidh saill fho-chraicneach de réir crómatagrafaíocht gháis laistigh de na paraiméadair i gcomhair “Bellota”. Chun soláthar leordhóthanach dearbhán a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir “Bellota” den sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a bheith níos mó ná aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh an heicteáir.

[...]

- Liamhása agus guailí Ibéaracha “Cebo de Campo”: ó mhuca a ramhraíodh trí innilt ar *dehesas* inár réigiún, ar acmhainní nádúrtha ón bhféarach go príomha, amhail féar, féarach nó coinleach ag brath ar an séasúr, forlíonta, más gá, trí chuid laethúil de bheatha bunaithe ar ghráin agus ar léagúim a sheiceáil agus a d’údaraigh an Bord Rialála. Chun soláthar leordhóthanach acmhainní nádúrtha ar an *dehesa* a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir “Cebo de Campo” den sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a bheith níos mó ná 12 mhuc Ibéarach in aghaidh an heicteáir.

cuirtear an méid seo a leanas ina n-ionad (Roinn 3.2, “Tuairisc ar an táirge” – an fhormáid atá ann faoi láthair):

Aicmítear na gearrthacha éagsúla de réir an phóir agus an chineáil beatha a tugadh do na muca le linn a gcéim ramhraithe dheiridh, mar a leanas:

- Liamhása agus guailí Ibéaracha “Bellota 100 % Ibérico”: ó mhuca Ibéaracha 100 % a ramhraíodh sa chéim dheiridh faoin gcóras innilte measraithe ar an *dehesa* agus a chothaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar.
- Liamhása agus guailí Ibéaracha “Cebo de Campo 100 % Ibérico”: ó mhuca Ibéaracha 100 % a ramhraíodh trí innilt ar na *dehesas* inár réigiún, ar acmhainní nádúrtha ón *dehesa* go príomha agus forlíonta, más gá, trí chuid laethúil de bheatha.

Cúis:

In éineacht leis an toisc bheatha, thug an Caighdeán Cailíochta Ibéarach an toisc phóir isteach i gcás ina n-aicmítear na táirgí, leis an oibleagáid an céatadán póir Ibéaraigh na muc a úsáidtear chun na táirgí a tháirgeadh a shainiú. Ós rud é go bhfuil an tsonraíocht táirge le haghaidh STFC teoranta do tháirgí Ibéaracha 100 %, ath-shainmhíodh na catagóirí “de Bellota” agus “Cebo de Campo” mar “Bellota 100 % Ibérico” agus “Cebo de Campo 100 % Ibérico”.

5. Cuireadh an rogha leis chun an dlús beostoic uasta maidir le muca in aghaidh an heicteáir a laghdú i gcomhréir leis na paraiméadair a leagtar síos sa Chaighdeán Cáilíochta le haghaidh chatagóir “de Bellota”.

Dá réir sin, an mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn B.3, “Gráid ghearrthacha”):

Chun soláthar leordhóthanach dearbhán a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir “de Bellota” de shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a bheith níos mó ná aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh an heicteáir, cé gur féidir an dlús sin a laghdú tar éis ríomh chumas na ndearcán a dhéanann measúnóirí Chomhlacht Cigireachta an Bhoird Rialála seo.

cuireadh é seo ina ionad sin:

Chun soláthar leordhóthanach dearcán a áirithiú, níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” seo a bheith níos mó ná aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh an heicteáir, cé gur féidir an dlús sin a laghdú de réir fhorálacha na hlarscríbhíne a ghabhann le Foraithe Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014, maidir leis an uasdlús beostoic incheadaithe a chinntear tríd an gcumhdach foraoise ar imfhálú “SIGPAC” (Córas Faisnéise Geografaí le haghaidh Dáileachtaí Talmhaíochta) Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) – féach ar Roinn E.1 den doiciméad seo – nó trí ríomh acmhainne na ndearcán a dhéanann measúnóirí Chomhlacht Cigireachta an Bhoird Rialála seo.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 4.2, “Tuairisc”, den seandoiciméad aonair freisin, inar luadh ar an gcaoi chéanna “níor cheart dlús beostoic na muc faoi chatagóir ‘Bellota’ den sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Los Pedroches’ a bheith níos mó ná aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh an heicteáir”.

Cúis:

Maidir leis na ceanglais a leagtar síos le haghaidh chatagóir “de Bellota”, rinne an tsonraíocht bhunaidh foráil maidir leis an rogha an t-uasdlús beostoic sonraithe d’aon mhuc amháin in aghaidh an heicteáir a laghdú bunaithe ar an ríomh chumas na ndearcán a dhéanann measúnóirí an Chomhlachta Cigireachta. Freagraítear le cigireacht an dlúis sin ar an gá go n-áirithítear go gcothaítear na muca le húsáid dearcán agus go gcuirtear feabhas ar a dtionchar ar éiceachóras an *dehesa*.

Chun an tsonraíocht a thabhairt i gcomhréir leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach, cuireadh an rogha leis uasdlús beostoic na muc in aghaidh an heicteáir a laghdú i gcomhréir leis na paraiméadair a leagtar amach san larscríbhinn a ghabhann leis an gCaighdeán Cáilíochta dar teideal “Uasdlús beostoic incheadaithe a chinntear tríd an gcumhdach foraoise ar an imfhálú SIGPAC (Córas Faisnéise Geografaí le haghaidh Dáileachtaí Talmhaíochta) LPIS”. Is feidhmchlár Rialtas na Spáinne é SIGPAC (an tAireacht um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia) lenar féidir na dáileachtaí atá á n-úsáid ag beostoc a shainithint (sa chas seo, sa limistéar a shainmhínítear i sonraíocht STFC), chomh maith lena n-aerachar dromchla clúdaithe le crainn a bhaineann leis an ngéineas *Quercus* sp. a tháirgeann dearcán.

6. Tugadh an t-íosmeáchan a leagtar síos sa Chaighdeán Cáilíochta le haghaidh liamhása agus guailí Ibéaracha 100 %, sa tsonraíocht (Roinn B.4 “Saintréithe fisiciúla agus orgánaileipteacha”) agus sa doiciméad aonair (Roinn 3.2, “Tuairisc ar an táirge” – an fhormaid atá ann faoi láthair) ar aon:

“Íosmeáchan 5,75 kg le haghaidh liamhás agus 3,7 kg le haghaidh liamhása gualainne.”

Cúis:

Rialaítear leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach íosmeáchan na liamhás agus na nguailí le cur ar an margadh faoin sonrúchán “Ibérico”. Dá bhrí sin, cuireadh an tuairisc sin (a chomhfhreagraíonn don íosmeáchan a leagtar síos ag an gCaighdeán Cáilíochta le haghaidh liamhása agus guailí Ibéaracha 100 %) san áireamh i measc saintréithe fisiciúla an táirge.

7. Cuireadh an rogha leis an gcrúibín a fhágáil ar na liamhása agus na guailí nuair a dhíoltar ina n-iomláine iad. Leasaíodh an mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn B.4, “Saintréithe fisiciúla agus orgánaileipteacha”) agus den doiciméad aonair (Roinn 3.2, “Tuairisc ar an táirge” – an fhormaid atá ann faoi láthair) dá bhrí sin:

Cuma sheachtrach: cruth fada, caol ag a bhfuil an gearradh V “*corte serrano*” tipiciúil. Fághtar an crúibín orthu chun cabhrú le sainithint.

tríd an soiléiriú seo a leanas:

Cuma sheachtrach: cruth fada, caol ag a bhfuil an gearradh V “*corte serrano*” tipiciúil. Agus iad díolta ina n-iomláine, fághtar an crúibín orthu chun cabhrú le sainithint.

Cúis:

Ceanglaítear leis an tsonraíocht bhunaidh, mar chuid de shaintréithe fisiciúla an táirge, go bhfágfar an crúibín chun a shainnithint a éascú.

Is sainchomhartha é go héifeachtach an crúibín a choimeád ar liamhása agus guaillí Ibéaracha, ach ní luíonn sé le ciall déanamh amhlaidh ach i gcás go gcuirtear na gearrthacha ar an margadh ina n-iomláine, agus is amhlaidh a chuirtear an formhór ar an margadh go traidisiúnta. Rinneadh leis an tsonraíocht bhunaidh foráil, áfach, maidir leis an rogha na táirgí a dhíol i bhfoirm dhíchánmhaithe, roinnte nó shlisnithe (foirmeacha a chaomhnaítear sa tsonraíocht nua freisin), agus sa chás sin ní féidir an crúibín a choimeád mar chuid dá chuma sheachtrach.

5.2. *Limistéar geografach*

1. Sa tsonraíocht táirge, in ionad na habairte a leanas (Roinn C, “Limistéar geografach”):

“Tarlaíonn gach céim i saolré na muc, ó bhreith agus tógáil go ramhrú deiridh, sa chríoch sin agus déanann an Bord Rialála cigireacht orthu sin. Ar an gcaoi chéanna, tarlaíonn gach céim táirgthe na liamhás agus na nguailí Ibéaracha anseo, ó mharú agus ghearradh na muc Ibéarach ina gceithre chuid go dtí a leasú agus a n-aibiú.”

cuireadh isteach an méid a leanas:

“Tarlaíonn gach céim táirgthe a dhéantar ar na muca – tógáil agus ramhrú deiridh – sa chríoch sin agus déanann an Comhlacht Cigireachta cigireacht orthu sin. Ar an gcaoi chéanna, tarlaíonn gach céim táirgthe na liamhás agus na nguailí Ibéaracha anseo, ó mharú agus ghearradh na muc Ibéarach ina gceithre chuid go dtí a leasú agus a n-aibiú.”

Sa doiciméad aonair (Roinn 4.3, “Limistéar geografach”), cuireadh an abairt seo a leanas in ionad na habairte seo a leanas:

Cuimsíonn an limistéar ina mbeirtear, a dtógtar agus a ramhraítear na muca a úsáidtear a ngearrthacha chun liamhása agus guaillí a chumhdaítear le sonrúchán tionscnaimh “Los Pedroches” a ullmhú, agus ina dtarlaíonn táirgeacht, marú agus búistéireacht iomlán na muc Ibéarach agus sailleadh, leasú, triomú agus aibiú na ngearrthacha [...]

curtha ina ionad mar seo a leanas:

Cuimsíonn an limistéar ina dtógtar agus a ramhraítear na muca a úsáidtear a ngearrthacha chun liamhása agus guaillí a chumhdaítear le sonrúchán tionscnaimh “Los Pedroches” a ullmhú, agus ina dtarlaíonn táirgeacht, marú agus búistéireacht iomlán na muc Ibéarach agus sailleadh, leasú, triomú agus aibiú na ngearrthacha [...]

Cúis:

Tá údar leis an leasú seo mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach cheana i leasú Uimh. 2 ar an “Tuairisc ar an táirge”.

Thairis sin, luadh sa tsonraíocht bhunaidh go hearráideach go “ndéanann an Bord Rialála cigireacht orthu”, ach déanta na fírinne is é an Comhlacht Cigireachta a dhéanann an tasc sin. Ceartaíodh an earráid sin san fhoclócht bheartaithe nua.

5.3. *Cruthúnas ar thionscnamh*

1. De thoradh chatagóir liamhása agus ghuaillí “Recebo” a bhaint i gcomhréir leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach (féach arís ar leasú Uimh. 3 ar “Tuairisc ar an táirge”), an mhír a leanas den tsonraíocht (Roinn D.2, “Sainnithneant, marcáil agus cigireacht na ngearrthacha”):

“e) Ní mór na liamhása agus na guaillí seo a shainnithint le séala, uimhrithe go seicheamhach le haghaidh gach bliain mhargaíochta agus le haghaidh gach ceann de na trí chatagóir bheatha a shainmhínítear thuas sa tsonraíocht seo.”

cuireadh an téacs a leanas ina ionad:

“e) Ní mór na liamhása agus na guaillí seo a shainnithint le séala, uimhrithe go seicheamhach le haghaidh gach bliain mhargaíochta agus le haghaidh gach ceann den dá chatagóir bheatha a shainmhínítear thuas sa tsonraíocht seo.”

Ar an gcaoi chéanna, an mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn D.6, “Tionscnamh bheatha na muc”):

“Maidir leis an céim ramhraithe deiridh seo, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir trí chatagóir. I ngach ceann acu, cinntear sainiúlacht i gcáilíocht na dtáirgí trí na substaintí nádúrtha ar a ndéanann na muca innilt gan srian ar an *dehesa* i ngach séasúr.”

cuireadh an téacs a leanas ina ionad (Roinn D.5, “Tionscnamh bheatha na muc”):

“Maidir leis an céim ramhraithe dheiridh sin, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir na catagóirí seo a leanas. I ngach ceann acu, cinntear sainiúlacht i gcáilíocht na dtáirgí trí na substaintí nádúrtha ar a ndéanann na muca innilt gan srian ar an *dehesa* i ngach séasúr.”

Sa roinn chéanna, scriosadh an mhír seo a leanas ón tsonraíocht:

“Recebo”: Le linn an ramhrú deiridh, tá céim ann nach bhfuil ach dearcán agus féar go heisiach san aiste bia, agus cuireann na muca meáchan breise 29 kg suas, agus céim eile níos déanaí ina leanann na muca córas innilte ar *dehesas* na ngabháltais cláraithe faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo ar aiste bia féir agus substaintí nádúrtha eile, forlíonta mar is gá le beatha údairithe ag an mBord Rialála a dhéanann faireachán uirthi. Tá cion na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo 85 % ar a laghad.

2. Baineadh an tástáil anailíseach aigéad sailleach lena n-úsáidtear teicneolaíocht chrómatagrafaíochta gáis.

Scriosadh an mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn D.3, “Tástálacha anailíseacha”):

D.3. Tástálacha anailíseacha.

Anuas ar na seiceálacha ar an láthair is gá, déantar anailís chrómatagrafaíochta gáis ar aigéid shailleacha ar shail a fhaightear as geadán na muc Ibéarach ag tráth maraithe, mar a leagtar amach in Ordú PRE/3844/2004 an 18 Samhain 2014 lena mbunaítear na modhanna oifigiúla chun samplaí a ghlacadh ó chonablaigh na muc Ibéarach agus an modh anailíse chun comhdhéanamh aigéid shailleacha lipid iomlán fhíochán saille fo-chraicneach na muc Ibéarach a chinneadh, chun a fhíorú go bhfuil na paraiméadair anailíseacha laistigh díobh sin a bunaíodh le haghaidh gach cineál beatha.

Mar iarmhairt air sin, athuimhríodh na foranna a leanann sé (“D.3”, “D.4”, etc.).

Cúis:

Braitheann saintréithe saille muc Ibéarach ar chineál na beatha a fhaightear ina gcéim ramhraithe deiridh. Is í an anailís a úsáideadh le déanaí chun idirdhealú a dhéanamh idir na saintréithe beatha ná anailís ar phróifíil aigéid shailigh na saille ag úsáid teicnící crómatagrafaíochta gáis.

Léiríodh le torthaí staidéar a rinneadh le gairid san earnáil seo nach modh eolaíoch iontaoifa é próifíil aigéid shailigh a chinntiú trí chrómatagrafaíocht gháis a úsáid chun beostoc a aicmiú trí chineálacha éagsúla beatha a d’fhéadfadh muca Ibéaracha a fháil. Fuarthas amach go n-eascraíonn líon mór “torthaí bréagdhéimhneacha” as an modh sin an phróifíil aigéid shailleach a anailísiú (muca a aicmítear mar “Bellota” a ramhraíodh le beatha) agus “torthaí bréagdhíultacha” (muca nach n-aicmítear mar “Bellota” a ramhraíodh trí mheasrú). Deimhníonn sé seo an éagsúlacht mhór i dtosca taobh amuigh dá mbeatha sa chéim ramhraithe dheiridh a imríonn tionchar ar phróifíil lipide dheiridh na muc, amhail comhdhéanamh na beatha sa chéim bheathaithe ullmhúcháin roimh ramhrú deiridh nó méid agus cáilíocht éagsúil na dearcán thar shéasúir mheasraithe éagsúla.

Anuas air sin, le blianta beaga anuas d’fhorbair cuideachtaí beathaí le haghaidh muca Ibéaracha a shaibhrítear in aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe, aigéad oiléach go príomha (suas le 70 faoin gcéad de na haigéid shailleacha iomlána). Tugann siad sin próifíil aigéid shailleach i muca a ramhraítear go heisiach le beatha atá cosúil léi sin a sholáthraítear trí mheasrú. Níor tugadh an cineál traidisiúnta beatha sin don chéad cheann, áfach, agus is léir go bhfuil na táirgí deiridh a fhaightear éagsúil i gcáilíocht agus in aicmiú.

Mar gheall ar an méid sin thuas bhain Aireacht na Spáinne um Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia an anailís sin ón gCaihdheán Cáilíochta Ibéarach.

3. Maidir leis an mír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn D.5, “Sainaitheantas, marcáil agus cigireacht an táirge ina sciartha”):

Ní mór do na monarchana próiseála cláraithe iarratas a dhéanamh ar an mBord Rialála chun liamhása nó guaillí a fuair deimhniúchán faoi shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a dhíchnámhú, a roinnt nó a shlisniú, 24 uair an chloig roimh ré.

leasaíodh é mar a leanas (Roinn D.4, “Sainaitheantas, marcáil agus cigireacht an táirge ina sciartha”):

Ní mór d’oibreoirí cláraithe iarratas a dhéanamh ar an mBord Rialála chun liamhása nó guaillí a fuair deimhniúchán faoi shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a dhíchnámhú, a roinnt nó a shlisniú sula dtosaítear an t-oibriú.

Cúis:

Is de thoradh ábhair eagrúcháin a bhaineann le hoibreoirí agus leis an mBord Rialála an t-athrú sin, agus dá thoradh sin amháin (tá “oibreoirí” san fhocláocht nua ar comhchiall le “monarchana próiseála”). Is leordhóthanach d’oibreoirí cumarsáid a dhéanamh leis an mBord Rialála agus iarratas a dhéanamh air maidir leis na hoibríochtaí sin (díchnámhú, roinnt agus/nó slisniú) sula ndéantar iad, gan gá a bheith ag cloí leis an gceanglas go gcuirfead na hiarratais isteach 24 uair an chloig roimh ré, i.e. féadfaidh siad na hoibríochtaí a dhéanamh fiú má dhéantar ar fhógra níos giorra iad.

4. Sa roinn maidir leis an mbeatha a thugtar do mhuca a úsáidtear chun táirgí leis an sonrúchán “Cebo de Campo” a tháirgeadh (Roinn D.5, “Tionscnamh bheatha na muc”, den tsonraíocht táirge nua agus Roinn D.6 den ainm céanna sa tseanshonraíocht táirge), agus an ceanglas á choinneáil gurb “ionann cion na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo agus 65 % ar a laghad”, maidir leis an mír seo a leanas den tsonraíocht:

“In aon chás, an bheatha lena gcothaítear na muca a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo táirgtear go hiomlán í laistigh den limistéir geografach a shainmhínítear sa doiciméad seo.”

cuireadh an téacs a leanas ina ionad:

An bheatha lena gcothaítear na muca a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo táirgtear go bunúsach í laistigh den limistéir geografach a shainmhínítear sa doiciméad seo. Tá meascán sa bheatha, de ghránaigh go príomha (cruithneacht, eorna agus grán buí) agus, ar bhonn níos lú, de léagúim (piseanna agus pónairí soighe). Tagann cion suntasach na gcomhábhar ó tháirgeacht thraidisiúnta laistigh den limistéir geografach, ach ní thagann cion beag na gcomhábhar, amhail soighe, uaidh. Ciallaíonn sé sin nach féidir go teicniúil go dtagann an bheatha go hiomlán ón limistéir geografach sainithe; ceadáíodh, dá bhrí sin, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéir a chur léi.

In aon chás, an córas innilte traidisiúnta a cheanglaítear ag an gcóras tógála agus ramhraithe féin, agus an fíoras nach féidir ach méid beag den bheatha a tháirgeadh lasmuigh den chríoch, áirithítear leis go bhfuil céatadán an ábhair thirim ionghafa iomlán de thionscnamh laistigh den limistéir geografach – sa chás muca “Cebo de Campo” (a fhorlíontar a mbia le beatha) – i bhfad os cionn an íosmhéid atá ceadaithe ag an reachtaíocht is infheidhme (Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013).

Anuas air sin, cuireadh an t-ábhar seo a leanas leis an doiciméad aonair i Roinn 3.3, “Beatha agus amhábhair”:

Amhábhair

Cosa muc ó:

— mhuca “Bellota”: aiste bia bheathaithe dheiridh bunaithe go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar ar *dehesas* an limistéir gheografaigh shainithe. Mar sin, faightear an bheatha go hiomlán sa limistéir geografach sainithe ar a dtugtar tuairisc sa doiciméad seo.

— Muca “Cebo de Campo”: ina gcéim ramhraithe dheiridh tógtar na muca trí innilt ar *dehesas* an limistéir gheografaigh shainithe agus cothaítear go príomha ar tháirgí nádúrtha iad, amhail iarsmaí dearcán, féar nó coinleach gránaigh ag brath ar an séasúr. Forlíontar le beatha é sin i gcás inar gá. Tá cion na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh ar a dtugtar tuairisc sa doiciméad seo cothrom le 65 % ar a laghad.

Beatha

Tá meascán sa bheatha a úsáidtear chun bia mhuca “Cebo de Campo” a fhorlíonadh, de ghránaigh go príomha (cruithneacht, eorna agus grán buí) agus, ar bhonn níos lú, de léagúim (piseanna agus pónairí soighe). Tagann cion suntasach na gcomhábhar ó tháirgeacht thraidisiúnta laistigh den limistéar geografach – ach ní thagann cion beag na gcomhábhar, amhail soighe, uaidh. Ciallaíonn sé sin nach féidir go teicniúil go dtagann an bheatha go hiomlán ón limistéar geografach sainithe; ceadaíodh, dá bhrí sin, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéar a chur léi.

In aon chás, an córas innilte traidisiúnta a cheanglaítear ag an gcóras tógála agus ramhraithe féin, agus an fíoras nach féidir ach méid beag den bheatha a tháirgeadh lasmuigh den chríoch, áirithítear leis go bhfuil céatadán an ábhair thirim ionghafa iomlán de thionscnamh laistigh den limistéar geografach – sa chás muca “Cebo de Campo” (a fhorlíontar a mbia le beatha) – i bhfad os cionn an íosmhéid atá ceadaithe ag an reachtaíocht is infheidhme (Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013).

Cúis:

Mar a mhínítear sa téacs nua féin, ní féidir go teicniúil 100 % den bheatha a úsáidtear a theacht ón limistéar geografach sainithe toisc nach dtáirgtear cuid dá comhpháirteanna, amhail soighe, go háitiúil. In aon chás, comhlíontar na cúinsí tacaíochta dá ndéantar foráil sa dara fohír d’Airteagal 1(1) den Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013: (i) ní dhéantar difear do cháilíocht an táirge ná dá shaintréithe sonracha a eascraíonn as an gcomhshaoil geografach, toisc is mar gheall an chuid d’aiste bia na muc atá bunaithe ar acmhainní innilte an *dehesa* iad, agus (ii) i gcás ar bith ní bhíonn an bheatha ón taobh amuigh den limistéar geografach sainithe níos mó ná 50 % den ábhar tirim ar bhonn bliantúil.

5. Scríosadh an iomarcaíocht i ndáil le céatadán na beatha ón limistéar geografach sainithe ón téacs. Sa roinn cheánna (Roinn D.6, “Tionscnamh bheatha na muc”, sa tseanshonraíocht táirge), maidir leis an mír:

“Go dtí go mbaineann siad chéim ramhraithe dheiridh seo amach, cothaítear na muca lbéaracha trí innilt ar *dehesas* na ngabháltas cláraithe sa shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo, le substaintí nádúrtha ón *dehesa* amhail féar, féarach nó coinleach ghránaigh ag brath ar an séasúr. Forlíontar é le codanna beatha an-bheag údaraithe ag an mBord Rialála a dhéanann faireachán orthu. Is é is aidhm don chéim seo muc a fhorbairt d’aois sean go maith agus de mheáchan an-íseal, ag a bhfuil ardmhais cnámh agus leibhéil shaille an-íseal, chun go ramhróidh sé ina dhiaidh sin sa chéim dheiridh, arb í an chéim a chinntíonn cáilíocht na ngearrthacha. Tá cion na beatha ar fud na céime seo de thionscnamh an limistéir gheografaigh a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo cothrom le 65 % ar a laghad.”

cuireadh an mhír seo a leanas ina ionad (Roinn D.5, “Tionscnamh bheatha na muc”, den tsonraíocht táirge nua):

Go dtí go mbaineann siad chéim ramhraithe dheiridh seo amach, cothaítear na muca lbéaracha trí innilt ar *dehesas* na ngabháltas cláraithe sa shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint seo, le substaintí nádúrtha ón *dehesa* amhail féar, féarach nó coinleach ghránaigh ag brath ar an séasúr. Forlíontar é le codanna beatha an-bheag údaraithe ag an mBord Rialála a dhéanann faireachán orthu. Is é is aidhm don chéim seo muc a fhorbairt d’aois sean go maith agus de mheáchan an-íseal, ag a bhfuil ardmhais cnámh agus leibhéil shaille an-íseal, chun go ramhróidh sé ina dhiaidh sin sa chéim dheiridh, arb í an chéim a chinntíonn cáilíocht na ngearrthacha.

Déanann an leasú difear do Roinn 3.3 freisin, “Beatha agus amhábhair”, den doiciméad aonair, ina luaitear i gcás mhuca “Cebo de Campo”, “tá cion na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo cothrom le 65 % ar a laghad”.

Cúis:

Scríosadh an abairt dheireanach: Tá cion na beatha ar fud na céime seo de thionscnamh an limistéir gheografaigh a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo cothrom le 65 % ar a laghad. Is é an chúis atá leis sin ná go bhfuil sé iomarcach, ós rud é go bhfuil an ceanglas sin sa mhír atá díreach roimhe sin maidir le catagóir “Cebo de Campo” cheana. Níl feidhm ag céatadán íosta na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh ach maidir leis an gcatagóir sin, maidir le catagóir “Bellota”, ní mór go dtagann 100 % den bheatha le linn na céime seo ón limistéar geografach sainithe.

6. Sa doiciméad aonair, baineadh an roinn “Cruthúnas ar thionscnamh” go hiomlán chun ailíniú a dhéanamh leis an bhformáid nua dá ndéantar foráil in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014.

5.4. An modh táirgthe

1. Sa tsonraíocht, i Roinn E.1, “Cleachtais feirmeoireachta agus cineálacha muc”, faoi fho-cheannteideal (a), “Cerdo de Bellota”, rinneadh na míreanna seo a leanas:

“Meáchan ag tús na tréimhse mheasraithe: idir 92 kg agus 115 kg (idir 8 agus 10 *arroba*Spáinneach).

[...]

Dáta deiridh le haghaidh maraithe: an 31 Márta, i gcás eisceachtúil an 15 Aibreán.

[...]

Uasdlús beostoic: aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh heicteár an *dehesa*.”

a leasú mar a leanas:

“Meáchan na baise ag tús na tréimhse mheasraithe: idir 92 kg agus 115 kg (idir 8 agus 10 *arroba*Spáinneach).

[...]

Ní mór don tréimhse mheasraithe le haghaidh na muc a thosú idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 15 Nollaig, agus dátaí maraithe socraithe idir an 15 Nollaig agus an 31 Márta.

[...]

Ní mór an t-uasdlús beostoic incheadaithe a shocrú mar a leanas i gcomhréir le Forairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mó ná an t-uasdlús beostoic d’aon mhuc Ibéarach amháin in aghaidh heicteár an *dehesa*:

Limistéar coillearnaí cumhdaithe sna ceapacha LPIS atá sa ghabháltas (Céatadán)	Uasdlús beostoic incheadaithe ar an ngabháltas (Muca in aghaidh an heicteáir)
Suas go 10	0,25
Suas le 15	0,42
Suas le 20	0,58
Suas go 25	0,75
Suas le 30	0,92
Suas le 35	1
Os cionn 35	1”

Cuireadh an mhír a leanas leis freisin:

Sainmhínítear na himfháluithe agus na ceapacha a úsáidtear le haghaidh an chineáil bheatha seo i bhForairthne Ríoga 4/2014 an 10 Eanáir 2014 (i.e. ní mór dóibh a bheith sainaithe sa tsraith mheasraithe i gcóras LPIS “SIGPAC”), ar choinníoll go bhfuil siad laistigh den chríoch a shainmhínítear sa tsonraíocht seo.

Cúis:

Ní dhearnadh na hathruithe seo ach chun críche sonraíocht STFC a thabhairt i gcomhréir leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéarach nua, lena leagtar síos ceanglais maidir leis an uasdlús beostoic incheadaithe le haghaidh muca a úsáidtear chun táirgí a dhéanamh le sonrúchán “de Bellota” agus lena rialaítear freisin an dáta le haghaidh tús an measraithe agus an dáta maraithe.

2. De thoradh bhaint chatagóir liamhása agus guailí “Recebo” den Chaighdeán Cáilíochta Ibéarach, scriosadh an mhír seo a leanas ón tsonraíocht (Roinn E.1, “Cleachtais feirmeoireachta agus cineálacha muc”):

“Tá na saintréithe seo a leanas ag muca ‘Recebo’:

— Aois íosta tráth a maraithe: 14 mhí.

- Meáchan ag tús na tréimhse mheasraithe: idir 92 kg agus 115 kg (idir 8 agus 10 *arroba* Spáinneach).
- Tar éis íosmhéid 29 kg (2.5 *arroba*) a chur suas ó dhearcáin agus ó fhéar go heisiach, déanfar ramhrú deiridh go heisiach le féarach, substaintí nádúrtha agus beatha údaraithe ag an mBord Rialála a dhéanann faireachán uirthi, nach mór gur gránaigh agus léagúim go príomha í.
- Is é an dáta deireanach le haghaidh maraithe an 15 Bealtaine.
- Uasdlús beostoic: dhá mhuc Ibéarach in aghaidh heicteár an *dehesa*.”

Scríosadh an focal “Recebo” ón mír seo a leanas:

[...] beathaí údaraithe a tháirgtear sa limistéar geografach a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo chun úsáide i gcatagóirí “Recebo” agus “Cebo de Campo” [...]

Is mar a leanas atá sé anois:

[...] beathaí údaraithe a tháirgtear sa limistéar geografach a shainmhínítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo chun úsáide i gcatagóir “Cebo de Campo” [...]

3. Tugadh an fhoclaíocht i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le clárúcháin bunáictheaí san earnáil bheatha ainmhithe.

Rinneadh an mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn E.1, “Cleachtais feirmeoireachta agus cineálacha muc”):

Tá liosta dearfach leagtha síos ag an mBord Rialála maidir le beathaí údaraithe a táirgeadh sa limistéar geografach a shainítear agus a theorannaítear sa doiciméad seo chun úsáide sna catagóirí “Recebo” and “Cebo de Campo” bunaithe ar a gcomhdhéanamh, nach mór a bheith gránaigh agus léagúim go príomha. Tá seiceáil déanta aige in aghaidh Forairhne Ríoga Uimh. 1191/1998 ar chlárúcháin bunáictheaí san earnáil bheatha ainmhithe.

a leasú le go léifear mar a leanas mar a leanas í:

Ní mór don Bhord Rialála seiceáil a dhéanamh gur táirgeadh an bheatha údaraithe sa limistéar geografach a theorannaítear agus a shainítear sa doiciméad seo chun úsáide i gcatagóir “Cebo de Campo” bunaithe ar a gcomhdhéanamh, nach mór a bheith gránaigh agus léagúim go príomha. Ní mór dó freisin comhlíontacht le forálacha Forairhne Ríoga 629/2019 an 31 Deireadh Fómhair 2019 a fhíorú ar an gclár ginearálta bunáictheaí san earnáil bheatha ainmhithe, na coinníollacha maidir le bunáictheaí den sórt sin agus pointí iontrála náisiúnta a fhorhmeas nó a chlárú, gníomhaíochtaí oibreoirí beatha agus An Coiste Comhordúcháin Náisiúnta um Bheatha Ainmhithe.

Cúis:

De thoradh aisghairm Fhorairhne Ríoga 1191/1998 an 12 Meitheamh 1998 maidir le húdarú agus clárú bunáictheaí agus idirghabhálaithe san earnáil bheatha ainmhithe, tugadh an fhoclaíocht i gcomhréir leis an reachtaíocht nua.

4. Scríosadh an abairt seo a leanas ón tsonraíocht (Roinn E.2, “Maidir le marú agus gearradh ina gceithre chuid”):

“Ní mór na muca an seamlas a bhaint amach 12 uair an chloig ar a laghad roimh marú, chun tuirse ón iompar a dhíothú agus íosleibhéal taiscí glicigine matánaí a chinntiú.”

Cúis:

Tá an scríos seo mar gheall ar an bhfíoras go bhfuil sé contrártha do threoirilínte Eorpacha maidir le leas ainmhithe muca a choinneáil sa seamlas ar feadh níos mó ná 24 uair an chloig (rinne an tsonraíocht bhunaidh foráil maidir le tréimhse íosta 12 uair an chloig). Tá sé níos iomchuí, dá bhrí sin gan a cheangal ach go bhfaighfear agus go gcoinneofar na muca sa seamlas i gcomhréir leis na rialacháin teicniúla agus sláinte is infheidhme.

5. Maidir leis an mír seo a leanas sa tsonraíocht bhunaidh (Roinn E.2, “Maidir le marú agus gearradh ina gceithre chuid”):

“Ní mór géaga ó chonablaigh de mheáchan níos lú ná 110 kg a dhiúscairt.”

cuireadh é seo ina ionad sin:

“Ní mór géaga ó chonablaigh de mheáchan níos lú ná 108 kg a dhiúscairt.”

Cúis:

Is é an chúis atá leis an athrú sin ná sonraíocht STFC a thabhairt i gcomhréir leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéaraí lena mbunaítear an meáchan íosta conablaigh ag brath ar phór na muc. Déantar foráil leis an gcaighdeán cáilíochta do mhuca Ibéaracha 100 % le haghaidh meáchain íosta chonablaigh de 108 kg. Is ionann é seo agus laghdú de 2 kg amháin i gcomparáid leis an meáchan íosta a leagtar síos sa tsonraíocht bhunaidh STFC (110 kg), a bhfuil beagán tionchair aige ar mheáchan deiridh na ngearrthacha leasaithe agus tionchar ar bith aige ar cháilíocht an táirge deiridh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an athrú seo go simplí mar gheall ar an bhfóras go ndéantar bainistíocht chonablaigh níos fusa leis an gcomhghaolú beacht atá ann leis an gCaighdeán Cáilíochta.

6. Maidir leis an bpróiseas a bhaineann le ligean do na gearrthacha suí, rinneadh an mhír den tsonraíocht seo a leanas (Roinn E.3, "Maidir le próiseáil thionsclaíoch"):

"Braitheann an tréimhse a fhanann na gearrthacha sna seomraí fuara ar a meáchan agus d'fhéadfadh sé a bheith idir 30 agus 90 lá."

a leasú le go léifear mar a leanas mar a leanas í:

"Braitheann an tréimhse a fhanann na gearrthacha sna seomraí fuara ar a meáchan agus d'fhéadfadh sé a bheith idir 30 agus 90 lá. Féadfar síneadh breise a chur leis an gcéim seo, áfach, agus í forluiteach leis an gcéim triomúcháin/aibithe, chun críche na dálaí nádúrtha comhshaoil maidir le teocht agus bogthaise choibhneasta is gá a bhaint amach chun a ráthú go mbíonn an táirge ullmhaithe mar is ceart sa bhealach traidisiúnta."

Cúis:

Tá an fhocláíocht nua a bheartaítear ailínithe ar bhealach níos fearr leis na cleachtais agus nósanna imeachta táirgthe traidisiúnta i gcríoch an STFC i ngeall ar a haeráid áirithe. Go stairiúil, bíonn na teochtaí sa limistéar seo níos foircní ná a bhíonn i limistéir táirgthe liamháis agus gualainne eile sa Spáinn, rud a dhéanann difear don teocht sna seideanna triomúcháin nádúrtha, agus a dhéanann iad a ardú le linn mhíonna an tsamhraidh agus iad a ísliú sa gheimhreadh. De thoradh na dteochtaí arda le linn an tsamhraidh, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach tréimhse choigeartaithe a cheadú do na gearrthacha idir an seomra iar-saillte agus an tseid triomúcháin nádúrtha áit inar féidir na teochtaí 30 °C a bhaint amach. Leis seo féadfar luaineachtaí tobann sa teocht agus sna dálaí bogthaise choibhneasta a bhaineann leis na liamhása agus na guaillí a sheachaint agus iad ag bogadh ó chéim amháin chuig céim eile, mar gur féidir le gearrthacha a bheith leasaithe go míchothrom mar thoradh air sin.

7. Maidir leis an bpróiseas a bhaineann leis na gearrthacha a thriomú/a aibiú, an mhír den tsonraíocht seo a leanas (Roinn E.3, "Maidir le próiseáil thionsclaíoch"):

"Meastar go maireann an próiseas seo ar feadh 6 mí."

cuireadh an téacs a leanas ina ionad:

"Meastar go maireann an próiseas seo ar feadh idir 6 mí agus 1 bhliain."

Cúis:

Tá an fhocláíocht nua ailínithe ar bhealach níos fearr leis na cleachtais agus nósanna imeachta táirgthe liamhás agus guaillí i gcríoch an STFC gan difear a dhéanamh ar cháilíocht nó ar shaintréith shonrach na dtáirgí. Agus raon a bhunú ("idir 6 mí agus 1 bliain") soláthraítear níos mó soiléireachta ná mar a bhíonn ann leis an ngnáthfhad ama a mheas ("thart ar 6 mí").

8. Tugadh na tréimhsí leasaithe íosta i gcomhréir leis an gCaighdeán Cáilíochta Ibéaraí tríd an mhír seo a leanas a chur in ionad na míre den tsonraíocht maidir leis an bpróiseas aosaithe stórais seo a leanas a ionadú (Roinn E.3, "Maidir le próiseáil thionsclaíoch"):

"Déantar na gearrthacha a aosú sa stóras ar feadh tréimhse 18 mí ar a laghad ó thús an phróisis táirgthe le haghaidh na liamhás, agus 12 mhí le haghaidh na ngearrthacha guaillí."

leis an mír seo a leanas:

"Déantar na gearrthacha a aosú sa stóras ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad ó thús an phróisis táirgthe le haghaidh na liamhás, agus 1 bhliain le haghaidh na ngearrthacha guaillí."

Mar an gcéanna, an mhír a leanas i Roinn 4.2, "Tuairisc", den seandoiciméad aonair:

"Is é an t-am leasaithe íosta ná 12 mhí do na guaillí agus 18 mí do na liamhása."

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad (Roinn 3.2, “Tuairisc ar an táirge”):

“Is é an t-am leasaithe íosta ná 1 bhliain do na guaillí agus 2 bhliain do na liamhása.”

Cúis:

De thoradh na dtréimhsí leasaithe íosta atá leagtha síos sa Chaighdeán Cáilíochta Ibéarach nua, is gá an t-am aosaithe do liamhása a mhéadú, nach laghdaíonn in aon bhealach ar bith na ceanglais cháilíochta.

9. Rinneadh an mhír seo a leanas sa tsonraíocht (Roinn E.3, “Maidir le próiseáil thionsclaíoch”) agus sa doiciméad aonair (Roinn 3.5, “Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe”) ar láimhseáil an táirge críochnaithe:

Féadfar stórais chláraithe a údarú chun liamhása agus guaillí díchnámhaithe “Los Pedroches” a mhargú mar “lárghearrthacha”, “slisn” nó “sciartha”, ar choinníoll go bhfuil ráthaíocht ann nach bhfuil bunáitíocht an táirge srianta don limistéar táirgthe agus ullmhúcháin.

a leasú le go léifear mar a leanas mar a leanas í:

Féadfar liamhása agus guaillí STFC “Los Pedroches” a chur i láthair lena ndíol gan chnámh, mar “lárghearrthacha”, “slisn” nó “sciartha”, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a shainaithint. Féadfaidh oibreoirí a ghlac leis agus a chomhlíonann an prótacal oibríochta atá bunaithe ag an mBord Rialála an oibríocht sin a dhéanamh chun inrianaitheacht, tionscnamh, aitheantas agus cáilíocht deiridh an táirge a ráthú, agus atá curtha isteach chun na críche sin i gclár an mBord Rialála.

Cúis:

Chun ráthaíochtaí is fearr a sholáthar maidir le hinrianaitheacht an táirge a choinneáil.

10. Sa doiciméad aonair, baineadh an roinn “Modh táirgthe” ina iomláine d’fhonn ailíniú leis an bhformáid nua dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014.

5.5. Nasc

1. Athscríobhadh an roinn ar an nasc.

An míniú seo a leanas i Roinn F, “Nasc leis an gcomhshaol geografach”, den tsonraíocht (agus an míniú coibhéiseach i Roinn 4.6, “Nasc”, den bhileog achomair):

Sa limistéar a dtugtar “Los Pedroches” go geografach air, agus go ginearálta thar limistéar thuaidh an chúige Córdoba, tá thart ar 300 000 heicteár de dhair thoilm *dehesa*, arb é atá ann ná 10 % den iomlán náisiúnta, thart ar 3 mhilliún heicteár. Mar chuid den chóras talmhaíochta, foraoiseachta agus innilte sin, tógadh beostoic i gcóras feirmeoireachta forleathan leis na cianta, an sampla is fearr de sin is ea tógáil agus feirmeoireacht muc Ibéarach, ag baint lántairbhe as poitéinseal cothaitheach an dearcáin. Gan na muca a bheith ann, is dócha go n-imeodh an t-éiceachóras seo i léig go hiomlán.

Laghdaíodh an fhoraois torthúil seo, a cumhdaíodh cuid mhór de réigiún na Meánmhara san am a chuaigh thart go roinnt ceantar na Spáinne, amhail an ceann atá i gceist, mar gheall ar amhrais maidir lena hinmharthanacht eacnamaíoch. Ceannaíodh na *dehesas* seo ón gCoróin sa 16ú céad agus cuireadh ar ceant iad den chuid is mó le haghaidh feirmeoireachta faoi chórais éagsúla, lena n-áirítear measrú. Ina dhiaidh sin, sa 19ú céad, glacadh na tailte as úinéireacht na heaglaise nó na huaisleachta agus cuireadh ar an margadh iad, rinneadh maoirseacht ar a saothrú fós, áfach, rud, in éineacht le reachtaíocht ina dhiaidh sin lena rialaítear crainn a leagan agus maoirseacht ar choillte darach, a chuir ar chumas an éiceachórais seo a theacht slán go dtí an lá atá inniu ann.

Tá éagsúlacht sa dhlús crann atá ann faoi láthair de ghéineas “*Quercus*” ar *dehesa* “Los Pedroches” idir 40 agus 50 in aghaidh an heicteáir. Táthar ag caitheamh an cleachtas maidir le gránaigh a chur ar an *dehesa* i dtraipisí i gcuid thoir an cheantair, cé gur coinníodh é san iarthar. Go ginearálta, bíonn gach 8ú bliain ina bliain mheasa. Ar an meán bíonn buaint na ndearcán inár réigiún thart ar 1 000 kg/ha.

Gan amhras, is é an mhuc Ibéarach an t-ainmhí is oiriúnaithe don chóras measraithe mar gheall ar a iompar, rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach go nádúrtha don chóras seo. Is é an t-ainmhí seo, críochnaithe ar an gcóras beathaithe seo, ar an aon cheann amháin ar féidir an t-amháibhar a sholáthar don tionscal le haghaidh táirgí feoil a tháirgeadh a bhfuil an-tóir orthu le tomhaltóirí deiridh.

Maireann an córas tógála seo ar feadh 15 mhí ar a laghad, úsáidtear na 4 nó 5 mhí deireanacha acu do mheasú. Cuirtear tús leis an gcéim seo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair nó tús mhí na Samhna ag brath ar an mbliain agus is féidir go mairfidh sé go dtí tús mhí an Mhárta. Lena linn, críochnaíonn na hainmhíthe a gcuid ramhraithe, ag baint úsáid ar bhealach iomlán nádúrtha agus faoi chóras saor-raoin as torthaí darach toilm, darach coirc agus darach gáil – an dearcán – agus na féaraigh nádúrtha a bhíonn ann ag an am seo den bhliain sa cheantar seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gurb é seo an t-aon cheantar *dehesa* ina dtáirgeann an dair gháil torthaí. Téann an dearcán ón speiceas seo in aibíocht 20 lá níos luaithe ná an chuid eile den ghéineas “*Quercus*”, agus, dá réir sin, ag tabhairt an tréimhse measraithe chun tosaigh don mhuc Ibéarach. Tá sé seo thar a bheith suntasach le haghaidh saintréithe na dtáirgí a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb iad na muca sa limistéar “Los Pedroches” amháin a bheathaíonn cuid mhaith ar dhearcáin an chrainn seo, rud atá suntasach i dtéarmaí an nasc idir an táirge agus an limistéar a chumhdaítear faoin sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Is iad *lampiño*, an *negra entrepelada*, an *retinta* agus an *torbiscal* na tréithchineálacha is coitianta den mhuc Ibéarach laistigh den limistéar atá i gceist. Ba mhaith linn a chur i dtábhacht freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair chun an tréithchineál “negro de Los Pedroches” a aisghabháil, cineál atá dúchasach dár gceantar a bhí beagnach díothaithe ach atáimid anois ag iarraidh é a thabhairt ar ais.

Ó shonraí táirgeachta stairiúla faoin ainmhí seo atá bailithe ag an Aireacht um Thalmhaíocht, Iascach agus Forbairt Tuaithe de Rialtas na hAndalúise, tugtar le fios go mbíonn, sa limistéar táirgthe dár gcuid, thart ar 50 000 muc a ramhraítear ar dhearcáin gach bliain, agus an figiúr seo ag athrú ag brath ar an méid torthaí a tháirgeadh ar an *dehesa* i ngach bliain.

Leis an gcineál bainistíochta beostoic seo, a bhfuil measú traidisiúnta réamhluaithe mar an chéim ramhraithe deiridh ina phríomhghné, áiríthítear go leagtar síos saill a ndéantar a leáphointe a ísliú de réir mar a ídítear níos mó dearcán, rud a thugann a ndea-bholadh agus a súmhaireacht a bhfuil an-tóir orthu do na gearrthacha, agus tugann an aclaíocht fhísiciúil a dhéanann na muca uigeacht mhatánach níos dlúithe lena mbíonn an tsail níos soiléire.

Tá baint ann dá bhrí sin, idir tréith chéadfach urghnách na liamhás agus guaillí a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh agus córas feirmeoireachta atá uathúil agus eisiach ar scála domhanda – is é sin an córas innilte réamhluaithe – ag baint an-leas as acmhainní nádúrtha an *dehesa* le haghaidh an chéim ramhraithe deiridh, go príomha dearcáin agus féar, atá mar an fachtóir fíor-riachtanach a thugann saill don táirge de chineál nach féidir aithris a dhéanamh uirthi trí mhodh táirgthe ar bith eile.

Ar na *dehesas* i dtuaisceart chúige Córdoba, tá an céatadán darach toilm is airde i gcomparáid le speiceas eile i ghéineas *Quercus* sp. áit ar bith ar Leithinis na hIbéire. Rud suntasach atá sa mhéid sin maidir leis an gcineál dearcáin a itheann na muca sa limistéar geografach a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Ba cheart tábhacht fhéarach *dehesa* in aiste bia na muc Ibéarach a tógadh i gcórais feirmeoireachta fhorleathana ar an *dehesa* a thabhairt faoi deara mar thoisic is saintréith don an táirge críochnaithe, agus lena ndéantar é a idirdhealú, táirge críochnaithe a chosnaítear faoin sonrúchán tionscnaimh seo agus dá bhrí sin nasc an táirge leis an limistéar geografach. Tá cáilíocht agus cineál an fhásra a bhíonn ar na *dehesas* “Los Pedroches” ar feadh na bliana neamhghnách, mar tá sé difriúil ón bhfásra a bhíonn ar na *dehesas* eile. Arís, léirítear leis seo tábhacht na ndearcán agus na bhféarthaile i limistéar sonrach maidir leis an táirge a idirdhealú agus a shaintréithe orgánaileipteacha deiridh a chinneadh.

Go deimhin, is cruthúnas an margadh é féin ar fheabhas liamhás agus guaillí “Los Pedroches”, ós rud é go ndéantar cion mór de na hainmhíthe a roghnaíodh, a tógadh agus a ramhraíodh sa limistéar d’fhonn bia a bhfuil ardcháilíocht chothaithe ann a fháil a onnmhairiú chuig codanna eile den tír ina maraíodh iad. Tugadh breisluach mór dóibh mar gheall ar a n-ullmhúchán agus a margaíocht i ndiaidh sin.

Tá athrú ag teacht, áfach, ar an staid sin a choinnigh geilleagar an cheantair siar, agus sna 1980idí thosaigh líon méadaitheach gnóthas a bhunú sa cheantar, ag claochlú chonablaigh na muc Ibéarach a tháirgeadh inár réigiún agus ag díriú isteach ar ullmhúchán agus ar mhargaíocht, go háirithe i dtaca leis na gearrthacha is fearr den mhuc.

Baineann rath na ngnóthas sin amach anseo leis an tuiscint fhoirfe atá acu ar an bhfíoras go dtagann cáilíocht chócaireachta táirgí míne na muc Ibéarach ó cháilíocht intreach an amhábhair a fheabhsú le teicnící táirgthe ceardaíochta. Is é an t-éacht is mó dá gcuid ná na teicnící táirgthe a bunaíodh agus a forbraíodh inár gceantar le himeacht na mblianta a ghlacadh agus iad a oiriúnú le próisis thionsclaíoch nua-aimseartha, agus bunús gach céime a bhaineann leis an liamhás a chruthú á urramú san am céanna, ón gceanglas maidir le ligean do na hainmhithe a scíth a ligean go dtí an cur i láthair deiridh do thomhaltóirí. Ina theannta sin, tugadh isteach feabhsaithe le forbairt na dteicnící seo uile, amhail a bheith in ann tionchair aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann a rialú, éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i roinnt blianta a dhíothú agus faireachán a dhéanamh ar an táirge agus é a chaighdeánú thar roinnt timthriallta margaíochta.

Tá táirgeacht bunaithe ar chóireáil agus cigireacht aonair ar gach píosa, meán-airde de thart ar 700 m os cionn leibhéal na mara agus an aeráid ilchríochach fhuar agus tirim a bhíonn i réim sa limistéar le linn an tséasúir táirgthe.

Soláthraítear táirge chríochnaithe leis an bpróiseas iomlán seo a mbíonn cuma mharmaraithe air agus é gearrtha le dea-bholadh agus súmháireacht nach bhfuil a shárú le fáil ag feoil leasaithe ar bith eile ar domhan. Ní amháin go n-aithníonn an margadh na pointí seo, ach aithnítear go heolaíoch freisin an cháilíocht ar leith atá ag liamhása agus guaillí “Los Pedroches” i ngeall ar a dtionscnamh beacht.

cuireadh an méid seo a leanas ina n-ionad i Roinn F, “Nasc leis an gcomhshaol gheografach”, den tsonraíocht:

Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar thosca nádúrtha, ar shaintréithe sonracha an táirge, chomh maith leis an modh táirgthe sonracha a úsáidtear sa limistéar geografach a shainmhíneáil. Go sonracha, bíonn tionchar ag éiceachóras áirithe an limistéir gheografaigh ar an gcóras ina dtógtar na hainmhithe agus lena féidir iad a bheathú trí raon acmhainní nádúrtha a úsáid a chinneann saintréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh. Ina theannta sin, chinneann an próiseas táirgthe, go príomha na céimeanna triomúcháin agus aibíochta a tharlaíonn i dtimpeallacht nádúrtha agus a bhaineann leas as dálaí aeráide an limistéir, forbairt dhea-bholadh agus bhlas an táirge freisin.

A mhéid a bhaineann leis na dálaí nádúrtha, sa limistéar a thugtar “Los Pedroches” go geografach air, agus go ginearálta thar limistéar thuaidh an chúige Córdoba, tá thart ar 300 000 heicteár de dhair thoilm *dehesa*, arb é atá ann ná 10 % den iomlán náisiúnta, thart ar 3 mhilliún heicteár. Leis an gcóras talmhaíochta, foraoiseachta agus innilte áirithe seo, bhíodas in ann beostoic a thógáil i gcóras feirmeoireachta forleathan ón aois ársa, an sampla den scoth is fearr de seo ná tógáil agus feirmeoireacht muc Ibéarach, ag baint lántairbhe as poitéinseal cothaitheach an dearcáin. Gan na muca a bheith ann, is dócha go n-imeodh an t-éiceachóras seo i léig go hiomlán.

Ar an gcéad dul síos dá bhrí sin, déanann na dálaí nádúrtha atá sonracha don limistéar difear don chóras ina dtógtar na hainmhithe, lena féidir leo ramhrú a chríochnú trí lántairbhe a bhaint ar bhealach iomlán nádúrtha agus i gcóras feirmeoireachta forleathan, as torthaí darach toilm, darach coirc agus darach gáil – an dearcán – agus na féaraigh nádúrtha atá sa *dehesa*. Níor cheart dearmad a dhéanamh gurb é an mhuc Ibéarach mar gheall ar a iompraíocht, an t-ainmhí is oiriúnaithe do bheathú measraithe nádúrtha.

Is iad an *lampiño*, an *negra entrepelada*, an *retinta* agus an *torbiscal* na tréithchineálacha is coitianta den mhuc Ibéarach laistigh den limistéar. Ba mhaith linn a chur i dtábhacht freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair chun an tréithchineál “negro de Los Pedroches” a aisghabháil, cineál atá dúchasach dár gceantar.

Ina theannta sin, is é “Los Pedroches” an t-aon cheantar *dehesa* ina dtáirgeann an dair gháil torthaí. Téann an dearcán ón speiceas seo in aibíocht 20 lá níos luaithe ná an chuid eile den ghéineas “*Quercus*”, ag tabhairt, leis sin, an tréimhse measraithe chun tosaigh do na muca Ibéaracha. Cuirtear tús leis an gcéim seo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair nó tús mhí na Samhna, ag brath ar an mbliain, agus is féidir go mairfidh sé go dtí tús mhí an Mhárta. Mar a mhíneáil, críochnaíonn na hainmhithe an ramhrú trí úsáid acmhainní nádúrtha an limistéir agus, sa chás áirithe seo beathaíonn siad go mór ar dhearcáin na gcraon atá i gceist.

Sa bhealach sin, tá an cineál dearcáin a itheann siad mar shaintréith d'aiste bia na n-ainmhithe a sholáthraíonn an t-amhábhair a úsáidtear chun na liamhása agus na guaillí a chumhdaítear leis an STFC a tháirgeadh, ag cuimhneamh gur sna *dehesas* i dtuaisceart an chúige Córdoba a bhfuil an céatadán is airde de dhair thoilm, i gcomparáid le speiceas eile den ghéineas “*Quercus*”, i Leithinis na hIbéire ar fad. Tá an féarach, féar, coinleach agus substaintí nádúrtha eile ar an *dehesa* mar shaintréith d'aiste bia na n-ainmhithe.

Ar deireadh, soláthraíonn an cineál seo de chóras innilte forleathan, a bhfuil measrú mar phríomhghné aige, na liamhása agus na guaillí a chumhdaítear leis an STFC le raon hidreacarbón brainseach ó na dearcáin agus féar a itheann na muca, chomh maith le saill a bhfuil leáphointe is ísle aici ná atá ag saille ainmhíocha eile. Léirítear leis seo an tionchar a bhíonn ag na tosca nádúrtha sa limistéar ar an gcáilíocht agus ar shaintréithe sonracha an táirge a fhaightear.

Leis na himthosca sin, i dteannta le próiseas táirgthe ina dhiaidh sin a bhraitheann cuid mhór ar dhálaí aeráide nádúrtha sa cheantar, go háirithe na céimeanna a tharlaíonn sna seideanna triomúcháin nádúrtha agus sna stórais, tagann na comhdhúile as a dtagann an blas agus an dea-bholadh is saintréith do na liamhása agus guaillí “Los Pedroches” mar a mhínítear thíos.

Tá a aeráid féin atá sainiúil ón gcuid eile den chúige agus d’Andalusia ag an limistéar geografach sainithe (i dtuaisceart an chúige Córdoba agus ina bhfuil bardais suite in Valle de Los Pedroches, Valle del Guadiato agus Sierra de Córdoba, iad uile os cionn 300 méadar agus meán-airde de thart ar 700 méadar os cionn leibhéal na mara). Tá an limistéir suite i gcroílár an Sierra Morena, le teorainn sa deisceart le sraith sliabhraonta atá mar chuid den Sierra Morena. Ar an taobh thiar agus san iarthuaisceart, tá sé taobh leis an Abhainn Zújar; ó thuaidh leis an Abhainn Guadalmez; agus ar an taobh thoir leis an Abhainn Yeguas. Tacaítear leo uile le sliabhraonta ísle atá mar chodarsnacht leis an machaire mór atá sa limistéar ina iomláine. Tá aeráid sainiúil ina limistéir mar thoradh ar a nádúr iargúlta mar gheall ar na sliabhraonta Sierra Morena agus Cordilleras Béticas.

Tá an cineál aeráide fo-bhogthais Meánmhuirí, cé go bhfuil lorg ilchríochach uirthi, le geimhrí fada agus fuara a thugann sioc géar agus báisteach neamhrialta, agus samhraí teo agus tirime. Bíonn an ghné ilchríoch le feiceáil go príomha sa chóras báistí agus sna luaineachtaí teochta laethúla agus bliantúla, an ceann deireanach sin leathan go leor le héagsúlachtaí suntasacha idir samhradh agus geimhreadh. Bíonn laethanta geala nó laethanta gan mórán scamall den chuid is mó, agus is é 2 500 uair an chloig an meánlíon uaireanta gréine in aghaidh na bliana.

Bíonn an-éagsúlacht sna teochtaí ó shéasúr amháin go dtí ceann eile, agus i rith an lae fiú. Bíonn an teocht aonfhoirmeach ar fud an cheantair áfach, le meánteochtaí idir 26 °C go dtí 27 °C sa samhradh agus 7 °C go dtí 8 °C sa gheimhreadh. Le linn thréimhse an tsamhraidh, agus go háirithe i mí Iúil agus mí Lúnasa, bíonn na teochtaí is airde ann, in amanna níos mó ná 35 °C i rith an lae, ag titim go 18-20 °C san oíche. Sa gheimhreadh, bíonn teochtaí i bhfad níos ísle, le meánteocht uasta idir 10 °C agus 15 °C go dtí meánteocht íosta idir -2 °C agus 2 °C.

Mar gheall ar na dálaí aeráide seo is féidir na liamhása a thriomú sna seideanna triomúcháin nádúrtha. Crochtar suas na gearrthacha agus nochtar iad do na dálaí aeráide thart timpeall, agus baintear amach na leibhéil teochta agus taise is gá go simplí trí na fuinneoga a oscailt agus a dhúnadh. Leis an gcéim seo baintear amach cobhsaíocht dathanna agus triomaítear an liamhás a mhéid is a áirithítear a chobhsaíocht deiridh. Spreagann sé freisin foirmiú comhdhúl as a thagann blas (aimíonaigéid shaora) agus dea-bholadh (próitéilíseas agus próisis díghrádaithe lipide). Chuige sin, nochtar an liamhás do theochtaí a éiríonn níos airde de réir a chéile agus bogthaise choibhneasta níos ísle; ní mór cuimhneamh go dtarlaíonn an chéim seo ag an am céanna leis an samhradh de ghnáth, agus ardaíthe teochta de réir a chéile mar gheall air seo ó 15-18 °C go dtí 28-30 °C agus bogthaise de 60-80 %. Feabhsaíonn an méadú teochta seo scaipthead salainn agus dhíhiodráitíú a bhfuil leibhéil chothrom salainn agus fáil ar uisce idir na páirteanna amuigh agus istigh mar thoradh air, agus táirgí próitéilísís a scaoileadh, a chuireann srian ar ghníomhaíocht uisce (a_w).

Ar deireadh bogtar na liamhása agus na guaillí chuig na stórais áit a mbíonn an chéim deiridh leasaithe agus déantar iad a aibíú go mall. Sa chéim dheireanach seo, leanann an próiseas ceimiceach a thosaigh sa chéim roimhe sin, mar a leanann na frithghníomhuithe a ghineann na comhdhúile as a dtagann blas agus dea-bholadh sainiúil na feola. Bíonn na teochtaí níos ísle, bogthaise choibhneasta agus a_w mar chúis le comhdhlúthú na dtáirgí den dianhidrealú lipídí agus próitéiní. Comhdhúile atá iontu a bhfuil meáchan móilíneach ísle agus ardfhéidearthacht bhlas agus dhea-bholaidh: peiptídí, aimíonaigéid agus aimíní ó hidrealú próitéine, agus saoraigéid shailleacha, aildéid, céatóin, alcóil, eistir agus hidreacarbóin ó hidrealú lipide agus ocsaídíú. Mar a míníodh thuas, tá raon hidreacarbón brainseach ó tháirgí plandaí, dearcáin agus féar, a bhíonn mar pháirt d’aiste bia na muc, ann freisin.

Ar deireadh, cinneann na tosca seo ón bpróiseas táirgthe (go príomha teocht, gníomhaíocht uisce agus tiúchán salainn) an pobal miocróbach ar dhromchla na liamhás agus na nguailí leasaithe, a bhfuil giostaí, múscaín agus micrococceae ann den chuid is mó, agus a bhíonn is oiriúnaí do na dálaí comhshaoil bainte amach. Bíonn tionchar acu ar shaintréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh trí na táirgí soghalaithe a ghineann siad. Maidir leis sin, tá fianaise eolaíoch ann lena léirítear an ról a bhíonn ag miocroorgánaigh sna próisis phróitéalaíocha agus lipéaláíocha a tharlaíonn le linn aibíú liamháis ó mhuca Ibéaracha (Núñez et al., 1998, Rodríguez et al., 1998) agus an méid a chuireann siad le forbairt dhea-bholadh agus bhlas na feola (Martín et al., 2004, 2006; Andrade, 2009).

agus leis ann ábhar céanna i Roinn 5, “Nasc leis an limistéar geografach” den doiciméad aonair, cé is moite den naoú mír, ar cuireadh foclaíocht níos gonta uirthi:

“Tá a aeráid féin ag an limistéar geografach sainithe (arb é atán ann bardais atá suite in Valle de Los Pedroches, Valle del Guadiato agus Sierra de Córdoba, iad uile os cionn 300 méadar agus le meán-airde de thart ar 700 m os cionn leibhéal na mara), atá sainiúil ón aeráid atá ag an gcuid eile den chúige agus ag Andalusia, atá mar thoradh ar a nádúr iargúlta mar gheall ar na sliabhraonta Sierra Morena agus Cordilleras Béticas.”

Cúis:

Is é cuspóir an leasaithe seo ná an tionchar a bhíonn ag an limistéar agus ag na dálaí a bhíonn sa limistéar le linn táirgthe sa chomhshaol nádúrtha a chur i dtábhacht, agus an tionchar a bhíonn acu ar shaintréithe sonracha an táirge deiridh, i dteannta thábhacht na *dehesas* agus an chórais feirmeoireachta fhorleathain ina dtarlaíonn ramhrú deiridh na muca, rud a cuireadh i dtábhacht cheana sa tsonraíocht bhunaidh. Fágadh ar lár go mícheart na gnéithe seo a bhaineann leis an gcéim leasaithe, a mbíonn tionchar doshéanta acu ar shaintréithe an táirge deiridh (mar a cuireadh i dtábhacht i staidéar agus i dtuairisc theicniúil ar “Tionchar an limistéir táirgthe ar leasú liamhás Ibéarach STFC ‘Los Pedroches’” ag an roinn RDI den Lárionad Teicneolaíochta CICAP) ón roinn ar an nasc sa tsonraíocht bhunaidh.

Leis an leasú seo freisin, bunaítear go soiléir an nasc cúisíoch idir an táirge agus na tosca a bhíonn sa limistéar geografach agus tagairtí cineálacha nó ródhoiléire a sheachaint.

5.6. Lipéadú

1. Cuireadh léiriú maidir le pór agus beatha na muc ar lipéadú na dtáirgí san áireamh. An mhír seo a leanas den tsonraíocht (Roinn H, “Lipéadú”):

[...] ní mór na focail “Denominación de Origen Protegida Los Pedroches” a bheith air agus an grád lena mbaineann an gearradh, an liamhás nó an gualainn a léiriú, chomh maith le catagóir na beatha.

agus an mhír a leanas den doiciméad aonair (Roinn 4.8, “Lipéadú”):

[...] na focail “Denominación de Origen Protegida Los Pedroches” air agus an chatagóir lena mbaineann an gearradh atá i gceist.

cuireadh ina n-ionad an méid seo a leanas (Roinn H, “Lipéadú”, den tsonraíocht nua agus Roinn 3.6, “Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe”, den doiciméad aonair nua):

[...] na focail “Denominación de Origen Protegida Los Pedroches” air agus an grád lena mbaineann an gearradh atá i gceist (liamhás nó gualainn) in éineacht leis an gcatagóir póir agus beatha.

Cúis:

Leis an gCaighdeán Cáilíochta forchuirtear oibleagáid le céatadán póir na muice Ibéaraí a léiriú ar lipéadú na dtáirgí, mar thoradh air sin cuireadh isteach tagairt don phór.

2. Rinneadh an lógó oifigiúil STFC, a shainaitníonn na liamhása agus na guaillí cosanta uile, a atáirgeadh sa tsonraíocht agus sa dhoiciméad aonair araon:

Ní mór don lógó oifigiúil STFC a bheith ar an lipéad (arna atáirgeadh thíos):



5.7. Seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht

1. Tugadh an fhaisnéis sna míreanna a leanas den tsonraíocht (Roinn G, “Seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht”) cothrom le dáta:

“Déantar seiceálacha ar chomhlíontacht leis na sonraíochtaí roimh mhargadh an táirge i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006.

Is é an Ard-Stiúrthóireacht um Thionscal agus Cháilíocht Agraibhia d'Aireacht Réigiúnach na hAndalúise um Thalmhaíocht agus Iascaigh an comhlacht cigireachta inniúil – C/ Tabladilla, s/n, 41071 Seville; fón. +34 955032278; facs +34 955032112; ríomhphost: dgipa.cap@juntadeandalucia.es.

Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir leis na comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu seiceáil ar chomhlíontacht leis na ceanglais leagtha amach sa tsonraíocht ag an seoladh seo a leanas:

<http://www.juntadeandalucia.es/agriculturaypesca/portal/areas-tematicas/industrias-agroalimentarias/calidad-y-promocion-agroalimentaria/denominaciones-de-calidad/jamones-y-paletas.html>.”

Cuireadh an méid seo a leanas ina n-ionad:

“Sula gcuirtear an tairge ar an margadh, tá sé faoi réir seiceálacha comhlíontachta ar an tsonraíocht tairge mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí.

Is é an Ard-Stiúrthóireacht um Thionscal Agraibhia, Nuálaíocht agus Slabhra an tSoláthair Bia na hAireachta um Thalmhaíocht, Iascach, Uisce agus Fhorbairt Tuaithe de Rialtas Pobail Fhéinrialaithe na hAndalúise a ainmnítear mar an t-údarás inniúil atá freagrach as na seiceálacha, C/ Tabladilla, s/n, 41071 Seville, An Spáinn; fón. +34 955032278; facs +34 955032112; ríomhphost: dgiica.cagpds@juntadeandalucia.es.

Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir leis na comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu seiceáil ar chomhlíontacht leis na ceanglais leagtha amach sa tsonraíocht ag an seoladh seo a leanas:

<https://www.juntadeandalucia.es/organismos/agriculturaganaderiapescaydesarrollosostenible/areas/industrias-agroalimentarias/calidad/paginas/denominaciones-calidad-jamones-paletas.html>”

Cúis:

Leasaíodh an roinn seo mar gheall ar athruithe d'ainm an údaráis inniúil, reachtaíocht is infheidhme an Aontais agus an nasc maidir leis an fhaisnéis ar na heintitis atá freagrach as comhlíontacht leis an tsonraíocht a sheiceáil.

2. Sa dhoiciméad aonair, baineadh an roinn “Comhlacht Cigireachta” d’fhonn a ailíniú leis an bhformáid nua dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014.

5.8. Ceanglais reachtaíochta

Scriosadh Roinn I, “Ceanglais reachtaíochta”, toisc nach bhfuil sé ar cheann de na ranna nach mór a chur san áireamh sa tsonraíocht faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí.

DOICIMÉAD AONAIR

“LOS PEDROCHES”

Uimh. AE: PDO-ES-0506-AM02 – 29.7.2021

STFC (X) PGI ()

1. **Ainm(neacha)**

“Los Pedroches”

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. An cineál táirge

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is iad seo a leanas saintréithe na liamhás agus na guailí STFC “Los Pedroches” ag deireadh an phróisis táirgthe:

- Cuma sheachtrach: cruth fada, caol ag a bhfuil an gearradh V “corte serrano” tipiciúil. Agus iad díolta ina n-iomláine, fágтар an cruibín orthu chun cabhrú le sainaithe.
- Íosmheáchan 5,75 kg le haghaidh liamhás agus 3,7 kg le haghaidh guailí.
- Dath saintréitheach idir bándearg agus scothchorcra, agus cuma mharmaraithe air agus é gearrtha.
- Níl blas na feola an-ghoirt ná milis. Tá an fheoil tirim ó thaobh blais de. Tá an dea-bholadh deas agus dian, le ruainnín cnónna rósta nó tirime atá tipiciúil den chineál táirge seo.
- Níl an uigeacht an-snáithíneach.
- Tá an tsail glónraithe agus scothbhándearg-bán nó le himreacha scothbhuí; tá sé aramatach, le blas deas, le héagsúlacht sa raimhre de réir sciar dearcán san aiste bia.

Aicmítear na gearrthacha éagsúla de réir an phóir agus an chineáil beatha a tugadh do na muca le linn a gcéim ramhráithe dheiridh, mar a leanas:

- Liamhása agus guailí “Bellota 100 % Ibérico”: ó mhuca Ibéaracha 100 % a ramhraíodh sa chéim dheiridh faoi chóras innilte measraithe ar an *dehesa* agus a bheathaítear go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar.
- Liamhása agus guailí “Cebo de Campo 100 % Ibérico”: ó mhuca Ibéaracha 100 % a ramhraíodh trí innilt ar na *dehesas* inár réigiún, ar acmhainní nádúrtha ón *dehesa* go príomha agus forlíonta, más gá, trí chuid laethúil de bheatha.

Is é an t-am leasaithe íosta ná 1 bhliain do na guailí agus 2 bhliain do na liamhása.

3.3. Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)

Na hamhábhair

Cosa muc ó:

- Mhuca “Bellota”: aiste bia bheathaithe dheiridh bunaithe go heisiach ar dhearcáin agus ar fhéar ar *dehesas* an limistéir gheografaigh shainithe. Mar sin, faightear an bheatha go hiomlán sa limistéar geografach sainithe ar a dtugtar tuairisc sa doiciméad seo.
- Muca “Cebo de Campo”: ina gcéim ramhráithe dheiridh tógtar na muca trí innilt ar *dehesas* an limistéir gheografaigh shainithe agus cothaítear go príomha ar táirgí nádúrtha iad, amhail iarsmaí dearcán, féar nó coinleach gránaigh ag brath ar an séasúr. Forlíontar le beatha é sin i gcás inar gá. Tá cion na beatha de thionscnamh an limistéir gheografaigh ar a dtugtar tuairisc sa doiciméad seo cothrom le 65 % ar a laghad.

Beatha

Tá meascán sa bheatha a úsáidtear chun bia mhuca “Cebo de Campo” a fhorlíonadh, de ghránaigh go príomha (cruithneacht, eorna agus grán buí) agus, ar bhonn níos lú, de léagúim (piseanna agus pónairí soighe). Tagann cion suntasach na gcomhábhar ó tháirgeacht thraidisiúnta laistigh den limistéar geografach, ach ní thagann cion beag na gcomhábhar, amhail soighe, uaidh. Ciallaíonn sé sin nach féidir go teicniúil go dtagann an bheatha go hiomlán ón limistéar geografach sainithe; ceadaíodh, dá bhrí sin, beatha a fhaightear ó thaobh amuigh den limistéar a chur léi.

Mar a mhínítear i Roinn 5 den doiciméad seo, is iad acmhainní féaraigh an *dehesa* a chinneann cáilíocht an ábhair a úsáidtear chun na liamhása agus na guailí a chumhdaítear leis an STFC a dhéanamh, agus cáilíocht an táirge é féin araon. Ní dhéanann úsáid beatha a thagann ó lasmuigh den limistéar difear dá bhrí sin, ar cháilíocht an táirge atá bainteach leis an gcomhshaol geografach.

In aon chás, an córas innilte traidisiúnta a cheanglaítear ag an gcóras tógála agus ramhraithe féin, agus an fíoras nach féidir ach méid beag den bheatha a tháirgeadh lasmuigh den chríoch, áiríthítear leis go bhfuil céatadán an ábhair thirim ionghafa iomláin de thionscnamh laistigh den limistéar geografach – sa chás muca “Cebo de Campo” (a fhorlíontar a mbia le beatha) – i bhfad os cionn an íosmhéid atá ceadaithe ag an reachtaíocht is infheidhme (Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013).

3.4. *Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is laistigh den limistéar geografach a dhéantar gach céim den táirgeadh. Seo a leanas na saintréithe sin:

- Tógáil agus ramhrú na muc, a n-úsáidtear a gcosa chun an táirge atá cumhdaithe a dhéanamh.
- An t-ainmhí a mharú agus an fheoil a ghearradh ina píosaí.
- Na céimeanna ullmhaithe uile, lena n-áirítear: sailleadh, glanadh, suí, triomú/aibiú agus aosú i stórais.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar liamhása agus guaillí STFC “Los Pedroches” a chur i láthair lena ndíol gan chnámh, mar “lárghearrthacha”, “slisní” nó “sciartha”, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a shainnithint. Féadfaidh oibreoirí a ghlac leis agus a chomhlíonann an prótacal oibríochta atá bunaithe ag an mBord Rialála an oibríocht sin a dhéanamh chun inrianaitheacht, tionscnamh, aitheantas agus cáilíocht deiridh an táirge a ráthú, agus atá curtha isteach chun na críche sin i gcláir an mBord Rialála.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór don Bhord Rialála lipéad tánaisteach a ghreamú do gach gearradh, ionas go mbeidh sé iomlán infheicthe agus ar bhealach go gcoiscfeadh athúsáid, leis na focail “Denominación de Origen Protegida ‘Los Pedroches’” air agus an grád lena mbaineann an gearradh atá i gceist (liamhás nó gualainn) in éineacht leis an gcatagóir póir agus beatha.

Ní mór don lógó oifigiúil STFC a bheith ar an lipéad (arna atáirgeadh thíos):



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar ina dtógtar agus a ramhraítear na muca a úsáidtear a ngearrthacha chun liamhása agus guaillí a chumhdaítear le sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Los Pedroches” a ullmhú, agus ina dtarlaíonn táirgeacht, marú agus búistéireacht iomlán na muc Ibéarach agus sailleadh, leasú, triomú agus aibiú na ngearrthacha, na bardais seo a leanas i gcúige Córdoba:

Alcaracejos, Añora, Belalcázar, Bélmez, Los Blázquez, Cardeña, Conquista, Dos Torres, Espiel, Fuente La Lancha, Fuente Obejuna, La Granjuela, El Guijo, Hinojosa del Duque, Pedroche, Peñarroya-Pueblonuevo, Pozoblanco, Santa Eufemia, Torrecampo, Valsequillo, Villanueva de Córdoba, Villanueva del Duque, Villanueva del Rey, Villaralto agus El Viso, agus ag airdí os cionn 300 méadar sna bardais Adamuz, Hornachuelos, Montoro, Obejo, Posadas, Villaharta agus Villaviciosa.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an limistéar geografach bunaithe ar thosca nádúrtha, ar shaintréithe sonracha an táirge, chomh maith leis an modh táirgthe sonracha a úsáidtear sa limistéar geografach a shainmhíneáil. Go sonracha, bíonn tionchar ag éiceachóras áirithe an limistéir gheografaigh ar an gcóras ina dtógtar na hainmhithe agus lena féidir iad a bheathú trí raon acmhainní nádúrtha a úsáid a chinneann saintréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh. Ina theannta sin, chinneann an próiseas táirgthe, go príomha na céimeanna triomúcháin agus aibíochta a tharlaíonn i dtimpeallacht nádúrtha agus a bhaineann leas as dálaí aeráide an limistéir, forbairt dhea-bholadh agus bhlas an táirge freisin.

A mhéid a bhaineann leis na dálaí nádúrtha, sa limistéar a thugtar “Los Pedroches” go geografach air, agus go ginearálta thar limistéar thuaidh an chúige Córdoba, tá thart ar 300 000 heicteár de dhair thoilm *dehesa*, arb é atá ann ná 10 % den iomlán náisiúnta, thart ar 3 mhilliún heicteár. Leis an gcóras talmhaíochta, foraoiseachta agus innilte áirithe seo, bhíothas in ann beostoic a thógáil i gcóras feirmeoireachta forleathan ón aois ársa, an sampla den scoth is fearr de seo ná tógáil agus feirmeoireacht muc Ibéarach, ag baint lántairbhe as poitéinseal cothaitheach an dearcáin. Gan na muca a bheith ann, is dócha go n-imeodh an t-éiceachóras seo i léig go hiomlán.

Ar an gcéad dul síos dá bhrí sin, déanann na dálaí nádúrtha atá sonrach don limistéar difear don chóras ina dtógtar na hainmhíthe, lena féidir leo ramhrú a chríochnú trí lántairbhe a bhaint ar bhealach iomlán nádúrtha agus i gcóras feirmeoireachta forleathan, as torthaí darach toilm, darach coirc agus darach gáil – an dearcán – agus na féaraigh nádúrtha atá sa *dehesa*. Níor cheart dearmad a dhéanamh gurb é an mhuc Ibéarach mar gheall ar a iompraíocht, an t-ainmhí is oiriúnaithe do bheathú measraithe nádúrtha.

Is iad *lampiño*, an *negra entrepelada*, an *retinta* agus an *torbiscal* na tréithchineálacha is coitianta den mhuc Ibéarach laistigh den limistéar. Ba mhaith linn a chur i dtábhacht freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair chun an tréithchineál “negro de Los Pedroches” a aisghabháil, cineál atá dúchasach dár gceantar.

Ina theannta sin, is é “Los Pedroches” an t-aon cheantar *dehesa* ina dtáirgeann an dair gháil torthaí. Téann an dearcán ón speiceas seo in aibíocht 20 lá níos luaithe ná an chuid eile den ghéineas “*Quercus*”, agus, dá réir sin, ag tabhairt an tréimhse measraithe chun tosaigh do na muca Ibéaracha. Cuirtear tús leis an gcéim seo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair nó tús mhí na Samhna, ag brath ar an mbliain, agus is féidir go mairfidh sé go dtí tús mhí an Mhárta. Mar a mhínítear, críochnaíonn na hainmhíthe an ramhrú trí úsáid acmhainní nádúrtha an limistéir agus, sa chás áirithe seo beathaíonn siad go mór ar dhearcáin na gcrann atá i gceist.

Sa bhealach sin, tá an cineál dearcáin a itheann siad mar shaintréith d’aiste bia na n-ainmhíthe a sholáthraíonn an t-amhábhhar a úsáidtear chun na liamhása agus na guaillí a chumhdaítear leis an STFC a tháirgeadh, ag cuimhneamh gur sna *dehesas* i dtuaisceart an chúige Córdoba a bhfuil an céatadán is airde de dhair thoilm, i gcomparáid le speiceas eile den ghéineas “*Quercus*”, i Leithinis na hIbéire ar fad. Tá an féarach, féar, coinleach agus substaintí nádúrtha eile ar an *dehesa* mar shaintréith d’aiste bia na n-ainmhíthe.

Ar deireadh, soláthraíonn an cineál seo de chóras innilte forleathan, a bhfuil measrú mar phríomhghné aige, na liamhása agus na guaillí a chumhdaítear leis an STFC le raon hidreacarbón brainseach ó na dearcáin agus féar a itheann na muca, chomh maith le saill a bhfuil leáphointe is ísle aici ná atá ag saillte ainmhíochta eile. Léirítear leis seo an tionchar a bhíonn ag na tosca nádúrtha sa limistéar ar an gcáilíocht agus ar shaintréithe sonracha an táirge a fhaightear.

Leis na himthosca sin, i dtéannta le próiseas táirgthe ina dhiaidh sin a bhraitheann cuid mhór ar dhálaí aeráide nádúrtha sa cheantar, go háirithe na céimeanna a tharlaíonn sna seideanna triomúcháin nádúrtha agus sna stórais, tagann na comhdhúile as a dtagann an blas agus an dea-bholadh is saintréith do na liamhása agus guaillí “Los Pedroches” mar a mhínítear thíos.

Tá a aeráid féin ag an limistéar geografach sainithe (arb é atán ann bardais atá suite in Valle de Los Pedroches, Valle del Guadiato agus Sierra de Córdoba, iad uile os cionn 300 méadar agus le meán-airde de thart ar 700 m os cionn leibhéal na mara), atá sainiúil ón aeráid atá ag an gcuid eile den chúige agus ag Andalusia, atá mar thoradh ar a nádúr iargúlta mar gheall ar na sliabhraonta Sierra Morena agus Cordilleras Béticas.

Tá an cineál aeráide fo-bhogthais Meánmhuirí, cé go bhfuil lorg ilchríochach uirthi, le geimhrí fada agus fuara a thugann sioc géar agus báisteach neamhrialta, agus samhraí teo agus tirime. Bíonn an ghné ilchríoch le feiceáil go príomha sa chóras báistí agus sna luaineachtaí teochta laethúla agus bliantúla, an ceann deireanach sin leathan go leor le héagsúlachtaí suntasacha idir samhradh agus geimhreadh. Bíonn laethanta geala nó laethanta gan mórán scamall den chuid is mó, agus is é 2 500 uair an chloig an meánlíon uaireanta gréine in aghaidh na bliana.

Bíonn an-éagsúlacht sna teochtaí ó shéasúr amháin go dtí ceann eile, agus i rith an lae fiú. Bíonn an teocht aonfhoirmeach ar fud an cheantair áfach, le meánteochtaí idir 26 °C go dtí 27 °C sa samhradh agus 7 °C go dtí 8 °C sa gheimhreadh. Le linn thréimhse an tsamhraidh, agus go háirithe i mí Iúil agus mí Lúnasa, bíonn na teochtaí is airde ann, in amanna níos mó ná 35 °C i rith an lae, ag titim go 18-20 °C san oíche. Sa gheimhreadh, bíonn teochtaí i bhfad níos ísle, le meánteocht uasta idir 10 °C agus 15 °C go dtí meánteocht íosta idir –2 °C agus 2 °C.

Mar gheall ar na dálaí aeráide seo is féidir na liamhása a thriomú sna seideanna triomúcháin nádúrtha. Crochtar suas na gearrthacha agus nochtar iad do na dálaí aeráide thart timpeall, agus baintear amach na leibhéil teochta agus taise is gá go simplí trí na fuinneoga a oscailt agus a dhúnadh. Leis an gcéim seo baintear amach cobhsaíocht dathanna agus triomaítear an liamhás a mhéid is a áirithítear a chobhsaíocht deiridh. Spreagann sé freisin foirmiú comhdhúl as a thagann blas (aimíonaigéid shaora) agus dea-bholadh (próitéilíseas agus próisis díghrádaithe lipide). Chuige sin, nochtar an liamhás do theochtaí a éiríonn níos airde de réir a chéile agus bogthaise choibhneasta níos ísle; ní mór cuimhneamh go dtarlaíonn an chéim seo ag an am céanna leis an samhradh de ghnáth, agus ardaíthe teochta de réir a chéile mar gheall air seo ó 15-18 °C go dtí 28-30 °C agus bogthaise de 60-80 %. Feabhsaíonn an méadú teochta seo scaipeadh salainn agus dhíhiodráitiú a bhfuil leibhéil chothrom salainn agus fáil ar uisce idir na páirteanna amuigh agus istigh mar thoradh air, agus táirgí próitéilísis a scaoileadh, a chuireann srian ar ghníomhaíocht uisce (a_w).

Ar deireadh bogtar na liamhása agus na guaillí chuig na stórais áit a mbíonn an chéim deiridh leasaithe agus déantar iad a aibiú go mall. Sa chéim dheireanach seo, leanann an próiseas ceimiceach a thosaigh sa chéim roimhe sin, mar a leanann na frithghníomhuíthe a ghineann na comhdhúile as a dtagann blas agus dea-bholadh sainiúil na feola. Bíonn na teochtaí níos ísle, bogthaise choibhneasta agus a_w mar chúis le comhdhlúthú na dtáirgí den dianhidrealú lipídí agus próitéiní. Comhdhúile atá iontu a bhfuil meáchan móilíneach íseal agus ardfhéidearthacht bhlais agus dhea-bholaidh: peiptídí, aimíonaigéid agus aimíní ó hidrealú próitéine, agus saoraigéid shailleacha, aildéid, céatóin, alcóil, eistir agus hidreacarbóin ó hidrealú lipide agus ocsaídíú. Mar a míníodh thuas, tá raon hidreacarbón brainseach ó tháirgí plandaí, dearcáin agus féar, a bhíonn mar pháirt d'aiste bia na muc, ann freisin.

Ar deireadh, cinneann na tosca seo ón bpróiseas táirgthe (go príomha teocht, gníomhaíocht uisce agus tiúchán salainn) an pobal miocróbach ar dhromchla na liamhás agus na ngaillí leasaithe, a bhfuil giostaí, múscáin agus micrococcaceae ann den chuid is mó, agus a bhíonn is oiriúnaí do na dálaí comhshaoil bainte amach. Bíonn tionchar acu ar shaintréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh trí na táirgí soghalaithe a ghineann siad. Maidir leis sin, tá fianaise eolaíoch ann lena léirítear an ról a bhíonn ag miocroorgánaigh sna próisis phróitéalaíocha agus lípealaíocha a tharlaíonn le linn aibiú liamháis ó mhuca Ibéaracha (Núñez et al., 1998, Rodríguez et al., 1998) agus an méid a chuireann siad le forbairt dhea-bholadh agus bhlas na feola (Martín et al., 2004, 2006; Andrade, 2009).

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://juntadeandalucia.es/sites/default/files/inline-files/2022/08/Pliego_modificado_Los_Pedroches.pdf

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas a dhéanamh ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 160/10)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

“Cariñena”

PDO-ES-A0043-AM03

Dáta teachtaireachta: 6.2.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Cuimsiú dhá bhordasacht sa limistéar geografach críochaithe don STFC

Tuairisc:

Leathnaíodh an limistéar geografach chun na bardais Fuendetodos agus Vistabella de Huerva, atá cóngarach don limistéar geografach críochaithe do STFC “Cariñena”, a chuimsiú.

Baineann an leasú seo le Roinn 4 (Teorannú an limistéir gheografaigh) den tsonraíocht, agus le Roinn 6 (Limistéar geografach críochaithe) den doiciméad aonair.

I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún agus ar bhonn na bhfáthanna agus na gcúiseanna, ní mheastar gur leasuithe Aontais iad na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad seo, toisc nach n-áirítear leo athrú ar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint; is éard atá iontu athrú, scriosadh nó cur le catagóir táirge fíniúna; nó cuireann siad an nasc ar neamhní nó tá srianta breise ar mhargú an táirge i gceist. I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar gur leasú caighdeánach é.

Cúis:

Chabhraigh na staidéir *terroir* a rinneadh, a bhí bunaithe go príomha ar anailís a dhéanamh ar shaintréithe na hithreach agus na haeráide sa dá bhordas, le hacmhainneacht agranamaíoch an limistéir atá cuimsithe sa STFC a chinneadh. Is é an chonclúid ná nach bhfuil aon difríocht shuntasach idir an limistéar geografach atá ann cheana.

Tá saintréithe na limistéar fionsaothrúcháin a ndéantar anailís orthu in Fuendetodos an-chosúil le ceann amháin de na haonaid *terroir* a chuimsíonn STFC “Cariñena”, go háirithe na próifílí ithreach ardchláir aolchloiche. Fuarthas amach go raibh na hinnéacsanna aeráide comhsheasmhach le hinnéacsanna aeráide limistéar D sa STFC.

Maidir le bardas Vistabella, cinneadh go bhfuil dhá limistéar ar leith ann atá comhsheasmhach leis na cinn a bhfuil cur síos orthu don STFC: ithreacha taobh cnoic ina bhfuil slinn agus grianchloichít, agus ithreacha leathfhána agus ithreacha fána. Is é an chonclúid a baineadh amach sa staidéar ná go bhfuil na sonraí aeráide don bhordas seo cosúil leis na sonraí a sholáthraítear do chrios aeráide D sa STFC.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

2. Cuimsiú de chineál fíonchaoire gile (tánaisteach)

Tuairisc:

Tá an cineál fíonchaoire Cariñena Blanca curtha leis an liosta de chineálacha tánaisteacha a leagtar amach sa tsonraíocht táirge le haghaidh an STFC.

Baineann an leasú seo le Roinn 6 (Cineál (cineálacha) fíonchaoire óna ndéantar an fíon) den tsonraíocht. Ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair toisc go meastar gur cineál tánaisteach é sin.

I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún agus ar bhonn na bhfáthanna agus na gcúiseanna, ní mheastar gur leasuithe Aontais iad na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad seo, toisc nach n-áirítear leo athrú ar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint; is éard atá iontu athrú, scríosadh nó cur le catagóir táirge finíúna; nó cuireann siad an nasc ar neamhni nó tá srianta breise ar mhargú an táirge i gceist. I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar gur leasú caighdeánach é.

Cúis:

Áiríodh le hOrdú AGM/1312/2022 an 13 Meán Fómhair 2022 an t-ainm Cariñena Blanca mar chomhchiallach Carignan Blanc ar liosta de na cineálacha fíonchaoire atá údaraithe le haghaidh fíonóireachta in Aragon.

Tá an cineál seo an-oiriúnach do dhálaí sonracha an tsonrúcháin i dtéarmaí táirgeachta agus tréithe fíoneolaíochta. Tá sé thar a bheith aramatach agus comhsheasmhach leis an ngnáthphróifíl bhraiteach d'fhionta geala a chlúdaítear le STFC "Cariñena".

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm an táirge

Cariñena

2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí finíúna

1. Fíon
3. Fíon licéir
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach
16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

1. *Fíonta geala, fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: glan

— Fíon geal: dath scothghlas na tuí, dath buí éadrom, dath buí na tuí nó dath buí.

— Fíon rosé: dath chraiceann an oinniúin, dath bándearg an bhradáin, dath bándearg, dath bándearg dorcha, nó dath bándearg corcairghorm.

Dea-bholadh: torthaíoch, cumhracht adhmaid má bhí teagmháil ag an bhfíon leis an adhmaid, gan lochtanna.

Blas: aigéadacht mheánach, milseacht bheag, gan lochtanna.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 240 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagram in aghaidh an lítir)	180

2. Fionta dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: geal, le dath idir corcairghorm-dhearg, corcra-dhearg, gairnéid agus caordhearg.

Dea-bholadh: torthaíoch, torthaí dearga, cumhracht adhmaid má bhí teagmháil ag an bhfíon leis an adhmaid, gan lochtanna.

Blas: aigéadacht mheánach, milseacht bheag, searbais meánach, gan lochtanna.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 180 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	9
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagram in aghaidh an lítir)	140

3. Fíon licéir

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: glan

— Fíon geal: dath buí, dath buí-ómra nó dath buí órga.

— Fíon dearg: dath corcairghorm-dhearg, dath corcra-dhearg, dath gairnéid nó dath caordhearg.

Dea-bholadh: toradh aibí, adhmaid má bhí teagmháil ag an bhfíon leis an adhmaid, gan lochtanna.

Blas: mothú béil te (blas suntasach alcóil) agus milseacht, gan lochtanna.

* Dé-ocsaíd sulfair uasta: 200 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l.

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: geal le boilgeoga dé-ocsaíde carbóin.

- Fíon geal: dath scothghlas na tuí, dath buí éadrom, dath buí na tuí nó dath buí.
- Fíon rosé: dath chraiceann an oinniúin, dath bándearg an bhradáin, dath bándearg, dath bándearg dorcha, nó dath bándearg corcairghorm.
- Fíon dearg: dath corcairghorm-dhearg, dath corcra-dhearg, dath gairnéid, dath caordhearg nó dath an rúbín.

Dea-bholadh: torthaíoch, gan lochtanna.

Blas: mothú dé-ocsaíde carbóin sa bhéal (blas láidir fionnuar), blas beagán aigéadach (úr), gan lochtanna.

* I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	10,83
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	160

5. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: geal le boilgeoga dé-ocsaíde carbóin.

- Fíon geal: dath scothghlas na tuí, dath buí éadrom, dath buí na tuí nó dath buí.
- Fíon rosé: dath chraiceann an oinniúin, dath bándearg an bhradáin, dath bándearg, dath bándearg dorcha, nó dath bándearg corcairghorm.
- Fíon dearg: dath corcairghorm-dhearg, dath corcra-dhearg, dath gairnéid, dath caordhearg nó dath an rúbín.

Dea-bholadh: torthaíoch, gan lochtanna.

Blas: mothú dé-ocsaíde carbóin sa bhéal (blas láidir fionnuar), blas beagán aigéadach (úr), gan lochtanna.

* Fíonta geala agus rosé: dé-ocsaíd sulfair uasta: 180 mg/l: 240 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l.

* Fíon dearg: dé-ocsaíd sulfair uasta: 140 mg/l: 180 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l.

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhir íosta (mar % den toirt)	7
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagram in aghaidh an lítir)	

6. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí (buainte dhéanach)

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: glan

— Fíon geal: dath scothghlas na tuí, dath buí éadrom, dath buí na tuí nó dath buí.

— Fíon rosé: dath chraiceann an oinniúin, dath bándearg an bhradáin, dath bándearg, dath bándearg dorcha, nó dath bándearg corcairghorm.

— Fíon dearg: dath corcairghorm-dhearg, dath corcra-dhearg, dath gairnéid, dath caordhearg nó dath an rúibín.

Dea-bholadh: toradh aibí, adhmaid má bhí teagmháil ag an bhfíon leis an adhmaid, gan lochtanna.

Blas: mothú béil te (blas alcóil suntasach), agus milseacht ag brath ar chion siúcra, gan lochtanna.

* Fíonta geala agus rosé: dé-ocsaíd sulfair uasta: 180 mg/l: 240 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l.

* Fíon dearg: dé-ocsaíd sulfair uasta: 140 mg/l: 180 mg/l má tá an cion siúcra \geq 5 g/l.

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhir íosta (mar % den toirt)	13
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagram in aghaidh an lítir)	

7. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí (*milis go nádúrtha*)

TUIAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: glan

— Fíon geal: dath scothghlas na tuí, dath buí éadrom, dath buí na tuí nó dath buí.

— Fíon rosé: dath chraiceann an oinniúin, dath bándearg an bhradáin, dath bándearg, dath bándearg dorcha, nó dath bándearg corcairghorm.

— Fíon dearg: dath corcairghorm-dhearg, dath corcra-dhearg, dath gairnéid, dath caordhearg nó dath an rúbín.

Dea-bholadh: toradh aibí, adhmaid má bhí teagmháil ag an bhfíon leis an adhmaid, gan lochtanna.

Blas: milseacht meán-ard. Gan lochtanna.

* Fíonta geala agus rosé: dé-ocsaíd sulfair uasta: 180 mg/l: 240 mg/l má tá an cion siúcra ≥ 5 g/l.* Fíon dearg: dé-ocsaíd sulfair uasta: 140 mg/l: 180 mg/l má tá an cion siúcra ≥ 5 g/l.

** I gcás nár sonraíodh aon teorainn, ní mór cloí leo siúd a leagtar amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (mar % den toirt)	13
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagram in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fíonóireachta

a. Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Ní úsáidtear ach triopaill fíonchaor shláintiúla a bhfuil céim oiriúnach aibíochta bainte amach acu agus ar dócha go bhfuil cion alcóil iontu nach lú ná 9 % chun fíonta a tháirgeadh a chumhdaítear faoin STFC.

Cuirfear brú leordhóthanach ar na fíonchaora chun an t-úrfhíon nó an fíon a eastóscadh agus a dhealú ón marc, ionas nach mó an táirgeacht (teaglam d'oibríochtaí a bhaineann le diúgadh agus le brú) ná 74 lítear fíona in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor.

An modh saothraithe

Ní mór 1 500 fíniúin in aghaidh an heicteáir ar a laghad a bheith sa dlús plandaithe, arna ndáileadh go cothrom ar fud na plandála.

b. Táirgeacht uasta

1. Cineálacha fíonchaor dearg

62,9 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor dearg

8 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fionchaor geal

66,6 heictílítear in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha fionchaor geal

9 000 cileagram fionchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Bardais: Aguarón, Aladrén, Alfamén, Almonacid de la Sierra, Alpartir, Cariñena, Cosuenda, Encinacorba, Fuendetodos, Longares, Mezalocha, Muel, Paniza, Tosos, Villanueva de Huerva agus Vistabella de Huerva.

7. **Cineál/cineálacha fionchaor**

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

MACABEO – VIURA

MAZUELA – CARIÑENA

MERLOT

SYRAH

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Eascraíonn fionghoirt Aragon as an réigiún ar a dtugtar an Ibéir Cheilteach, suíomh an bhaile Rómhánaigh Carae (Cariñena, sa lá atá inniu ann), arb eol dúinn ina leith go n-óladh a áitritheoirí fíon measctha le mil thiar sa tríú céad RC. Chomh luath le 1696, cuireadh srian ar phlandáil ar bhonn cáilíochta do na bardais a chumhdaítear faoi láthair leis an STFC seo.

Saintréithe na n-ithreacha éagsúla sa limistéar geografach, in éineacht leis an leibhéal íseal báistí, na teochtaí foircneacha agus an phríomhghaoth aduaidh, ar a dtugtar “cierzo”, cruthaíonn siad éiceachóras roghnaitheach ina bhfuil fíniúnacha á saothrú leis na céadta blianta, rud a fhágann go bhfuil táirge deiridh ann atá sonrach agus oiriúnaithe go huathúil don timpeallacht as a dtagann sé.

Tá na cineálacha a úsáidtear in oiriúint go maith do na dálaí ithreach agus aeráide atá ann cheana, as a dtagann roinnt fionta atá sonrach ó thaobh a n-airíonna fisiciceimiceacha agus céadfacha, a dhéanann na tréithe is mó a bhaineann leis na fionta a tháirgtear ó na cineálacha údaráithe.

FÍON

An bealach ina bhfuil na hithreacha éagsúla sa limistéar geografach tar éis éabhlóidí de réir shaintréithe sonracha an limistéir áitiúil, mar aon leis an aeráid agus na cineálacha éagsúla, tagann siad le chéile chun fionta dea-chothromaithe le cumhracht úr iontach a bhfuil struchtúr maith orthu le hiarbhlas fada a tháirgeadh.

FÍON LICÉIR

Tá fíon licéir mar chuid de stair na fíonóireachta sa limistéar geografach seo, a bhuíochas leis na dálaí aeráide le teochtaí arda i rith an lae agus le ganntanas báistí, rud a spreagann buaint siúcra an-ard, go háirithe i gcás fionta fómhair dhéanaigh.

FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN

Tá an próiseas fíoneolaíoch atá bunaithe ar an modh traidisiúnta á chleachtadh i bhfíonlanna sa limistéar ó thús an 20ú céad. Ligeann na teochtaí foircneacha agus saibhreas na hithreach aolchloiche cineálacha a fhás a chruthaíonn fionta tathagacha agus cothromaithe. Mar gheall ar an nganntanas báistí agus uaireanta sholas na gréine, bíonn neart alcóil nádúrtha ann, rud a chiallaíonn gur féidir fionta súilíneacha ar ardchaighdeán a dhéanamh leis na luachanna sonraithe maidir le cion alcóil.

FÍON LEATHSHÚILÍNEACH

Is ann don neart alcóil nádúrtha, aigéadacht éadrom agus déine na cumhrachta torthaíche a fhaightear i bhfionta leathshúilíneacha mar gheall ar uaireanta sholas na gréine a chumasaíonn nochtadh gréine optamach, in éineacht leis na difríochtaí follasacha i dteocht mar thoradh ar an aeráid ilchríochach sa limistéar agus an riosca íseal báistí agus na fionchaora ag aibiú.

FÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ

Mar thoradh ar an gcleachtas a bhaineann le moill a chur ar an mbuaint sa limistéar geografach do shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Cariñena” chun fionchaora ina bhfuil cion siúcra níos airde a shaothrú, cumhracht shaintréitheach de thorthaí aibí ag na fionta seo, chomh maith leis na nótaí ceannasacha milse nó teo mar gheall ar an gcion alcóil. Baintear an chothromaíocht sin amach trí na fionchaora a fhágáil sa ghrian le linn na tréimhse fada aibithe.

9. Coinníollacha breise fíon-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na lipéid tráchtála ó gach fíonlann chláraithe a chur in iúl don Bhord Rialála maidir leis na ceanglais atá liostaithe sa tsonraíocht táirge seo lena n-áireamh i gClár na Lipéad.

Ní mór ceann de na nathanna seo a leanas a phriontáil ar na lipéid:

“Denominación de Origen ‘Cariñena’” (téarma traidisiúnta de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013) nó “Denominación de Origen Protegida ‘Cariñena’”. Ní mór séalaí deimhnithe a bheith ar tháirgí atá ceaptha chun tomhaltais, arna n-uimhriú agus arna n-eisiúint ag an mBord Rialála. Ní mór iad a ghreamú ag an bhfíonlann chláraithe sa chaoi is nach féidir iad a athúsáid.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Baineann rioscaí do cháilíocht an fhíona le hiompar agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgthe. Is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú trí bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh.

Is oibríocht thábhachtach é buidéalú agus ní mór diancheanglais a urramú. Dá bhrí sin, ní mór buidéalú a dhéanamh sa limistéar a chríocheáitear sa tsonraíocht, d’fhonn na hairíonna fisiceimiceacha agus orgánaileipteacha go léir a chaomhnú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.aragon.es/documents/20127/60698006/Pliego_de_condiciones_DOP_Cari%C3%B1ena_vc_2022.pdf/4c84782b-a115-c455-0319-42216ec432da?t=1666097211187

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí

(2023/C 160/11)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

SONRAÍOCHT TÁIRGE MAIDIR LE SPEISIALTACHT TRADISIÚNTA RÁTHAITHE

“Twaróg wędzony”

Uimh. AE: TSG-PL-2779 – 29.6.2021

Ballstát nó tríú tír: An Pholainn

1. Ainm an táirge

“Twaróg wędzony”

2. Cineál táirge [mar atá sé in Iarscríbhinn XI]

Aicme 1.3. Cáiseanna

3. Na forais le clárú a dhéanamh

3.1. Maidir leis an táirge, cibé acu

- an eascraíonn sé as modh táirge, modh próiseála nó modh comhdhéanamh a chomhfhreagraíonn do chleachtas traidisiúnta maidir leis an táirge sin nó leis an mbia-ábhar sin nó nach n-eascraíonn;
- a tháirgtear ó amhábhair nó ó chomhábhair a úsáidtear go traidisiúnta nó nach dtáirgtear.

Is é atá in “Twaróg wędzony” (cáis ghrutha dheataithe)cineál speisialta cáise tí neamhaibí a bhfuil stair táirgthe traidisiúnta aici thart ar 40 bliain. Tugtar a tréith thraidisiúnta do “twaróg wędzony” leis an modh táirgthe, cuma, dath agus blas.

Tá an modh táirgthe bunaithe ar phróisis traidisiúnta:

- deatú te na cáise le deatach trí adhmaid ó chrainn dhuillsilteacha roghnaithe a dhó;
- sailleadh tirim na cáise nó tumadh na cáise faoi sháile.

Bíonn ról speisialta ag deatú sa phróiseas táirgthe. Is annamh a úsáidtear an modh seo le haghaidh cáiseanna (grutha) searbha a táirgeadh sa Pholainn, mar go ndéanann a gcion ábhair thirim réasúnta íseal an próiseas deataithe níos deacra. Is mar gheall ar dheatú agus sailleadh (ní cleachtas coiteann sa Pholainn é sailleadh cáiseanna grutha a shailleadh) a fhaigheann an táirge a bhlas sonrach agus a dhea-bholadh.

3.2. Maidir leis an ainm, cibé acu

- a úsáideadh go traidisiúnta é chun tagairt a dhéanamh don táirge sonrach nó nár úsáideadh;
- a shainithnítear saintréith thraidisiúnta nó saintréith shonrach an táirge leis nó nach sainithnítear.

Léirítear san ainm “twaróg wędzony” sainiúlacht an táirge atá mar thoradh ar an bpróiseas deataithe.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

4. Tuairisc

- 4.1. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm dá dtagraítear i bpointe 1, lena n-áirítear a phríomhshaintréithe fisiciúla, ceimiceacha, micribhithéolaíocha nó orgánaileipteacha a léiríonn saintréith shonrach an táirge (Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 ina leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014), anseo feasta Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún)

Is cineál speisialta cáise tí neamhaibí í “Twaróg wędzony” (cáis ghrutha dheataithe) i gcruth bloic bhig shorcóirigh de mhéachan 250 g go 300 g, nó i mbloc comhthreomharóide le méachan aonaid de 200 g go 300 g. Tá dath saintréitheach táirgí uirthi a dheataítear go nádúrtha ar adhmaid ó chrainn dhuillsilteacha (idir buí uachtarach agus donn éadrom). Déantar an cháis as bainne bó. I gcás “twaróg wędzony” spíosrach, bíonn cáithníní aramatacha (e.g. salann gairleoige, gairleog, piobar dubh, piobar, finéal, calaindí nó cuimín) le feiceáil ar dhromchla agus ar thrasghearradh na cáise. Tá an dáta dultha ó mhaith 30 lá ón dáta táirgthe.

Tá na saintréithe orgánaileipteacha agus fisiciceimiceacha seo a leanas ag “Twaróg wędzony”:

Saintréithe	Ceanglais
Blas agus boladh	Blas atá beagáinín géar, measartha goirt nó goirt, agus deataithe. I gcás ina bhfuil breiseáin (spíosraí) sa táirge, blas sainiúil na spíosraí a úsáideadh.
Uigeacht agus raimhre	Mais aonfhoirmeach, ceadaítear mais beagán briosc nó beagán crua; ceadaítear scoilteacha idir na gráinní.
Dath	Mais cáise a bhfuil dath idir bán agus dath an uachtair uirthi, dath an dromchla idir buí uachtarach agus donn éadrom, gan a bheith aonfhoirmeach
Aigéadacht ghníomhach (pH)	Nach lú ná 4.2
Cion salainn (%)	Le haghaidh táirge uath-fháiscithe: Nach mó ná 3.0 Le haghaidh táirge fáiscithe: Nach mó ná 2.0
Cion uisce (%)	Nach mó ná 70 %
Cion saille (%)	Le haghaidh táirge uath-fháiscithe: 17.0 ± 3.0 Le haghaidh táirge fáiscithe: 9.0 ± 1.5

Chomh maith lena bhlas agus boladh deatach a thabhairt don táirge, síneann an próiseas deataithe a dháta dultha ó mhaith, lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus cáiseanna (grutha) searbha eile. Tá sé seo mar thoradh ar an teocht mhéadaithe le linn an phróisis deataithe, an próiseas saille agus saintréithe an deataigh.

- 4.2. Tuairisc ar mhodh táirgthe an táirge lena mbaineann an t-ainm faoi phointe 1 is gá do tháirgeoirí a leanúint lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineál agus saintréithe na n-amhábhair nó na gcomhábhair a úsáidtear, agus an modh lena n-ullmhaítear an táirge (Airteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún)

CÉIM I

Amhábhair a fháil

Is é bainne bó amh an t-amhábhair do tháirgeadh “twaróg wędzony”.

Stóráil bainne amh

Is féidir an bainne a stóráil ag teocht faoi bhun 8 °C ar feadh uasmhéid 24 uair an chloig roimh an táirgeadh.

CÉIM II

Téamh an bhainne, díghású, lártheifneoirí agus caighdeánú na saille.

Déantar an bainne amh a théamh i dteasmhalartóir chuig teocht thart ar 65 °C, an pointe lena ndéantar é a dhíghású. Déantar an saille a scaradh ansin ag baint úsáid as lártheifneoir díbhealaitheora. Tar éis lártheifneoirithe, déantar cion saille an bhainne a chaighdeánú chuig íosmhéid 3.5 % le haghaidh táirgeadh “twaróg wędzony” uath-fháiscithe nó íosmhéid 1.6 % le haghaidh táirgeadh “twaróg wędzony” fáiscithe.

Paistéaradh an bhainne

Déantar an bainne a phaistéaradh ag teocht idir 74 °C agus 80 °C ar feadh 45 soicind.

Fuarú

Tar éis paistéartha, déantar an bainne a fhuarú chuig teocht thart ar 20 °C go dtí 30 °C, an teocht a úsáidtear chun an bainne a ionaclú nuair a bhíonn cáiseanna grutha á dtáirgeadh (féach céim III). Cuirtear an bainne i ndabhach grutha.

CÉIM III

Ionaclú

Cuirtear saothráin de bhaictéir mhéisisfileacha luchtacha leis an mbainne mar shaothráin tús gabhála. Ag brath ar shainiúlacht na saothrán baictéarach a úsáideadh agus an séasúr, déantar ionaclú ag teocht 20-30 °C, le teochtaí níos ísle sa samhradh agus teochtaí níos airde sa gheimhreadh. Déantar an bainne atá sa dabhach a mheascadh ar feadh 15 go dtí 30 nóiméad tar éis na saothráin a chur leis.

Téachtadh

Téachtann an bainne laistigh de 12 go dtí 18 n-uair an chloig, ag brath ar an teocht a cuireadh i bhfeidhm agus an cineál saothrán baictéarach a cuireadh leis. Leanann an coipeadh ar aghaidh go dtí go mbainfear amach pH níos lú ná 4.65. Déanann an cáiseoir measúnú ar a theinne sula ndéanfar an gruth a phróiseáil, agus briseann sé é de láimh. Má bhriseann an gruth go glan, tá sé réidh le gearradh, an chéad chéim táirgthe eile.

Próiseáil grutha

Déantar an gruth a ghearradh ina shlisíní go cúramach agus a chur i leataobh ar feadh roinnt nóiméad. Scaoiltear an meadhg ó dhromchla an ghrutha tar éis a ghearradh. Is é an chéad chéim eile sa phróiseas a bheith ag meascadh ar dhéine mhéadaitheach agus an gruth ag draenáil. Tosaíonn an téamh ag ráta méadaithe teochta tosaigh thart ar 1 °C go dtí 2 °C gach 10 nóiméad. Déantar mais an ghrutha a théamh go tipiciúil chuig thart ar 8 °C go dtí 10 °C os cionn na teochta ag a gcuirtear na saothráin leis (ionaclú). Measctar go rialta é le linn an phróisis téimh. Cinneann an cáiseoir cén uair stad a chur leis an bpróiseas téimh ar bhonn measúnaithe orgánaileiptigh ar an méid atá an grán grutha triomaithe. Fágтар an gruth ansin le suí ar feadh roinnt nóiméad chun an meadhg a dheighilt ón ngrán grutha (éiríonn na gráinní go dtí an dromchla, carnann an meadhg sa chuid íochtarach den dabhach). Tarlaíonn próiseáil an ghrutha idir 1 uair go leith agus 2 uair an chloig.

An meadhg a dhraenáil

Ag deireadh an phróisis téimh, baintear an meadhg i gcainníocht a chomhfhreagraíonn do 60 % den bhainne a úsáideadh do tháirgeadh.

Réamhdhraenáil agus doirteadh amach an ghrutha

Cuirtear an gruth i gcantaoir (i dtáirgeadh “twaróg wędzony” fáiscithe) nó i dtrealamh homaiginithe (i dtáirgeadh “twaróg wędzony” uath-fháiscithe) lena ndéantar an meadhg a dheighilt ó na gráinní grutha.

I gcás grutha a bhfuil breiseáin ann, cuirtear glasraí nó spíosraí leis ag an gcéim seo. Ceadáitear na breiseáin seo a leanas, leis na huasmhéideanna in aghaidh 100 kg den táirge críochnaithe léirithe i lúibíní:

- salann gairleoige (0.25 kg),
- gairleog brúite triomaithe (0.3 kg),
- piobar nádúrtha meilte nó brúite (0.3 kg),
- piobar measctha le luibheanna (0.5 kg),
- síolta finéil (0.5 kg),

- síolta cuimín (0.5 kg),
- púdar pairprice mhilis nó the (i gcodanna éagsúla, 0.8 kg san iomlán),
- síolta calaindí (0.25 kg).

Ní mór síolta cuimín nó síolta finéil a bhánú in uisce fiuchta sula gcuirtear leis iad.

Is féidir na breiseáin a mheascadh le chéile, agus sa chás sin déantar na huasleibhéil breiseáin in aghaidh 100 kg den táirge críochnaithe a shuimiú. Níor cheart meáchan iomlán na mbreiseáin a bheith níos mó ná 1 kg in aghaidh 100 kg den táirge críochnaithe.

Ag an tráth sin, is féidir suas le 1 kg salainn in aghaidh 100 kg den táirge críochnaithe a chur leis a ngruth. Má chuirtear salann gairleoige leis, níor cheart an méid salainn ag an gcéim sin den táirgeadh a bheith níos mó ná 0.75 kg per in aghaidh 100 kg den táirge críochnaithe.

Uain-fhásadh i múnlaí nó fásadh i bhfáisceáin

Do tháirgeadh “twaróg wędzony” féinfháiscithe i múnlaí: doirtear an grán homaiginithe isteach i múnlaí, a dhéanfar ansin iad a charnadh (curtha ar mhullach a chéile). I ndiaidh dóibh a dhraenáil ar dtús ar feadh tráth nach faide ná 30 nóiméad, castar na gruthanna réamhghoirmithe sna múnlaí agus déantar é a dhraenáil a thuilleadh den mheadhg i bhfuar-stóras.

I gcás “twaróg wędzony” fáiscithe, doirtear na gruthanna de láimh isteach in éadaí scagtha curtha ar mhullach a chéile faoi na fáisceáin. Déantar na sciartha a ullmhaíodh mar sin a fhásadh le fórsa thart ar 10 N/kg cáise, agus déantar an fórsa a mhéadú de réir a chéile go dtí 30 N/kg. Bíonn an tráth fáiscithe idir 30 agus 60 nóiméad, ag brath ar cé chomh tirim agus a d'éirigh an grán mar gheall ar an bpróiseas téimh. I ndiaidh fáscaidh, tógtar an cháis ó na héadaí scagtha agus gearrtar ina dronuilleoga í.

Ag an tráth sin, tugtar a gcruth críochnaitheach do na cáiseanna:

- i gcás gruthanna uath-fháiscithe, sorcóir le trastomhas thart ar 10 cm agus meáchan aonaid de 250 g go 300 g;
- i gcás “twaróg wędzony” fáiscithe, comhthreomharóid dhronuilleogach le méid an bhoinn thart ar 12 faoi 8 cm agus de mheáchan thart ar 250 g.

I ndiaidh uath-fháiscithe nó fáiscithe, ní mór cion taise den cháis ghrutha a bheith níos ísle ná 70 %.

Cuirtear an cháis ansin i bhfuar-stóras. Braitheann an tráth fuaraithe ar an am atá de dhíth don cháis teocht níos ísle ná 15 °C a bhaint amach, ach níor cheart dó 24 uair an chloig a shárú.

CÉIM IV

Sailleadh

Déantar an cháis uath-fháiscithe a shailleadh faoi sháile. Is féidir tuairisc a thabhairt ar “Twaróg wędzony” ansin mar “curtha i sáile”. Déantar a cháis a thumadh in umar sáile agus coinnítear ansin í ar feadh an ama is gá chun cion salainn thart ar 1.5 % a fháil, a bhíonn idir dosaen amháin nó roinnt dosaenacha nóiméad. Braitheann ré an phróisis saille ar chion shalainn an tsáile: dá airde an tiúchan, is giorra an tréimhse shaille. Ba cheart go mbeadh an cion salainn tosaigh thart ar 21 %.

Baineann sailleadh na cáise fáiscithe le salann a spré ar dhá thaobh na cáise go haonfhoirmeach agus a dromchla a chuimilt. Ní mór ansin an cháis a fhuarú agus a thriomú trí shreabhráta aeir go dtí teocht de 2 °C go 8 °C. Ní mór an cháis a chasadh agus í a fhuarú agus a thriomú.

CÉIM V

Deatú

Cuirtear an cháis ar thralaithe deatúcháin ar a bhfuil racaí pollta (leis an bpolladh is féidir leis an deatach dromchla na cáise atá i dteagmháil leis an raca a bhaint amach). Cuirtear na tralaithe ar a bhfuil an cháis i mbothanna deatúcháin a bhíonn lán de dheatach. Dóitear adhmaid feá agus fearnóige chun deatach a dhéanamh le linn deatúcháin: is féidir gineadóirí deataigh nádúrtha agus sliseanna adhmaid feá nó fearnóige a úsáid le haghaidh deatúcháin. Tarlaíonn an deatúchán ag teocht idir 40 °C agus 65 °C agus déantar é go dtí go bhfaightear dath tipiciúil an táirge chríochnaithe.

Fuarú

Iompraítear an cháis a deataíodh ar thralaithe ó na seomraí deatúcháin chuig fuar-stórais ar leithligh, áit a bhfuaraítear í go dtí faoi bhun 15 °C, de ghnáth ar feadh 12 go 24 uair an chloig.

CÉIM VI

Pacáistiú

Tar éis an cháis ghrutha dheataithe a fhuarú, déantar í a phacáistiú in atmaisféar modhnaithe (meascán de nítrigin agus dé-ocsaíd charbóin) nó pacáistíocht bhrú laghdaithe a úsáid.

Gníomhaíochtaí toirmiscthe sa phróiseas táirgthe:

- úsáid ullmhúcháin deataigh le haghaidh deatúcháin,
- deatú fuar na cáise.

4.3. *Tuairisc ar na príomhghnéithe lena mbunaítear saintréith thraidisiúnta an táirge (Airteagal 7(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún Uimh. 668/2014)*

Aireofar ar na príomhghnéithe lena gcruthaítear tréith thraidisiúnta an táirge na príomhghnéithe nár athraíodh, le tagairtí beachta dea-dhoiciméadaithe.

Táirge bainne atá i gcáis ghrutha (twaróg) ⁽²⁾ a táirgeadh sa Pholainn ar feadh na céadta bliain, bunaithe ar aigéadú bainne, a téamh ina dhiaidh sin, meadhg a dheighilt, agus fáscadh. Is táirgí tipiciúla thíortha lár agus oirthear na hEorpa cáiseanna grutha. Níl aon téarma coibhéiseach don téarma Polainnise “twaróg” i dteangacha na dtíortha in iarthar na hEorpa agus níl aithne ar cháiseanna grutha tipiciúla na Polainne sna tíortha sin.

Mar is léir ó leabhar Jan Licznarski *Serowarstwo* (“Cáiseoireacht”), a foilsíodh den chéad uair in 1922, ‘ó thús an tsaoil, tháirg Polannaigh i ngach áit nithe a dtugtar “gomółki” orthu ó cháis ghrutha agus thriomaigh siad iad chun “taiscf” a tháirgeadh. Is liathróidí nó cistí leacaithe iad “Gomółki” déanta as cáis ghrutha a triomaíodh chun iad a choinneáil ⁽³⁾.

Tharla forbairt táirgthe cáise sa Pholainn go príomha san 18ú agus sa 19ú céad, mar gheall ar imirce na lonnaitheoirí “Olender” (an t-ainm a tugadh d’inimircigh ón Ísiltír, an Phrúis agus an Ghearmáin), a thug tógáil eallaí ísealchríocha isteach i dteannta le teicnící éagsúla próiseála bainne agus cáiseoireachta. Bhí geilleagar muintir Olender bunaithe go príomha ar bha déiríochta a thógáil agus an táirgeadh déiríochta a bhaineann leis, go háirithe táirgeadh cáise.

Ní féidir a shéanadh gurb í cáis ghrutha an chéad táirge a rinneadh as bainne. Tá an cineál cáise seirbhe seo, an ceann is simplí a dhéanamh, agus is beag athrú a tháinig uirthi go dtí an lá inniu.

Is í an ghné is tábhachtaí chun tuiscint a fháil ar shainiúlachtaí cáiseoireachta san 18ú agus sa 19ú céad ná gur úsáideadh an téarma “twaróg” don táirge a fuarthas trí théachtadh aigéid (le baictéir choipthe lachtaigh dhúchasaigh nó tar éis aigéad a chur leis) agus an gruth a rinneadh é a dheighilt le cuidiú binide ó ghoilí laonna. Tugadh tuairisc ar an gceann deireanach sin mar “gruth bainne mhilis” ⁽⁴⁾.

Sa litríocht stairiúil, úsáidtear na téarmaí le haghaidh cáiseanna grutha agus cáiseanna binide go hidirmhalartach. Níl sé ach mar gheall ar na tuairiscí mionsonraithe maidir le déanamh na gcáiseanna agus na teicnící táirgthe a bhaineann leis go bhfuil faisnéis bheacht againn faoin táirge i gceist. Sa leabhar *Z badań nad pożywnością i smakiem sera Łowickiego (1880-1939)* (Maidir le taighde ar bhia mhuintir Łódź (1880-1939), atá i seilbh an Mhúsaem Seandálaíochta agus Eitneagrafaíochtúla i Łódź, tugann Jan Piotr Dekowski tuairisc ar ann teicneolaíocht chun “twaróg” nua-aimseartha a tháirgeadh, ag tabhairt tuairisc uirthi mar “cáis” a dhéantar ó bhainne a ghruthú agus an meadhg draenáilte as. Luann an t-údar freisin go ndearnadh an “twaróg” a tháinig as seo a shailleadh agus gur cuireadh spíosraí leis in amanna.

⁽²⁾ Leis an téarma Polainnise “twaróg” déantar tagairt do mhais cáiseine, téachta ag baint úsáid as an modh aigéid nó an modh aigéid binide agus triomaithe go hiomchuí, le cion uisce suas go dtí 65-75 %.

⁽³⁾ J. Licznarski, *Serowarstwo*, Vársá, 1922.

⁽⁴⁾ Ina leabhar *Teorya Gospodarowania Wewnętrzznego, czyli Zbiór Wiadomości potrzebnych gospodyniom, dla użytku Instytutów -eńskich* (“Teoiric Bainistíochta Inmheánaí – Bailiúchán faisnéise a theastaíonn ó mhná tí le húsáid ag institiúidí na mban”) a foilsíodh in 1837, déanann Antoni Waga tagairt ar na rudaí seo a leanas:

Tá na hiarrachtaí a bhí ann modhanna a aimsiú chun síneadh a chur le seilfré na gcáiseanna grutha trí iad a thriomú, a shailleadh, a dheatú agus a stóráil faoi dhálaí iomchuí tipiciúil don am a bhí ann. Is féidir linn freisin foirmeacha éagsúla d'úsáid chócaireachta an ghrutha a fheiceáil, a bhaineann go tipiciúil le salann, spíosraí agus glasraí a chur leis.

Is féidir teacht ar na chéad tagairtí don ghruth a dheatú (ar a dtugtar “cáis choiteann” an tráth sin) i leabhar Antoni Waga ó 1837 ⁽⁵⁾. Scríobhann an t-údar gur féidir leis an gcáis choiteann blas deas a fháil trí dheatú, rud lena gcoinnítear í ó mhúscán agus lobhadh freisin. Tugann sé rabhadh freisin in aghaidh an gruth a dheatú ag teochtaí ró-ard, a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le bolgáin a chruthú nó an táirge a dhíscaoileadh. Tá an barúil seo fós bailí; bíonn eolas teicneolaíochta ag teastáil chun an teocht iomchuí agus an tráth deataithe a roghnú. Ag an am sin úsáideadh craobhacha aithil. De réir mar a tháinig athrú ar theicneolaíocht áfach, cuireadh adhmaid ó chrainn dhuillsilteacha (feá agus fearnóg) in ionad an adhmaid sin. Dul chun cinn teicniúla ba chúis leis sin: tugann deatú adhmaid le húsáid cónaifeár blas searbh agus dath dorcha agus is é is cúis le substaintí slaodacha a dheascadh a bhíonn díobhálach do shláinte an duine.

Sa lámhleabhar a scríobh Tadeusz Obrusiewicz in 1971, dar teideal *Technologia mleczarstwa. Część II*. (Táirgí Déiríochta An teicneolaíocht. Cuid II), déantar tagairt do “twaróg wędzony” a táirgeadh ar bhealach lena gcuirtear síneadh lena seilfré agus lena dtugtar saintréithe nua, deasa orgánaileipteacha di.

Tá monarú tionsclaíoch cáiseanna grutha bunaithe ar na teicnící bunaidh a úsáideadh roimhe seo i dteaghlaigh agus i bhfeirmeacha beaga.

Cinntear saintréith thraidisiúnta theicníc táirgthe na cáise grutha leis na gnéithe seo a leanas ⁽⁶⁾:

- an cineál amhábhair: bainne bearrtha, cion saille bainne chaighdeánaithe;
- an méid cóireála teasa bainne: go ginearálta paistéaradh gearrthéarmach ag teocht thart ar 74 °C ar feadh dosaein soicindí nó idir 80 °C agus 85 °C ar feadh tréimhse idir roinnt soicindí agus dosaein soicindí;
- an modh frasaíochta próitéine (cáiséin go príomha): aigéadú indíreach trí aigéadú an bhainne (chuig pH thart ar 4.6) ag baint úsáid as baictéir choipthe lachtaigh;
- modh próiseála an ghrutha nó na maise gráinní téachta: méid, méid triomaithe agus raon athraithe i pH an ghráin;
- méid phróiseáil deiridh an ghrutha: draenáil, fáisceadh.

Chloígh an teicníc a úsáideadh chun gruthanna a dhéanamh le haghaidh “twaróg wędzony” le traidisiún a bhuí leis na gníomhaíochtaí teicniúla sonracha a dtugtar tuairisc orthu, mar shampla, i dTreoir Uimh. 342 ó 1976 maidir le táirgeadh cáis ghrutha neamhaibí, a d'eisigh Aontas Lárnach Chomharchumainn Déiríochta na Polainne:

- úsáid bainne le cion saille caighdeánaithe mar amhábhair,
- paistéaradh gearrthéarmach,
- téachtadh le haigéad lachtach a táirgeadh le baictéir choipthe lachtaigh – fad an phróisis idir 12 agus 18 n-uair an chloig,
- gearradh an ghrutha, meascadh agus téamh/triomú a ghráin,
- fáisceadh nó uath-fháisceadh na cáise.

Tugadh isteach an teicníc a úsáideadh chun an táirge ar a dtugtar “twaróg wędzony” a dhéanamh ar scála tionsclaíoch sna luath 1980idí. Tugadh tuairisc ar a teicníc i Lámhleabhar Teicniúil (Technical Manual) Uimh. 256/83 a d'fhoilsigh Aontas Cúigeach Chomharchumainn Déiríochta Poznań, agus leagadh síos na ceanglais cháilíochta i gcaighdeán monaraíochta Zn-83/CZSML/A-85, a foilsíodh in 1983 ag WZSML in Poznań. I bhfianaise saintréithe sonracha an gheilleagair lárphleanáilte, bhí feidhm leis an caighdeán seo maidir le ceardlanna ag táirgeadh “twaróg wędzony” ar fud na tíre. Go dtí seo, le táirgeadh “twaróg wędzony” cloíodh leis na prótacail teicniúla uile a leagtar síos sa lámhleabhar luaite thuas lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a bhaineann le sáilleadh agus deatú a thugann a shaintréithe sonracha don táirge.

⁽⁵⁾ *Idem*.

⁽⁶⁾ E. Pijanowski, J. Gaweł, *Zarys chemii i technologii mleczarskiej, tom III* (Breac-chuntas ar cheimic agus teicneolaíocht déiríochta, Imleabhar III), PWRiR, Vársá, 3ú eagrán arna leasú in 1986, lgh. 222-223.

Tá foinsí eile ina ndéantar tagairt do “twaróg wędzony” bunaithe ar an gcaighdeán monaraíochta agus an lámhleabhar teicniúil.

In alt dar teideal “Twarogi kwasowe – przetwórstwo” (‘Cáiseanna úra searbha – Táirgeadh’) a foilsíodh sa sain-nuachtán (*Przegląd Mleczarski*, 2008), luann an saineolaí Krzysztof Bohdziewicz, maidir le táirgeadh cáise grutha, go raibh sé mar an phríomhaidhm síneadh a chur le seilfré na cáise, ach, sa lá atá inniu ann is é an phríomhaidhm luach cothaitheach agus tarraingteacht tráchtála an táirge a mhéadú. Luaitear “Twaróg wędzony” a bheith, de réir bhrí an chaighdeán monaraíochta 1983 mar pháirt den chineál táirge seo. Déantar tagairt san alt freisin do shailleadh an táirge agus don fhéidearthacht a bhaineann le spíosraí a chur leis.

A mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta ar a dtugtar tuairisc sa lámhleabhar agus i gcaighdeán 1983, ceadaíodh dhá chineál saille roimh dheatú le blianta anuas: sailleadh tirim na cáise (le haghaidh cáiseanna fáiscithe) agus sailleadh trí thumadh faoi sháile (le haghaidh cáiseanna uain-fháiscithe). Leis an dá theicníc déantar tagairt do mhodhanna traidisiúnta táirgthe cáise (?). Le tabhairt isteach an modh saille trí thumadh faoi sháile feabhsaíodh caighdeán cháilíochta an táirge gan difear a dhéanamh ar shaintréithe an táirge deiridh.

Meastar go bhfuil deatú, i dteannta le sailleadh agus triomú, ar cheann de na modhanna is sine le bia a leasú. Sa lá atá inniu ann, agus na modhanna fuaraithe, reo, reothriomaithe, steiriliúcháin agus leasaithe in úsáid go forleathan chun bia a leasú, níl an tábhacht chéanna ag baint leis an bpróiseas deataithe mar mhodh leasaithe bia, cé gur neartaíodh a ról mar mhodh traidisiúnta maidir le bianna ullmhaithe a phróiseáil.

Déantar “Twaróg wędzony” a dheatú trí adhmaid ó chrainn duillsilteacha a úsáid. I dtáirgeadh tráchtála “twaróg wędzony”, déantar an deatach i simléar nasctha le píopaí deataigh chuig bothán deatúcháin iomchuí, áit a gcuirtear na cáiseanna grutha ar racaí speisialta. Cuireadh trealamh nua deataigh chun úsáide le blianta anuas, lena n-áirítear gineadóirí deataigh nádúrtha agus sliseanna deataigh feá agus fearnóige. Dá thoradh sin, d’éirigh an próiseas níos sábháilte, rud a cheadaíonn caighdeánú níos fearr ar an gcóras deatúcháin agus na saintréithe agus tréithe sonracha an táirge a chaomhnú ag an am céanna chomh maith leis an modh traidisiúnta deataithe the. Is é sin an modh táirgthe a úsáidtear faoi láthair.

Ar an mbealach sin, déantar nádúr bunaidh agus saintréithe sonracha an táirge a chaomhnú, ós rud é gur measadh go comhsheasmhach go bhfuil an próiseas saille grutha agus deatú te le hadhmaid ó chrainn duillsilteacha mar ghné bhunúsach de cháilíocht uathúil an táirge, rud ar a bhfuil an-mheas ag tomhaltóirí.

(?) E. Pijanowski, J. Gawel, *Zarys chemii i technologii mleczarskiej, tom III* (Breac-chuntas ar cheimic agus teicneolaíocht déiríochta, Imleabhar III), PWRiR, Vársá, 3ú eagrán arna leasú in 1986, lgh. 117-123.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)